

# Brisleach Mhór Mhaighe Muirtheimhne agus Deargruathar Chonaill Chearnaigh: Eagrán Criticiúil

Dhá Imleabhar  
(Imleabhar a Dó)



Lára Ní Mhaoláin, B.A.

Tá an tráchtas seo á chur faoi bhráid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad  
don chéim dochtúireachta

Scoil an Léinn Cheiltigh,  
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Co. Chill Dara, Éire.  
Ceann na Scoile: An Dochtúir Tadhg Ó Dúshláine

Stiúrthóir: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn  
Mí Iúil 2008

## Clár

<b>Imleabhar a Dó: Nótáí</b>	1
<b>Aguisín 1. Eagrán Dioplómaitiúil</b>	56
<b>Aguisín 2. Laoithe Breise</b>	135
<b>Innéacs Daoine agus Ainmhithe</b>	139
<b>Innéacs Áiteanna</b>	146
<b>Leabharliosta</b>	152

## **6. NÓTAÍ**

**Teideal:** Níl teideal ar an téacs in A, A1 ná A2. *Oidheadh Con cColainn siosionna* atá mar theideal in A3. *Breisleach Mhúighe Muirtheimhne et oighe Chon gCulóinn annso* atá mar theideal in B, agus *Bruisleach Mhaighe Muirtheimhne annso síos* atá in C. Maidir leis an dara cuid den téacs, *Deargruathar Chonaill Chearnaigh*, (féach §71 thíos), níl teideal in A, A1, A2, A3, ná B, agus níl briseadh idir an dá chuid den téacs (*BMMM* agus *DCC*) in A ná B, ach tá in A2, A3 agus C. *Deargruathar Chonaill Chearrnaigh* atá mar theideal in C.

**§1. dia dtángadar:** An tseanfhoirm *dia* atá anseo in A agus in A2. Tá *dá* in úsáid in B agus C. Seo an t-aon sampla amháin de sheanfhoirm an chónaisc sa téacs, agus tá sé spéisiúil go bhfuil sí le fáil ag túis an scéil. Seans gur faoi thionchar an tseanscéil a bhí mar eiseamláir ag an údar a tharla seo.

*cath Fionnchoradh:* Maidir leis an scéal seo, féach Dobbs 1923. Sa téacs seo againne deirtear gurb é Cú Chulainn a mharaíonn cuid mhaith d'fhir Éireann sa chath seo, ach ní luaitear Cú Chulainn san eagráin atá ag Dobbs. Féach an nota ar *chath Fionnchoradh* in §10 thíos freisin.

*cath Rois na Ríogh for Bóinn:* Maidir le scéal an chatha seo, féach Thurneysen 1921, 363-376; Mac Gearailt 1991.

*cath gáibhtheach Gáirighe:* Is é seo cath mór na Tána. Déantar tagairtí éagsúla dó in *Táin Bó Chuailnge [TBC]* (féach, mar shampla O'Rahilly 1961, línte 3780, 3800, 3940, 4498) agus tá an cath luaite ag O'Grady 1926, 397. Tá plé déanta ar

an logainm *Gáirech* in innéacs *TBC* (O’Rahilly 1961, 280); Hogan 1910, 434-435.

*nocha*: Maidir le córas na gclaochluithe tar éis *nocha*, féach **teanga** (3.3) thusa. Tá an fhoirm féin pléite in *DIL* (*nicon*); *SnaG* IV, 3.2c; *SnaG* III, 11.7; Ó Buachalla 1977; Ó Dochartaigh 1976.

*Cailitín gona sheachd macaibh fishead do thuitim leis*: Thuit Cailitín agus a sheachtar mac is fishe le Cú Chulainn in Táin Bó Cuailgne (féach O’Rahilly 1961, 81-83; 1967, 69-71). Luaitear Táin Bó Chuailgne in A2, féach fonóta 56 san eagrán criticiúil.

*d'aontoirbheart*: An tuiseal tabharthach uatha atá anseo i ndiaidh an réamhfhocail *de*. Ba fhocal baininsceach ó bhunús é *toirbheart*, ach rinneadh focal firinsceach níos deireanaí de freisin, mar atá sa scéal seo againne (féach *DIL* s.v. *tairbert*).

*Meadhbh Chruachan*: Tá foirmeacha éagsúla den logainm seo le fáil sa téacs. Tá *Cruachan* (§1) agus *Cruachna* (§§4, 6, 42) le fáil mar fhoirmeacha an ghnidigh uatha, agus *Cruachain* atá mar chuspóireach uatha (§§7, 8, 72) agus mar thabharthach uatha (§6). Maidir le foirmeacha an logainm seo, féach Ó hUiginn 1988.

*dá n-ionnsaigh[e]*: Tá dhá fhoirm ag an ainm briathartha seo sa Nua-Ghaeilge Mhoch, ceann a chríochnaíonn ar ghuta, i.e. *ionnsaighe* etc., agus ceann eile a

choinníonn an seandeireadh, i.e. *ionnsaighidh* etc. (féach *DIL* s.v. *indsaigid*). Baintear leas as giorrúchán don siolla deiridh seo sa chuid is mó de na foirmeacha atá sa lámhscríbhinn. De bhrí gur minice an guta deiridh, (15 sampla sa téacs, §§1, 8 x 2, 10, 13, 14, 20, 24, 30, 31, 33, 39 x 2, 97 x 2), seachas an deiridh *-idh*, (mar gheall ar chailliúnt an deiridh *-dh* sa teanga labhartha, b'fhéidir?) (3 shampla sa téacs, §§53, 57, 73) sna foirmeacha *plene*, is mar ghuta a scaoileadh an nod i ngach cás.

*déanaidh-se imtheachd*: An briathar *déan* atá in úsáid mar bhriathar cúnta sa chás seo. Tá roinnt samplaí eile de seo sa téacs: *[déanaidh] imtheachd* (§2), *déanaidh-se anmhain* (§33), *déanaidh éirghe* (§57), *déana oiriseamh* (§77), *déana imtheachd* (§90), *do-rónadh an ceann do nighe* , *do niamhghlanadh aca* (§90). Maidir le *déan* mar bhriathar cúnta féach *DIL* s.v. *do-gní* (iii).

*eirgidh*: Tá na foirmeacha *eirg-* agus *éirgh-* measctha sa téacs seo, agus i dtéacsanna eile na linne sin freisin (féach, mar shampla, Bergin 1930, 89). Tá na foirmeacha stairiúla den dá bhriathar tugtha ar ais agam tríd síos. Tá an dá cheann le fáil in *DIL* (*éirgid; téit*).

**§2. *ag foghl[aim] draoideachda* , *diabhlaideachda*:** Maidir le *ag + ainm briathartha* (sa tuiseal tabharthach, a éilíonn séimhiú ina dhiadhbh de ghnáth) + *séimhiú / gan séimhiú*, is é an nós is coitianta sa téacs séimhiú a úsáid, le 18 sampla (*ag caoineas chomhráidh* (§7), *ag cantain chiúil* (§31), *ag teilgean fhola* (§68); féach freisin samplaí in §§16, 31, 46, 72, 81, 84, 85, 92, 97 x 2, 99, 100, 105 x 2, 107 etc.), le hais 9 sampla gan séimhiú (*ag foghl[aim] draoidheachda* ,

*diabhlaideachda* (§2), *ag déanamh foghlama* (§7), *ag urghairdiughadh meanman* (§32); féach freisin §§22, 50, 60, 62, 87, 97). Is minic a úsáidtear séimhiú i ndiaidh *ag + ainm briathartha* i nGaeilge labhartha an lae inniu, féach Ní Dhomhnaill 1969-1970. Maidir le húsáid an tséimhithe le *ag + ainm briathartha* sna cánúintí, féach *SnaG VI* 8.51 maidir le Gaeilge na Mumhan, agus *SnaG VII*, 9.3 maidir le Gaeilge Chonnacht.

*i bhfochair Bholcáin Ghoibhneann:* Bolcán ('Vulcan'), dia Rómhánach na tine atá i gceist anseo.

*airm ghaisgidh:* Is comhfocal ó bhunús é seo (féach *DIL* s.v. *arm (cpds.)*), ach tá briseadh idir an dá fhocal sa lámhscríbhinn, agus tá guta caol (*airm*) agus guta leathan (*ghaisgidh*) ag teacht le chéile, agus is cosúil, mar sin, go bhfuiltear ag caitheamh leo mar dhá fhocal ar leith sa téacs.

*Laogh mhac Riaghabhra:* *mac Riaghabhra* de ghnáth a thugtar ar ghiolla charbad Chú Chulainn, (féach Thurneysen 1921, 91, 270), ach sa lámhscríbhinn seo agus in A2 baintear brí eile as na focail agus scartar an t-ainm seo go minic (*mac Rí an Ghabhra*). De bhrí go bhfuil *Riaghabhra* in úsáid i roinnt lámhscríbhinní eile (A3, B, C), agus gurb é an fhoirm chlasaiceach den ainm, is é a roghnaíodh le húsáid san eagráin criticiúil.

*ríghíolla:* Simpliú atá déanta ar an bhfoirm *ríghighíolla* anseo. Is gnách sa téacs an fhoirm *ri-* a úsáid thar ceann *rígh-* i gcomhfhocail ina bhfuil consan caol ag teacht ina dhiaidh (*ritheach* (§6), *rímhílidh* (§§59, 74, 97), *rífhleadh* (§59)). Níl

ach aon sampla amháin de *rígh*- agus tá guta ag teacht ina dhiaidh sa chás seo (*rígheach* (§2)). I gcomhfhocail ina bhfuil consan leathan ag teacht ina dhiaidh, úsáidtear na foirmeacha *ríogh*- (3 shampla – *rioghbhruidhnibh* (§59), *rioghlaoch* (§§83, 97), agus *río*- (dhá shampla – *ríoubhall* (§59), *rioláirg* (§62)).

**§3.** *Atáid sunna bhur [n-ai]rm áigh:* Tá cur síos ar an meadaracht le fáil in **filíocht (4.3)**.

*Do-f[h]aoth:* An tríú pearsa uatha, aimsir fháistineach den bhriathar *do-tuit* atá i gceist (féach *DIL* s.v. *do-tuit*). *Do-saoth* atá in A, ach is cosúil gur botún é a rinne an scríobhaí ag an bpointe sin agus tríd síos, nuair a meascadh *f* agus *s*. *Tuitfidh* atá i líne 1C sa laoi i roinnt lámhscríbhinní (A2, A3, C, ar iarraidh in B), ach tá *do-f[h]aoth* iontu freisin i líne 3A (lsí. A2, A3, *tuitfidh* in B, C). Ar a bhunús sin, baineadh úsáid as *do-f[h]aoth* sa dá chás.

*lé cur gcath:* Glacaim leis gur lé < fri atá anseo agus go gcuireann an réamhfocal aidhm in iúl; cf *DIL* s.v. *fri*.

*Anmann:* An t-ainmneach iolra den ainmfocal firinscneach *ainm* atá anseo (féach *DIL* s.v. *ainmm*), arbh fhocal neodrach ó bhunús é. *Anma / anmanna* atá mar fhoirmeacha an ainmnigh iolra in *SnaG* (IV, 4.21). Tá *anmanna* in úsáid in aon sampla amháin sa téacs (§88), agus is í atá in úsáid sa dán seo i lámhscríbhinní eile [féach na léamha malartacha]. Dá nglacfaí leis na léamha sin, áfach, bheadh rófhad sa líne. Is léir gur baineadh leas anseo as an tseanfhoirm ar mhaithe leis an meadaracht.

[*Do-f[h]aoth libh an cù cruadhach*]: Roghnaíodh léamh A3 thar léamh A, (*do saoth libh an cù cuanna*) sa chás seo de bharr gur fearr a shásáonn sé riachtanais na meadarachta trí chomhardadh rinn:airdrinn a dhéanamh idir *cruadhach* agus *cathbhuaadhach* i líne 3B den laoi. Tacaíonn na lámhscribhinní eile le léamh A3 (*do fhoeth libh an cu cruadach* in A2, *tuitfidh libh an cù curadhach* in B, *tuitfidh libh an cù cruadach* in C).

§4. [*glórайдhe*]: Ní léir dom brí an fhocail *gléanúidhe* atá in A. Níl an fhoirm seo le fáil in *DIL* ná in *FGB*. Ta seans maith gur chomhfhocal de *glé* ‘clear, bright’ agus *nú(a)idhe* ‘new, fresh, vigorous’, atá i gceist, agus a bhfuil an bhri ‘clear and fresh’ nó a leithéid ag baint leis. Ós fearr a thiocfadh léamh A2 leis an gcomhthéacs, is é atá roghnaithe agam anseo.

*ro-thurnasdair*: Go foirmeálta, an tríú pearsa uatha, aimsir chaite den bhriathar atá anseo (-(e)asdair atá ceadaithe mar fhoirm an tríú pearsa uatha, maille le – (e)asdar, de réir *SnaG* (IV, 7.16)), ag tagairt don chnuasainm *Clann Chailitín*. Bíodh go bhfuil a leithéid sin inghlactha ó thaobh na gramadaí, is nós é ag an scriobhaí an tríú pearsa iolra a usáid leis an gnuasainm seo (is minic a bhualtear leis an iolra sa tSean-Ghaeilge chomh maith). Féach, mar shampla:

*do ghluaiseadar Clann Chailitín §2*

*ro cheileabhradar Clann Chailitín §4*

*tángadar Clann Chailitín §7*

*do imthigheadar Clann Chailitín §23, §29*

*do dhealbhadar Clann Chailitín §25, §32*

*Do thionóileadar Clann Chailitín* §32

*do thóbhadar Clann Chailitín* §32

*muna bheidis Clann Chailitín* §50

*tugadar Clann Chailitín* §58

I gcás eile fós, tá foirm uatha den déanamh céanna in úsáid aige le hainmní san uimhir iolra, féach *do mhúcasdair* (ainmní = *na gáirthe-se*) in §20. Tá seans gur briathra sa tríú pearsa iolra leis an deireadh *-s(e)ada(i)r* a bhí anseo sa bhuntéacs ach gur meascadh seo leis an uatha ag státse éigin den seachadadh. Féach gur foirmeacha iolra de na briathra atá sna lámhscríbhinní eile sa dá chás seo (A2 = *toirneadar*, B, C = *rangodar* §4; A2 = *mhuchatar*, B = ar iarraigdh, C = *mhuiughsiod* §20). Maidir le réiteach idir ainmní agus briathar, féach *SnaG* IV, 7.30.

**§5. Dia bhur mbeatha, a sheisear saor:** Tá cur síos ar an meadaracht le fáil in **filíocht (4.3).**

*a sheisear shaor:* De ghnáth, is ionann foirm an ghairmigh agus an ghnidigh uatha, ach is cnuasainm é seo, agus mar sin, is ionann foirm an ghairmigh agus foirm an ainmnigh uatha (féach *SnaG* IV, 4.12).

*[Bhur n-]athair-se [niorbho lag]: nocharbh olc* atá ag deireadh na líne seo in A, ach roghnaíodh léamh A2 mar is fearr a shásáíonn sé riachtanais na meadarachta.

[Cá hoideadha badh r]éidh roinn / Aga bhfuarabhair foghlaim: ‘From which teachers whose sharing was easy / Did you get your learning’.

[Ár n-oideadha in Albain tsoir]: Roghnaíodh léamh B sa chás seo mar tá deacracht ag baint le léamh A (*Is é ár n-oide-ne in Albain*). D’fhéadfai glacadh leis gur iolra ‘íseal’ atá in *oide* in A (féach *SnaG* IV, 4.13), ag tagairt do *Curas agus Ceann Campuir* i líne 5B, ach tá an forainm sa tríú pearsa uatha firinsneach (é) in úsáid nuair a bheifi ag súil leis an uimhir iolra. Ní móide gur faoi thionchar na foirme Sean-Ghaeilge, *it é*, (féach *GOI* 484, §792), atá an botún seo ann. Is é is dóiche a tharla go ndeachaigh líne 5C mar a bhfuil an fhoirm uatha *oide*, i bhfeidhm ar líne 5A.

*Curas et Ceann Campuir, Sreamadh Freamadh mhac Fiodhoigh, Giobha is Gabha mhac Faghuil, Casal Figheadh mhac Faghoil, Musgalach, tíribh Colach:*  
Níor éirigh liom teacht ar thagairtí do na daoine seo i bhfoinsí eile. Gach seans gur cumadóireacht de chuid an scéalaí atá iontú.

Maidir le *mhac*, ní bheadh *mac* faoi shéimhiú ó thús ach amháin sa tuiseal tabharthach uatha. Tá ginearálú déanta ar an séimhiú, áfach, agus is minic a bhíonn *mac* faoi shéimhiú sa téacs gan an tuiseal tabharthach a bheith i gceist. Maidir le *mac* faoi shéimhiú i nGaeilge an lae inniu, féach Ó Máille 2002, 18. Tá plé déanta ar an nós in Bergin 1970, 288 n. 9 chomh maith.

*Meidia*: Cuireann an dara siolla den ainm seo dúnadh ar fáil (*dia*). Is caractar i miotaseolaíocht na Gréige í Medea. Is iníon an rí *Aietes* í a bhfuil cumhachtaí draíochta ag baint léi. Is é *Helios*, dia na gréine, a seanathair. Titeann sí i ngrá le

Jason agus cabhraíonn sí leis Lomra an Óir a fháil óna hathair. Éalaíonn siad le chéile agus beireann sí beirt mhac a mharaíonn sí ar deireadh chun díoltas a imirt ar Jason mar gheall ar a mhídhilseacht di (féach Blondell, Gamel, Sorkin Rabinowitz & Zweig 1999, 147-216).

§7. *Lughaidh mhic Con Raoi*: Tá an fhoirm ‘tháite’ den ainm seo in A, A2, A3, B, C (*Lughaidh mac Conraoi*), ach tá an fhoirm chlasaiceach den ainm tugtha ar ais agam san eagrán criticiúil. Maidir le Lughaidh mac Con Raoi, féach Thurneysen 1921, 438, 548-550, 557.

*Chon gCulainn*: Is iad na foirmeacha den ainm seo de réir na staire ná: *Cú Chulainn* (ainm. u.), *Coin gCulainn* (áins. u.), *Con Culainn* (gin. u.), *Coin Chulainn* (tabh. u.), ach is minic a mheasctar na hathruithe tosaigh ar *Culainn* in A agus i bhfoinsí eile den tréimhse seo, (mar shampla, Bergin 1930, 82).

Sa chás seo, *Chon gCulainn*, ní bheifi ag súil le hurú de réir na staire, ach is gnách urú a bheith ann sa téacs tar éis an ghinidigh uatha *Con*. Níl ach dhá shampla den ainm seo sa tuiseal ginideach uatha nuair nach leanann urú é, *Chon Culainn* (§89), agus *Chon Chulainn* (§93). Is díol spéise gur san fhilíocht atá an dá shampla seo.

Maidir leis na tuisil eile, is minic a úsáidtear foirm an chuspóirigh nuair a bheifí ag súil leis an tuiseal tabharthach, mar shampla, do *Chon gCulainn* (§§11, 12, 13, etc.). Níl foirm an tabharthaigh (*Coin Chulainn*) le fáil in áit ar bith sa téacs.

Úsáidtear foirm an ainmnigh mar chuspóir díreach an bhriathair i ngach cás sa téacs (ní rugadar *Cú Chulainn* leó (§23), an dtugabhair *Cú Chulainn*

*chugainn* (§29), *beirid Cú Chulainn leó* (§30), etc.). Úsáidtear foirm an chuspóirigh le réamhfhocail amháin (go stairiúil, foirm an chuspóirigh atá i gceist, ach ón uair go bhfuil an cuspóireach agus an tabharthach measctha, b'fhéidir go bhféadfaí ‘réamhfhoclach’ a thabhairt ar an bhfoirm seo). Féach foirmeacha an fhocail *cú* in *DIL*, s.v. *cú*.

§8. [*an sluaghadh*]: Léamh A2 atá in úsáid anseo, is í an fhoirm is coitianta den fhocal seo tríd an téacs ná *sluaigheadh*, le 6 shampla. Seo an t-aon sampla amháin den tseanfhoirm le litriú leathan, ach tá an dá cheann ceadaithe (féach *DIL* s.v. *slógad / slúagad*).

*Maicniadh mhac Finn*: Tá teacht ar an duine seo in Thurneysen 1921, 345, 559, 562 f., 566 (672).

*Eirc mhic Cairbre*: Maidir le hEarc mhac Cairbre, féach Thurneysen 1921, 125, 365, 547-549, 557.

*do imigh*: Dhá fhoirm atá ag an mbriathar seo sa scéal, *imigh* agus *imthigh* (§20). Tá cúig shampla de *imthigh* agus cúig shampla de *imigh* sa téacs.

*trí lá 7 teóra hoidhche*: ‘Three days and three nights’. Nós na Sean-Ghaeilge atá fós in úsáid anseo. Tá infhilleadh ar an uimhir trí, an fhoirm bhaininscneach san uimhir iolra atá i gceist.

§9. *is i slighe do ghabhsad tar Magh Cruinn...crioch Chruithneach* , *Chearmna* , *Chuailgne* , *Chnódhbha*: Maidir le rithlearga atá bunaithe ar fhoirmí dinnsheanchais, féach Baumgarten 1986-7; Ó hUiginn 2007.

*Fionn mhac Lonchraois, Dubh mhac Lonchraois, Caibhdean mhac Lonchraois:* Ó tharla nár tháinig mé ar fhianaise do na hainmneacha seo in áit ar bith eile, glacaim leis gurb as na logainmneacha a cumadh na pearsana. Maidir leis na hainmneacha agus logainmneacha eile san alt seo, féach **an t-innéacs daoine agus áiteanna**.

*Dubhloingeas*: Féach Thurneysen 1921, 344; *DIL* s.v. *dub*.

*Cormac Conloingeas*: Maidir leis an bpearsa seo, féach Thurneysen 1921, 341-344, 669; Toner 1991, 2007, 7-28.

*Ceas Naoidhean*: Féach Thurneysen 1921, 359-363, 382, 667; Ó Broin 1961-63, 1967-68, 1969-70; O’Rahilly 1974.

§10. *Leabharacham*: Maidir leis an duine seo, féach Thurneysen 1921, 95, 138, 548.

*is eisean do mharbh Fionn mhac Rosa .i. ri Laighean i gcath Fionnchoradh* , *is é fós [do] mharbh Fraoch mhac Fiadhlaigh* , *Glanbhuinne gusmhar gaingbheódha na Gamhanraighe maille ris san chath chómór chéadna* , *do thuit leis san ló chéadna* [*Dearca mhac Con Raoi*] , *drong mhór do mhaithibh Mumhan iona*

*thimcheall:* Ní réitíonn an t-eolas seo leis an eagrán atá ag Dobbs 1923. Ní luaitear Cú Chulainn mar charachтар sa scéal san eagrán seo. Féach an nóta ar *cath Fionnchoradh* in §1 thusas freisin.

*Fraoch mhac Fiadhlaigh , Glanbhuinne gusmhar gairgbheóda na Gamhanraighe:* Maidir le Fraoch mhac Fiadhlaigh, féach Thurneysen 1921, 248, 285-300, 335, 669; Meid 1974. Níor tháinig mé ar an ainm Glanbhuinne, ná ar a mhalairtí (*Garbhach* in B, *Garbhuiinne* in C). Níl tagairt do Ghlanbhuinne in A2, an léamh atá ann ná: *Froech mac Fiadhlaigh .i. ri gusmhar gairgbheoda na Gamhanradh.*

*Dearca mhac Con Raoi: Connraighe* atá in A. Is litriú foghrúil é ar an ainm *Con Raoi*; tá an tseanfhoirm tugtha ar ais agam anseo.

*Cú Raoi mhac Dáire:* Maidir le bás an laoich seo, féach Best 1905.

**§12. *Conchubhar , Chatfhadh:*** Leanann séimhiú , anseo. Ní nós coitianta é sa scéal, seo an t-aon sampla amháin atá sa téacs. Maidir le séimhiú i ndiaidh , féach *DIL s.v. ocus 2.*

*an Dubh Saoileann:* Is é *an Dub Sainglend* an chéad fhoirm den ainm a tugadh ar each Chú Chulainn (féach *DIL s.v. dub*; Thurneysen 1921, 91), ach d'athraigh an fhoirm le himeacht ama (*an Dubh Saoileann*, féach Thurneysen 1921, 561).

**§13.** *Cathfadh*: *Cathub* a bhí mar bhunainm an draoi i dtréimhse na Sean-Ghaeilge; glacadh le foirm an ghinidigh *Cathbad* (féach O'Brien 1962, 538) mar ainmneach ina dhiaidh sin. Glacaim leis gur litriú atá bunaithe go pointe áirithe ar an bhfuaim atá in *Cathfadh*. Tá sampla eile den nós céanna in §42 i léamh A (a thugtar sna léamha malairteacha): *doilfe* in ionad *doilbhthe*. Maidir le -*thbh-* / -*bhth-* > -*f-* féach *SnaG* IV, 2.11 (1).

*nach*: maidir leis na claochluithe tosaigh a leanann *nach*, féach O'Rahilly 1932, 39-44; Ó Súilleabháin 1945-1947 [1948], 63, agus **teanga (3.3)** thuas.

*imeirt*: Tá sé de nós ag an scriobhaí -*ei*- a scriobh in áit -*i*- in amanna sa téacs, mar shampla, *imeirt* (§13), *thuirleingfead* (§71), etc.

**§§13-14.** *Sgéala Chonchubhair go nuige sin...Iomthúsa bhfear nÉireann*: Is gné stíle choitianta í sa téacs briseadh a bheith idir chodanna éagsúla den scéal. Feicimid an fhoirmle chéanna in:

§30. *Iomthúsa Chonchubhair*

§§31-32. *A n-iomthúsa go nuige sin...Iomthúsa Chloinne Cailitín*

§65. *Iomthúsa Laoigh*

§§70-71. *A n-iomthúsa go nuige sin...Dála bhfear nÉireann*

§§72-73. *A n-iomthúsa go nuige sin...Iomthúsa Eimhire*

§95. *Iomthúsa Chonaill*

*i Magh Muirtheimhne*: Is í *maigh* foirm an tabharthaigh uatha ó thaobh na staire de (féach *DIL* s.v. *mag*). Tá foirm an chuspóirigh (*magh*) agus an tabharthaigh

(*maigh*) measctha le chéile anseo, agus in ocht sampla eile sa scéal (*ar an magh* (§§69, 77, 101), *ar Magh Muirtheimhne* (§§73, 88), *san magh* (§83), etc.), ach an fhoirm stairiúil is coitianta, le deich sampla (*i Maigh Muirtheimhne* (§§22, 63, 76), *ar an maigh* (§§82, 84 x 4, 97), *isan maigh* (§84)). Maidir le *i Maigh Muirtheimhne*, bheifi ag súil le séimhiú ar *Muirtheimhne* mar leanann sé ainmfocal sa tuiseal tabharthach uatha, ach ní shéimhítéar i gcás ar bith é.

**§15.** *ar*: maidir leis na claochluithe tosaigh a leanann *ar*, féach **teanga (3.4)** thuas.

[*dá chaitheamh*]: *do chathaibh* atá in A ach tugann léamh A3 ciall níos fearr. Tá seans gur baineadh úsáid as *do chathaibh* in A faoi thionchair an mhéid atá ag teacht ina dhiaidh (*do shluaghaibh* ⁊ *do shochraidibh*..).

**§16.** *buaine bladh ioná saoghal*: Seanfhocal is ea é seo a bhfuil teacht air i bhfoinsí eile freisin, féach *DIL* s.v. *bladh*.

*do dhealbhadar Clanna..Cailitín*: Seo an t-aon sampla amháin den fhoirm *clanna* a bheith in úsáid sa téacs próis. Tá sampla amháin eile i bhfiliocht an téacs (§3), ach seans maith gur ar mhaithe leis an meadaracht é. Is gnáthaí go mór an fhoirm uatha *clann* (27 sampla).

**§17.** *A dhearbhráthair Dheitchine*: Tá cur síos ar mheadaracht na laoi seo in **filiocht (4.3)**. Maidir le Deichtine, máthair Chú Chulainn atá i gceist agus tá stádas aici mar bhean nó mar dheirfiúr Chonchubhair i bhfoinsí áirithe. Tá teacht

ar fhoirmeacha éagsúla dá hainm sa téacs seo agus go ginearálta. Tá *Deichtine*, *Deichtire*, *Deichter*, *Deicteir*, etc. le fáil in *DIL* (féach *Deichtine*). Maidir leis na foirmeacha éagsúla den ainm mar atá siad sa téacs seo againne, féach **An Innéacs Daoine agus Ainmhithé**.

*Taidhbhse na Cruthantuaithe*: *Cruitheantuath* a bhíonn mar fhoirm an ainmfhocail seo de ghnáth, cé go bhfuil sampla amháin de *Cruthantuath* in *DIL* (féach *Cruithen*). An fhoirm leathan amháin atá le fáil sa téacs le dhá shampla (*Taidhbhse na Cruthantuaithe* (§17), a *Cruthantuath* (§22)). Tá sampla amháin den fhoirm *Cruthaintuaith* freisin le fáil san fhilíocht (*i gCruthaintuaith* (§21)).

*Achd saobhshluagh siabhra*: Maidir leis an bhfocal *siabhra*, is éard atá sa lámhscríbhinn ná *siabhr* agus giorrúchán ina dhiaidh (líne agus ponc os a chionn) a sheasann do ghuta agus consan faoi shéimhiú, de ghnáth. Tá samplái, áfach, ina seasann sé do ghuta glan (féach an nóta ar *dá n-ionnsaigh[e]* in §1 thuas, mar shampla). Roghnaíodh an léamh seo toisc go ndéanann sé comhardadh maith le *diamhra* i líne B. D’fhéadfaí *siabhradh* (an ginideach iolra) a léamh freisin, ach déanann *siabhra* comhardadh níos fearr.

*Nocha sluagh óg ildealbhach*: Glacaim leis gur aidiacht atá i gceist in óg, agus nach ainmfocal sa ghinideach iolra é, mar nach leanann urú é sa lámhscríbhinn seo ná in A2 ná A3. Ó tharla nach mbíonn urú seasmhach i ndiaidh an ghinidigh iolra sa téacs, áfach, (*Cosair deich gcéad méidheadh fear* (§106), mar shampla), d’fhéadfaí óg a léamh mar ainmfocal sa ghinideach iolra a bhfuil an bhrí ‘warriors’ ag baint leis.

**§18.** *do-chonnairc groigh mheic Lir, do-chualaidh cruit mheic Mannoir:* Tá plé cuimsitheach ar na geasa seo, agus ar gheasa go ginearálta in O’Leary, 1988.

*do athain: do aithin* atá in A2, B, C anseo ach *do athain* atá in A. Tá fianaise ar *athain* in *DIL* (s.v. *aithnid 2*), agus mar sin, tá léamh A in úsáid sa téacs.

**§19.** *Do coilleadh mo gheasa féin:* Tá cur síos ar an meadaracht le fáil in **filíocht (4.3).**

*Dar liom-sa do-chualaidh sinn:* An fhoirm scartha den bhriathar (*do-chualaidh sinn*) atá in úsáid anseo. Tá plé déanta ar úsáid an fhoraínm phearsanta mar ainmní an bhriathair in *SnaG IV* 9.1, agus sna nótaí ar an teanga thuas.

*Dár thuit Fear Diadh liom san treas:* Is tagairt í seo don scéal *Comhrac Fhir Diad* ⁊ *Chon cCulainn* in *TBC*, féach O’Rahilly 1961, 83-110; 1967, 71-100; 1976, 78-95.

**§20.** *fuinche:* ‘scaldcrow’. Is focal fileata é seo atá san filíocht agus in *Bérla na fileid* (féach *DIL* s.v. *fuinche*).

*A Chuagáin Mhuirtheimhne:* Seo an chéad sampla d’fhilíocht i bhfoirm roisc sa scéal, féach freisin §§37, 39, 57, 75. Tá plé ar an rosc seo in **filíocht (4.3)**.

*Is comhaois a gcoimhleanmhan:* Glacaim leis gurb é an focal *comadais* atá i gceist (féach *DIL* s.v. *comadas*). Tá an leagan gan an -d- lárnach le fáil in *DIL* freisin (s.v. *comais* 2).

*Ar ghairbhgleó námhad móradhbhal:* Glacaim leis gur ginideach iolra atá in *námhad*, agus an bhrí a bhaineann leis an abairt ná ‘Against the fierce shouting of very large enemies’.

*Is trom liom bheith:* Bíonn séimhiú ar *bheith* i gcónaí nuair is foirm neamhspleách í sa téacs (*Is leat ro budh mionca bheith go neamhgháibhtheach* (§39), *Is maith do dhlighe Lughaidh mhac Con Raoi bheith ag ciorr bhadh Chon Culainn* (§81), *atá ag briseadh mo chroidhe im chliabh bheith ag éisteacht* (§92)).

*ór:* *óir* atá in A2, B, C, ach tá fianaise ar *ór* mar fhoirm eile an chónaisc seo in *DIL* (*ór*). Tá na *uair* agus *ór* measctha, ach is í *ór* an fhoirm is sine de réir *DIL* (féach *úar* 2).

*do mhúchasdair:* Féach an nóta ar *do thurnasdair* (§4), thusa.

**§21. Gáir na sluagh um theaghlaigh dTeamhra:** Tá cur síos ar an meadaracht le fáil in **filiocht (4.3)**.

*Atú-sa aniu i meirtin mheabhlá:* *aniogh* atá in A, ach d'fhágfadh sin rófhad sa líne. Tugann an mhalaírt *aniu* atá in A2 an líon ceart siollaí. Tá an bhéim ar an dara siolla in *aniu* agus tá an guta *-sa* báite roimh *a-* mar sin.

*Gonam torrachd dubhshluagh Eamhna:* Léamh A2 atá in úsáid anseo. *Gonum torrachd dubhshluagh d'Eamhna* atá in A, ach tá fadhb leis an líne seo. Ní bheifi ag súil leis an bhfoirm ghnidigh *Eamhna* tar éis an réamhfhocail shimplí. Tá *Emnae* mar thuiseal ainmneach le fail sa téacs Sean-Ghaeilge *Immram Brain* (Mac Mathúna 1985, 287, 295), ach is cosúil gur áit sa saol eile seachas Eamhain Mhacha atá i gceist sa téacs sin.

**§22. seacha:** Is dobhriathar é seo, féach *DIL* s.v. *sech 1(b)*. Is forainm réamhfhoclach tríú pearsa uatha neodrach ó bhunús é.

*ag an mbréagshluagh mbeaganbhann cleasbhuaidheartha Chloinne Cailitin:* Is díol spéise é an t-alt a bheith anseo nuair atá ainm dílis sa tuiseal ginideach ina dhiaidh, ach tá samplaí den nós seo, maille le plé ar an alt + ainmfhocal + ainm dílis sa tuiseal ginideach in Ó Gealbháin 1991, go háirithe lch. 140-141. Tá teacht ar an nós seo i dtréimsí na Sean- agus na Meán-Ghaeilge chomh maith.

*dod furtachd , dod fóirithin:* Bheifi ag súil le séimhiú ar *furtachd* agus ar *fóirithin* anseo tar éis na haidiachta sealbhaí *do*, féach mar shampla:

*dod chealgadh , dod chomhbuaidhreadh §16*

*dod thuitim leó §22*

*dod chabhair-se §22*

*dod bhunadh, dod bhuaingéalaibh* §22

*'gad mheasgadh, gad mhór bhuaidhreadh* §22

*dod mhilleadh, dod mhóirmhealladh* §38

Tá an lámhscríbhinn soiléir anseo, ach leanann séimhiú an aidiacht shealbhach sa chás seo sna lámhscríbhinní eile.

*le feillcheardaibh fallsa fíor ghráonna: le feillcheardaibh fhallaí fíor ghráonna* atá in A anseo ach ní léir dom bunús an tséimhithe i ndiaidh an tabharthaigh iolra, agus mar sin, baineadh amach é ar fhianaise na léamha malairteacha.

**§23. maithe bhfear nÉireann:** ní bheifí ag súil le hurú ar an bhfocal *fear* anseo, ach is minic sa téacs seo a uraítar é nuair a thagann sé roimh *nÉireann*. Tá Éireann faoi urú toisc go bhfuil focal sa tuiseal ginideach iolra ag teacht roimhe, agus is cosúil gur faoi thionchar an urraithe ar *Éireann* a uraítar *fear* roimhe. Tá 17 sampla de seo sa téacs (*d'ionnsaighe bhfear nÉireann* (§§27, 33), *d'fhios bhfear nÉireann* (27), etc.), le hais ceithre shampla gan aon athrú tosaigh (*do tsochadhaibh fear nÉireann* (§44), *d'ionnsaighe fear nÉireann* (§50), *do dhaosgarluagh fear nÉireann* (§60), *do chollaibh fear nÉireann* (§77)). Tá naoi sampla de shéimhiú ar *fear* sa chomhthéacs céanna (*do rothaoiseachaibh fhear nÉireann* (§1), *go longphort fhear nÉireann* (§83), *d'ionnsaighe fhear nÉireann* (§§53, 55, 57), etc.). Féach freisin ainm an scéil *Forbhais bhFear bhFálgha* agus an plé atá déanta air in Bergin 1930, 82.

**§24. ar ingheanaibh ríogh , taoiseach Uladh:** Bheifi ag súil le hurú ar *Uladh* mar is ainmfhocail sa ghinideach iolra iad *ríogh* agus *taoiseach*, ach ní mar sin atá sé sa lámhscríbhinn seo againne, ná in A3, B, ná C, agus tá sé ar iarraigdh in A2. Maidir le hurú i ndiaidh an ghinidigh iolra, féach *GOI* 148, §237; *SnaG* IV, 3.3. Tá sampla eile den ghinideach iolra gan urú ina dhiaidh in §106: *Cosair deich gcéad méidheadh fear*. Maidir leis an bhfocal *ríogh*, is éard atá in B agus C anseo ná *triath* ‘lords, chieftains, kings’ (ginideach iolra). Féach *DIL*, *triath*.

*Niamh inghean Chealtchair mheic Uitheadhair:* Tá fianaise ar Niamh in O’Brien 1962, 130 b 8 (*Ném*).

*Gleann na mBodhar:* féach Thurneysen 1921, 560; Hogan 1910, 444 (*Glenn na mBodur*).

**§25. tarfás:** Is sampla é seo den briathar saor, aimsir chaite (seanfhoirfe, mar is gnách sa Nua-Ghaeilge), a bheith in úsáid mar a bheadh ainmfhocal nó aidiacht leis an gcopail, féach mar shampla, an Nua-Ghaeilge, *is clos dom* (*FGB* *clos* 250, briathar saor, aimsir chaite de *ro-cluinnethar*), *b'fhacthas dom* (*SnaG* *b'fhacthas* VII 5.17; briathar saor, aimsir chaite de *ad-ci*). An briathar *do-adbat* atá i gceist anseo.

**§26. Atá gleó rom mheadhair:** Tá cur síos ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**. Tá neart fadhbanna leis an laoi seo in A. Níl ach ceithre líne sa dara véarsa, agus mar sin, léamh A3 atá in úsáid chun riachtanais na meadarachta a shásamh. Tugtar léamh A sna fonótáí.

*[Nó cia tug ó'm eachaibh]:* Léamh A atá in úsáid anseo ar mhaithe leis an mbrí. *Cia do rath ó'm eachaibh* atá in A3, ach ní léir dom an bhrí a bhaineann le *do rath*.

*[Do chuadhas feachd aonar]:* Léamh A2 atá anseo. *Do chuadhas ann feachd aonar* atá in A3, tá rófhad sa líne, mar sin.

*[Níor thogha gér thugsad]:* Tá léamh A2 in úsáid anseo, mar tugann sé ciall níos fearr ná léamh A3 (*Tagtha gach thagsat*).

**§27. Gabhhar mh' eich dhamh , innilltear mo charbad:** Is nath coitianta é sin ó Chú Chulainn, féach, mar shampla, O'Rahilly 1961, 94. Tá ceithre shampla den nath seo sa téacs, féach §§ 27, 32, 38, 76 (Conall atá á rá in §76).

**§28. Éirigh, a Chú Chulainn:** Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*[Cosain re feidhm flatha]:* *Go sin is feidhm flatha* atá in A anseo. Tá léamh A2 in úsáid mar gur fearr é ó thaobh na céille de.

*Beid na boinn bána / Ó thairm agus eirg:* Tá an aidiacht fhaisnéiseach (*bána*) san uimhir iolra anseo. De réir *SnaG* (IV, 5.6), úsáidtear an uimhir uatha den aidiacht fhaisnéiseach in abairtí ginearálta agus tugtar an sampla *is maith na haingil*. Úsáidtear an uimhir iolra nuair a dhéantar tagairt do rud éigin nó d'ócáid éigin ar leith (mar shampla, *is geala mo lámha ón abhainn*). Deir

McManus nach córas seasmhach i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche é, áfach, agus tá sampla eile sa téacs ina mbaintear leas as an uimhir uatha sa chomhthéacs céanna (*Bidh dearg ó'm chneas-[s]a gaoi glasa* (§43)).

**§30. *nó go dtí neart [isin tséan , isin tsoladh]*:** Léamh A2 atá in úsáid anseo. *No go dtí neart isin tseen , isin óg* atá in A. Tá léamh A2 le fáil i bhfoinsí eile freisin; féach, mar shampla, *DIL* s.v. *sén*. Is nath é atá in úsáid faoi dhó in *TBC* (féach O’Rahilly 1961, 151). Is cosúil gur léigh scríobhaí *A sean* ar an gcéad fhocal sa téacs seo againne, agus gur athraigh sé an nath dá réir.

**déanad siad:** Tabhair faoi deara go bhfuil an forainm pearsanta, tríú pearsa iolra in úsáid leis an bhfoirm ‘tháite’, tríú pearsa iolra den bhrithar anseo, rud atá ceadaithe ach amháin san aimsir chaite (féach *SnaG* IV, 7.30). Tá sampla amháin eile de seo sa téacs (*atáid siad* (§31)).

**§31. *a chéidshearc*:** Tá dhá chonsan dhéadacha ag teacht le chéile anseo le séimhiú ina ndiaidh (-dsh-). Is sampla é de riail na *DNTLS* a bheith á sárú sa scríobh, rud atá ceadaithe de réir *SnaG* (IV, 3.2 (d)). Tá roinnt sampláí eile tríd an téacs: *lánshoillse* (§9), *tréinsheang* (§21 x 3), *Claoin-Theamhra* (§97), etc.

**§32. *fothbhannáin*:** ‘thistles’. Maidir leis na foirmeacha éagsúla den fhocal seo, féach *DIL* s.v. *fothannán*; Ó Corráin 1997.

**bheigeórnuá:** Ní léir dom brí an fhocail seo. Tá teacht ar *eórna* in *DIL*, a bhfuil an bhrí ‘barley’ ag baint leis. Níl an focal seo le fáil sna léamha malartacha.

*bánánaigh et bocánaigh*: Is foirmle í seo atá le fáil i scéalta eile freisin, féach, mar shampla, in *TBC* (O’Rahilly 1961, 44, 70, 73. Féach freisin *DIL* s.v. *bánánach*, agus *bocánach*.

*nó*: Measctar *nó* agus *ná* tríd an téacs. Tá *nó* le fáil go minic sa scéal nuair a bheifi ag súil le *ná* (féach §40, mar shampla). Maidir leis na foirmeacha seo, féach *DIL* s.v. *ná 5, indaas/indás*, agus *nó 1*. Féach na cónaisc sa phlé ar an **mbriathar (3.3)** thuas freisin.

*bhrácha*: Is malairt í ar an bhfoirm le *-th-*, féach *DIL* s.v. *bráth*. Is coitianta an fhoirm le *-th-* sa téacs seo, le 12 sampla, le hais 5 shampla de *-ch-*.

*cluitheadha*: Is deireadh déadach é seo. De réir *SnaG* (IV, 4.13), iolra ‘ard’ é seo (*-e* atá mar iolra ‘íseal’), agus gurb as an iolra ‘ard’ (*-(e)adha*) a thagann an deireadh *-i* sa Nua-Ghaeilge. Maidir leis an deireadh *-(e)adha*, féach an plé ar an **ainmfhocal (3.1)** thuas.

**§34. [A Chú Chulainn Cuailgne chruaidh]**: Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**. Tá léamh A2 in úsáid sa chéad líne mar tá róghiorra anseo in A.

*[Geilt fearbh ní bhfuil ar do mhúr]*: ‘Your fort does not (even) have grazing for cattle’. Léamh A3 atá in úsáid anseo mar tá rófhad sa líne in A.

*Muna [meadhradh] measg go mbuaidh:* ‘Unless one was perturbed/exhilerated, a confusion with victory’

*A Niamh, ná tagair ní as mó...Ní tharga an leath céadna, a Chú:* Tá fadhb leis an véarsa seo, tá Cú Chulainn ag caint ag an túis, ach Niamh atá ag caint ag an deireadh. De ghnáth, duine amháin a bhíonn ag caint in aon véarsa amháin sa téacs seo. Réitíonn na léamha eile le A anseo, áfach.

*Saoghal iubhair dhuit, a Chú:* ‘May you have the life of a yew tree, o Cú’. Saol fada atá á ghuí do Chú Chulainn anseo. De réir *DIL* is siombail d’aois mhór í an t-iúr (féach *ibar*), agus féach go bhfuil an ráiteas seo le fáil i bhfoinse eile: *saoghal na slaiti iubhoir* (Walsh 1933, 115, §12).

[*Go scarfaidhe fa rath ngleój*]: Roghnaíodh léamh A2 anseo ar mhaithe leis an mbrí. *Ní farchach graifne ná gleó* atá in A, ach ní léir dom brí an fhocail *farchach*.

**§37.** *Ní biodhbha brat ’sa sead dealg:* Is rosc gearr é seo, féach **filíocht** (4.3). Tá léamha A2 agus C in úsáid anseo mar tá fadhbanna leis an mbrí in léamh A, atá le fáil sna fonótaí.

**§39.** *do s[h]réin:* *ts-* = *sh-* anseo (*do tsréin* atá sa lámhscríbhinn). Chríochnaigh an t-alt baininscneach le *-d* (*ind*) i dtréimhse na Sean-Ghaeilge. Chuir an t-alt séimhiú ar ainmfhocail bhaininscneacha agus tharla díghlórú nuair a tháinig an *-d*

ag deireadh an ailt agus an *s*- ag túis an ainmfhocail le chéile (*int suíl*, mar shampla).

Faoi thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche cuireadh an *-t* a bhí ag deireadh an ailt sa tSean-Ghaeilge ag túis an ainmfhocail féin (*an tsúil*, mar shampla). Is trí analach leis an alt baininscneach a réaltar an séimhiú ar *s*- mar *ts*- . Maidir leis an alt baininscneach sa tSean-Ghaeilge agus na cloachluithe tosaigh a leanann é féach *GOI* 294, §468. Tá sampla eile den rud céanna in §44, *do s[h]ochadhaibh* (*do tsochadhaibh* atá sa lámhscríbhinn).

#### §40. *Níorsad eaglach [n-oirmheata]*: Pléitear an meadaracht in **filiocht (4.3)**.

Tá léamh A2 in úsáid sa chéad agus sa dara véarsa mar tugann sé ciall agus meadaracht níos fearr ná léamh A, atá sna fonótaí. Ní bheifí ag súil leis an urú ar *oirmheata* sa chomhthéacs seo, seans gur faoi analach *n-imghona* thíos a tharla sé.

*Gus aniuí riamh níor [éighmhis]*: ‘Until today you never cried out’. *Emghis* atá in A2 anseo, tá an fhoirm stairiúil tugtha ar ais agam mar déanann sí comhardadh deiridh líne le *théigmis* i líne D.

*Níorsad obthach n-iomghona*: ‘You were not a refuser of wounding’. De réir McManus (*SnaG* IV, 3.3), tá urú ar an bhfocal *iomghona* anseo toisc gur ginideach tagrach é atá faoi réir ag an aidiacht fhaisnéiseach (*obthach*).

*A Léithe*: Glacaim leis gur ar son na meadaracha atá an fhoirm eisceachtúil seo den ghairmeach in úsáid.

**§41.** *ag córughadh a arm , a iolshaobhair:* Glacaim leis gur ginideach uatha é an focal *iolshaobhair* ó tharla go bhfuil consan caol ag deireadh an fhocail in A agus sna léamha malaирteacha, agus go bhfuil an bhrí ‘great’ ag baint le *iol-*.

*a roithchleas , a airdchleas , a fhaobhairchleas , a ubhaillchleas , a chleitinchleas , a rithreann , a ilchleasa uile archeana:* Tá eolas ar na cleasa seo in *DIL* s.v. *cles*. Tá cuntas ar an gcaoi ar fhoghlaim Cú Chulainn na cleasa seo in *Oileamhain Chon cCulainn* (Stokes 1908, Ó hUiginn 2002) agus féach an chaoi ar baineadh úsáid astu in *Comhrac Fhir Diad , Chon cCulainn* (O’Rahilly 1961, 83-111; 1967, 71-100; 1976, 78-95).

**§43.** *A Chathfaidh mheic Mhaoilchroich ó Charnmhaigh:* Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*A Chathfaidh mheic Mhaoilchroich:* Tá teacht ar an ainm seo in MacSweeney 1904, 170.

ó *Charnmhaigh:* Tá an logainm *Carnmagh* le fáil in Hogan 1910, 162: ‘Carn mag: North of Indber Locha dá Dháil’. Luann Hogan *Carn mag ulad* freisin: ‘Carn mag ulad: al. Mag in chairn, Carnmallow, p. Quin, Clare (?)’.

*Fir T[h]eamhrach, fir Chruachna, fir Chearmna: Fir T[h]eamhrach, fir Cheathra, fir Chruachna, fir Chearmna* atá in A3, ach d’fhágfadh sé rófhad sa

líne. Tá *fir Cheathra* ar lár in B agus C agus roghnaíodh léamh B/C chun cursaí meadarachta a shásamh.

*Ro loisgeadh: Ro leisgeach* atá in A3 anseo. Is cosúil gur litriú de réir na fuaimé é, tugtar an fhoirm seo sna fonótaí agus léamh A2 atá in úsáid ina háit sa téacs. Tá fianaise ar *loisgeadh* sa dara véarsa in A3 chomh maith.

*Ro sgáith an cruth geal-sa rom ghon-sa:* An tríú pearsa uatha, aimsir chaite (ā-chaite) den bhriathar *scuchaid* (cf. *DIL*) atá i gceist in *ro sgáith*, agus an bhrí a bhaineann leis an abairt ná ‘The bright form that wounded me has gone away’. Maidir leis an ā-chaite, féach GOI 429, §692; *SnaG IV*, 7.16 (2).

**§44.** *do tháinig do cheileabhradh dá [mháthair] go Dún Deic[h]tine: dá mhárach* atá in A, ach roghnaíodh léamh A2 anseo toisc gur fearr an bhrí a thugann sé, mar is í Deichtine máthair Chú Chulainn. Tá an léamh seo in A2 agus B, *dá mhuinnitir* atá in C.

*gach n-uair:* Leanann urú *gach* sa chás seo, agus tá ceithre shampla eile de seo sa téacs (*gach n-alt* , *gach n-aighe* (§59), *gach n-oidhche* (§90), *gach n-iomaire* (§93)). De réir *DIL*, lean urú *gach* nuair a bhí an neodrach nó an tuiseal cuspóireach uatha i gceist ó bhunús, ach gur scaip úsáid an uraithe i ndiaidh *gach* níos deireanaí sa teanga (féach *DIL* s.v. *cach*). Is cosúil gur tuiseal cuspóireach ama atá in *gach n-uair* (§44) agus *gach n-oidhche* (§90). Maidir leis an gcuspóireach ama féach *GOI* 157, §249.3; *SnaG IV*, 3.3.

Tá ar gach n-iomaire i gceist in §93, agus mar sin an tuiseal cuspóireach atá in úsáid i ndiaidh an réamhfhocail ar. Maidir le gach n-alt , gach n-aighe (§59), an tuiseal ainmneach atá i gceist agus is focail fhirinscneacha iad, agus mar sin glacaim leis gur gné stíle i. Tá an ráiteas céanna le fail in *Togail Troí: cech n-alt , cech n-ága* (Stokes 1884, líne 492), agus in *TBC*: *cach n-alt , cach n-aighi* (O’Rahilly 1961, líne 2303).

*ní thigeam-sa beó don chur-sa ó fhearaibh Éireann:* An aimsir láithreach den bhriathar atá in úsáid anseo nuair a bheifí ag suíl leis an aimsir fháistineach. De réir *SnaG* (VIII, 7.5), baintear leas as an aimsir láithreach le brí fháistineach i ndiaidh na míre *cha*, b’fhéidir go bhfuil a thionchar i gceist anseo.

Tá claonadh ann chomh maith an aimsir láithreach a úsáid mar fháistineach i gcás na mbriathra a bhfuil an bhrí ‘come/go’ ag baint leo, mar shampla ‘I go home tomorrow’.

**§45. A Dheic[h]tine, is fás do bhallán:** Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*An ar do chomhdhadt[a]ibh go rath:* tá rófad sa líne seo mar atá. An leasú ab éasca le déanamh air seo an chéad fhocal, *an*, a athrú go ’s, i.e. ‘remain for [the sake of] stern Cumhsgraidh., o warrior, and for your fosterbrothers who prosper’, ach ón uair nach bhfuil fianaise agam ó lámhscríbhinn eile lena aghaidh, shocraigh mé a fhágáil mar atá.

[*Ná heirg ar ghroigh isan chath*]: ‘Do not go on a team of horses into the battle’. Roghnaíodh léamh A2 thar léamh A3 anseo ar mhaithe le brí. *Ná heirg*

*ár gcroidhe is an gcath* atá in A3. Dhéanfadh *croidhe* aicill níos fearr leis an bhfocal deiridh sa líne roimhe (*oide*), cé nach aicill fhoirfe í. Tá aicill sna véarsaí eile. Tá fadhb le léamh A3, áfach. Is cosúil gur ainm ceana é *croidhe* agus go bhfuil an bhrí ‘O our darling, do not go into the battle’ i gceist, ach bheifí ag súil leis an mhír ghairmeach *a* más é an tuiseal gairmeach atá i gceist. De réir *DIL*, tá an mhír ghairmeach fágtha ar lár roimh an aidiacht shealbhach *mo* i roinnt samplaí luatha den teanga (féach 1 *a*), ach níl samplaí den úsáid seo againn. De rogha air seo, b’fhéidir go bhféadfaí *ár gcroidhe* (= *a ár gcroidhe*) a léamh in A3, ach ón uair nach féidir é a rá le cinnteacht, shocraigh mé ar léamh A2 a úsáid.

**§47.** *tarla orra inghean chaomh choirpgheal...is cóir dhuit anois anadh, a chomhdhalta:* Is móitifí seo ar a dtugtar *the washer woman at the ford*. Is tuar é go bhfaighidh an laoch bás i gcath má fheiceann sé an Bhaidhbh ag ní a chuid cathéide. Maidir leis an móitif seo sa litriocht, féach Cross 1952, D1812.5.1.1.7.

*inghean Bhaidhbh:* Bheifí ag súil le *Bhaidhbhe* anseo mar is *a-* tamhan baininsneach é an t-ainmfocal *badb* (*DIL*), ach an fhoirm atá anseo, agus in A2, A3, A4 ná *Baidhbh / Buidhbh*, agus *Badhbh* atá in A6 agus A7.

*Ar cheithre hollchóigibh Éireann:* Maidir leis an bhfoirm seo den tabharthach iolra, *ollchóigibh*, tá an *-dh-* a mbeifí ag súil leis imithe (*ollchóigeadháibh*), agus tá tabharthach ‘gearr’ ina áit.

*dá n-anar do-chuadhas d'éag , dá n-imthighear tainig mo shaoghal:* An préitiríteach móduil atá in úsáid i gcás na mbriathra *do-chuadhas* agus *tainig* anseo. Úsáidtear foirmeacha na haimsire caite ach tá brí an mhodha fhoshuitigh/na haimsire fáisitiní i gceist. Tá plé ar an bpréitiríteach móduil, maille le samplaí, ag Quin 1974.

*Nocha [roicheabh-sa]: Nocha roichfid-se* atá in A2 anseo, ach roghnaíodh léamh A3 mar tá an chéad phearsa uatha, foirm spleách den aimsir fháistineach ag teastáil. Maidir le foirmeacha na haimsire fáisitiní, féach *SnaG IV*, 7.6.

**§48. *A fhir, ná toirmisg ár séad:*** Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3).**

*[Doiligh do Eamhain seach gach dún]:* Tá léamh C in úsáid anseo mar tugann sé ciall níos fearr. Tá léamh A sna fonótaí.

**§49. *Adhraim , creidim don aondia uile-chumhachdach*** etc. Sliocht follasach críostaí é seo, ach cé nár chúis iontais a leithéid a bheith sa leagan seo den scéal atá réasúnta mall, is díol spéise go bhfuil lorg láidir na Críostaíochta le feiceáil freisin ar *BMMM*<sup>1</sup>; féach McCone 1990, 197.

**§50. *Laoiħ brod forsan eachraidh dhúinn.*** Léig atá in áiteanna eile (§55 mar shampla). Is as an mbriathar *láidid* ‘exhorts, incites’ a thagann an fhoirm *laoiħ* (féach *DIL, laidid*). Glacaim leis gur múnlaídhe an ráiteas seo ar an abairt seo in *TBC: indaig brot forsin n-echraíd* (O’ Rahilly 1976, líne 663).

*Agus is é déanamh do bhí ar an seisear suaithnidh saobhainmeach-sin .i. éánschuil móir dearg diabhlaidhe in éadan gacha hamadáin , gacha hamaide dhíobh, et aonlámh ailtfhéitheach faidingneach a huchd chuirp gacha harraichd diobh, , aonchos chaisleathan chruaidhleathrach chaolghráonna a tóin gacha drochbhaidhbhe: Tá plé ar aonsúileachas mar mhóitíf ag McCone 1996. Féach leathanaigh 96 agus 99 go háirithe maidir leis an móitíf seo a bheith in úsáid in BMMM.*

*[tug] urchar: ad-bheart urchar* atá in A ach roghnaíodh léamh A2 ar mhaithe le bri. Níl teacht ar an mbriathar *as-beir* sa chiall ‘gives’ in *DIL* (*as-beir*). Measctar *ad-* agus *do-* in amanna agus mar sin, b’fhéidir go bhfuil *do-bheart* i gceist in A, ach ós rud é nach féidir talamh slán a dhéanamh de, tá léamh A2 in úsáid.

**§51.** *Do tolladh mo leith leat-sa:* Tá cur síos ar an meadaracht in **filíocht** (4.3).

**§52.** *Ní linn atáid na líthe ionáid na laithe-se:* ‘We do not have the good omens or the (auspicious) days’. Foirm luath den ainmfhocal *lá* atá in *laithe* (féach *GOI* 180, §284), agus tá seans gur dhá fhocal ar leith ó bhunús iad (féach *DIL* s.v. *lá*).

*ní fir a mharbhas thú:* Is gnách an forainm pearsanta *tú* a chur faoi shéimhiú sa téacs seo nuair a fheidhmíonn sé mar chuspóir an bhriathair. Níl ach dhá shampla den fhórainm gan aon chlaochlú tosaigh mar chuspóir an bhriathair (*díoghal tú féin* (§68), *ní thréigfinn tú* (§91)), le hais sé shampla le séimhiú (*ní fir mharbhas thú* (§52), *ní mhuiirfeadaois fir dhomhain thú* (§52), *do gonadh thú*

(§63), mar [*dhígeólád-sa*] *thú* (§63), *ní thréigfead* *thú* (§64), *do measgadh* *thú* (§91)). Maidir leis na forainmneacha pearsanta agus a n-úsáid sa téacs, féach **teanga (3.5)** thusa. Maidir le *a*, an mhír choibhneasta atá i gceist anseo agus leanann séimhiú í.

**§54. *Mochean duit, a Chú:*** Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

[*Fá haisgidh [go] ráith*]: ‘Which would be a gift with a surety’. Léamh C atá in úsáid anseo, *Cá haisgidh conraich* atá in A, ach ní léir dom brí an fhocail *conraich*. Tá *ráith* le fáil mar fhoirm an tuisil tabharthaigh den ainmfhocal *ráth* (féach *DIL* s.v. *ráth* 1).

*Sochaidhe rug mh'[aisgidh]*: *Sochaidhe rug mh'argad* atá in A, ach tá léamh A2 in úsáid mar tugann sé ciall níos fearr. Maidir leis an léamh seo, *aisce* atá in A2, ach is litriú neamhstairiúil é, agus mar sin, tugaim an litriú stairiúil *aisgidh* (féach *DIL*) ar ais ó tharla go bhfuil fianaise air sa chéad agus sa tríú véarsa.

**§55. *Nocha diongnadh mé sin:*** Is foirm *plene* í *diongnadh*, ach ní dhéanann sí ciall sa chomhthéacs seo. *Diongnadh* atá mar fhoirm scartha den chéad phearsa uatha sa mhodh coinníollach, ach teastaíonn an aimsir fháistineach anseo ó thaobh na céille de. Tá seans, mar sin, nach bhfuil luach ag baint leis an *-dh* ag an deireadh.

**§56. “Rachad féin [*d'fhéachain an athar*]-úd adearar do bheith agam”:** Is dalta le Cú Chulainn é Lughaidh Reo nDéarg (Riabh nDéarg) sa scéal *Tochmarc*

*Emire*: ‘Dobér cena dom daltu sund .i. do Lugaid Reo nDerg’ (Van Hamel 1933, 62), ach ní hé an duine céanna é: féach O’Brien 1962, 144 a 13-14: ‘m. Lugdach Riab nDerg m. na Trí Find Emna (Bres, Nár, Lothur) m. Echach Feidlich..’.

“*Ad-chiuú-sa chugaibh...don óglaoch ad-chiuú-sa*: Tá leagan amach fileata ar an sliocht seo cé nach féidir liom pátrún siollach nó béisme a dhéanamh amach. Tabhair faoi deara an oscailt láidir, an dúnadh in *ad-chiuú-sa*, agus an uaim tríd an rosc (*carbad feigh féitheamhail foluaimneach fionnruine; an Liath lúthmhar luaihléimneach fhódmhar fhorránach; each caolchosach ceinnéadram drondualach durbhras seang seada seireadhchaol*, etc.). Tá teacht ar shleachta cosúil leis seo i dtéacsanna eile; féach mar shampla an cur síos ar thrí charbad as a chéile in *Fled Bricrenn* (LU 8590-8678).

§57. [*Coimhéirghid*] *bhur gcuradh...ní mochean an choimheirghe*: Is rosc é seo: féach an dúnadh arís agus an uaim tríd an bpíosa (*Cú Chulainn cosdadadhach cathbhuaadhach cloidhimhdhearg cosgarach comaoidhmheach; maирг mná, maирг macaomha, maирг мiondaoine; ar dhruim an domhain dámhaigh*, etc.). Maidir leis an rosc seo, agus le filíocht roscach go ginearálta sa scéal, féach **filíocht (4.3)** thuas.

Maidir leis an bhfoirm *coimhéirghid*, is éard atá in A ná *coimhéirghidh*, ach ní bheifi ag súil leis an aidiacht shealbhach *bhur* a bheith in úsáid leis más é an modh ordaitheach, dara pearsa iolra atá i gceist. Roghnaíodh an deireadh –*id* mar atá in A4, an modh ordaitheach, tríu pearsa iolra, a thugann an chiall ‘Let your warriors arise’.

*comaoidhmheach*: Is foirm dhíshéimhithe í seo, seachas an fhoirm *comhmhaoidhmheach* (féach *DIL*, *commайдmech*). Tá teacht ar an bhfoirm seo in léamh A2.

*ré toirichil tig ré toirichil téit*: ‘he comes to steal, with robbing he goes’. An focal *tairchell* atá i gceist (féach *DIL* s.v. *tairchell – re toirchill tic, re toirchill téit* Comp. Con. C. 101.23). Is díol spéise go bhfuil an guta cúnta léirithe anseo. Maidir leis an guta cúnta sa Nua-Ghaeilge Mhoch, féach *SnaG* IV, 2.9.

**§59.** *Is ann sin do [riastradh] , do lonnaigheadh fán rímhilidh*: Maidir leis an bhfocal *riastradh*, is éard atá sa phríomhlámhscríbhinn ná ‘riachdad’ ach glacaim leis gur míléamh ar ghiorrúchán *riastradh* atá i gceist. Léamh A4 atá in úsáid, mar sin, toisc go bhfuil an léamh ceart le fáil ann. Tá cuntas fada ar an riastradh in §59 sa téacs seo, agus in *TBC* (féach O’Rahilly 1961, líne 2300-2333). Tá plé ar an riastradh ag Henry 1982 (féach go háirithe lch. 235-237), Sayers 1991 (go háirithe lch. 53-55), agus McCone 1997 (go háirithe lch. 99-100).

*do laoi sian gléas díbhfeirge*: De réir *DIL*, (*sian 2*), is ainm clis é *sian gléas díbhfeirge*, ach tá éiginnteacht maidir leis an gcleas féin, agus ní thugtar aistriúchán Béarla air. Luaitear an cleas céanna in *TBC* (O’Rahilly 1961, líne 4619), agus de réir Van Hamel 1933 (féach an ghluais, *siangles*, 210), is cosúil go bhfuil *sáeb-chles* nó *sian-chles* i gceist, agus gurb ionann é seo agus an *sian-curad?* (‘the hero’s scream’).

Maidir leis an bhfoirm *do laoi*, *do lá siangles dibergi* atá in *DIL* (*sian*), *ro la* atá in A2, agus *do la* atá in A3. An tríú pearsa uatha, aimsir chaite den bhriathar *fo-ceird* atá i gceist, ach tá teacht ar an bhfoirm *laoi* chomh maith le *lá* in *DIL* (*ro láoi* - féach *DIL* s.v. *fo-ceird*).

*halarbard a dren*: Tá cuntas le fail ar an halarbard in *The Oxford English Dictionary* (*Halberd / halbert*, 28): ‘A military weapon, especially in use during the 15th and 16th centuries; a kind of combination of spear and battle-ax, consisting of a sharp-edged blade ending in a point, and a spear-head, mounted on a handle five to seven feet long’.

Maidir leis an bhfocal *dren*, glacaim leis gurb é an focal *drant* (‘jaw’) atá i gceist: féach *DIL* s.v. *drant*.

*go [mba] heagna*: Léamh A2 atá in úsáid anseo. *Go mo* atá in A, rud atá ag frithchaitheamh fhoghraíocht na linne sin.

*Tángadar [a sgámha , a throma] ar eitil*: Tá léamh A2 in úsáid anseo. *Tángadar asa acchua , asa dtromchoirteadh* atá in A, ach ní léir dom brí na habairte.

**§60. torainnchleas trí gcéad , torainnchleas ceithre gcéad , torainnchleas cùig gcéad**: De réir *SnaG* (IV, 8.3), is focail aiceanta iad na huimhreacha trí go deich, agus leanann ainmfhocail san uimhir iolra iad. Leanann séimhiú na huimhreacha trí go sé ach amháin sa tuiseal ginideach iolra, nuair a leanann urú iad, mar a leanann anseo sa téacs.

*Ro thaoth chucu*: ‘He fell upon (attacked) them’. An briathar *do-tuit* atá i gceist anseo. De réir *DIL*, úsáidtear an tamhan fáistineach (*taeth-* (*toeth-*), *faeth-*) mar thamhan ginearálta den bhriathar seo uaireanta, agus sa chás seo, an tríú pearsa uatha, aimsir chaite atá ann (féach *DIL* s.v. *do-tuit*). Féach an nóta ar §26 freisin.

**§61.** *longadh* nó *leapthacadh*: Níor éirigh liom an fhoirm *leapthacadh* a aimsiú in *DIL*, *lepthachas* atá ann (féach *DIL* s.v. *lepthachas*, ‘the act of going to bed’). *Leapthachas* atá in A2 agus A3, agus tá sé ar iarraigdh in B agus C. Deireadh éagsúil atá in A, mar sin, agus is dócha gur cuireadh deireadh ainm bhriathartha air, nó go ndeachaidh foirm an fhocail *longadh* roimhe i bhfeidhm air.

ón *torainnchleas* *timcheallchruaidh* *treathanmhóir-sin*: An fhoirm bhaininsneach, tuiseal tabharthach den aidiacht atá in úsáid anseo, ach is focal firinsneach é *torainnchleas*. Tá seans, mar sin, go ndeachaigh an bunfhocal (*torann*, *DIL*), atá firinsneach nó baininsneach, i bhfeidhm air.

**§62.** *réabtha*: *Réaptha* atá sa lámhscríbhinn anseo. Is litriú de réir na fuaimé é seo.

**§63.** Tá fadhb théacsúil anseo. Ó §§63-65 is cosúil go bhfuil Laogh ag fáil bháis, iarrann sé ar Chú Chulainn é a chur san uaigh, agus imíonn sé *go dubhach dobrónach* ina aonar. Tagann sé ar ais in §68, áfach, tugann sé cabhair do Chú Chulainn, atá gortaithe go marfach, agus téann sé chuig Eimhear leis an drochscéal go bhfuil Cú Chulainn tar éis bás a fháil.

§63. *an gcéin*: Is tuiseal cuspóireach ama é seo. Maidir leis an gcuspóireach ama, féach *GOI* 157, §249.

*mar [dhigheólad-sa]*: *dhígheolsat* atá in A, ach roghnaíodh léamh B anseo ar mhaithe le brí. An chéad phearsa uatha den bhriathar atá ag teastáil, tá seans go bhfuil meascán mearaí de *digheól-sa* agus *digheólad* i gceist in A.

§64. *Goirt rom ghaoth, trém chneas chuanna*: Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*Inghean an bhrughadh bharrghlain*: Maidir leis an bhfocal *bhrughadh*, is ginideach uatha é den *d-* tamhan firinsneach *briugu* (féach *DIL*). Is foirm níos deireanaí í *brughaidh*.

*D'Eimhir ['s] do Chonall Chearnach*: *D'Eimhir is do Chonall Chearnach* atá in A, athraíodh *is* go 's ar mhaithe leis an meadaracht.

§66. *ag géarbhuiladh na ngiollanradh*: Bíodh gur cnuasainm é *giollanradh*, táthar ag caitheamh leis anseo mar iolra, is léir.

*[aradhaibh]*: *annraibh* atá in A anseo. Bheifí ag súil le *annradhaibh* mar fhoirm an tabharthaigh iolra. Tá giorrúchán ag deireadh an fhocail, agus mar sin, b'fhéidir go bhfuil an t-ainmneach in úsáid thar ceann an tabharthaigh, agus gur cóir *annraidh* a léamh. Úsáidtear an t-ainmneach thar ceann an tabharthaigh

uatha i roinnt cásanna sa téacs (féach **an tuiseal ainmneach in an tAinmfhocal in teanga (3.1)**), ach níl sampla ar bith eile sa scéal den ainmneach a bheith in úsáid thar ceann an tabharthaigh iolra. Tá éiginnteacht maidir le foirm an fhocail, agus roghnaíodh léamh A2 mar sin. Maidir leis an bhfocal *annradh*, tá an fhoirm stairiúil (*ánradh*) tugtha ar ais agam tríd síos.

*gur thuit giolla , leath ghiolladh bhfear nÉireann leis:* Maidir leis an dul cainte seo, féach *DIL* s.v. *leth*: ‘In a variety of compounds, in meaning *half*...Cf. co torchair fer  $\wedge$  lethfer nÉrenn leis, Comp. Con C. 109.18, perhaps a mere turn of phrase, cf. *ech*  $\wedge$  *lethech fer nÉrenn*’. Tá seans, chomh maith, *gur ginideach iolra atá ann* – ‘a lad/man and half of the lads/men’, is é sin le rá go bhfuil beagáinín níos mó ná leathchuid i gceist (cosúil le ‘a year and a day’ as Béarla).

**§68. *an Cruaidhín Coididcheann*:** Is é seo cláomh Chú Chulainn. Maidir le brí an fhocail agus na tagairtí atá i scéalta eile dó, féach *DIL* s.v. *crúaidín*.

**§69. *Rom ghabh aniuí aigneadh eile*:** Pléitear an laoi seo in **filíocht (4.3)**.

*[I gcath riamh]:* Léamh A2 atá in úsáid anseo thar ceann A ar mhaithe leis an meadaracht. *A catha riamh* atá in A, ach fágann sé sin rófhad sa líne.

**§70. *a [thighearna]*:** Léamh B atá in úsáid anseo, *tiagharna* atá in A, ach is litriú neamhchaighdeánta de réir na fuaime é.

§72. *triochad mac rí[ogh]: triochad mac rígh* atá in A ag an bpointe seo, is sampla é d’fhoirm mhícheart an fhocail *rí* a bheith in úsáid sa téacs, agus tá roinnt samplaí eile, mar shampla: §93 *Nochum fhaicfe ri 'na dháil* (*Nochum fhaicfe rígh 'na dháil* atá in A anseo); §109 *Ceann an rí[ogh] nár athraigh dath* (an fhoirm *rí* atá in A); agus §109 *[C]eann rí[ogh] Midhe na n-each luath*, (an fhoirm *rígh* atá in A). Tá na foirmeacha cearta de réir *SnaG* (IV, 4.18) tugtha ar ais agam i ngach cás. Féach freisin a bhfuil sa nóta ar §2 thuas faoi *rí-* i gcomhfhocail. Is léiriú é seo go raibh na foirmeacha *rí*, *rígh* agus *riogh* rite ina chéile faoin am ar scríobhadh an lámhscríbhinn seo. Tá na foirmeacha cearta de réir *SnaG* (IV, 4.18) tugtha ar ais agam i ngach cás. Tá *rígh* mar fhoirm an ghnidigh uatha sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge (féach *DIL*, *rí*), agus mar sin, tá seans go bhfuil nós litrithe na Sean/Meán-Ghaeilge in úsáid san fhoirm *rígh* sa ghinideach uatha.

*imleacán oireachais Éireann:* Tugtar seo ar Theamhair i roinnt foinsí eile freisin. Féach *DIL* s.v. *imlecán*.

§73. *[folaj]: Roghnaíodh an léamh a bhí in A2, A3, A4, B, C, mar ní léir dom brí léamh A – *fiorfhacha*.*

§75. *Goirt rom ghaoth, géar rom gonadh:* Tá plé ar an rosc seo in **filíocht (4.3)**. Seo an dara dán sa téacs dar túis *Goirt rom ghaoth*. Laoi shiollach atá sa chéad cheann. Glacaim leis go bhfuil sé seo ag freagairt don abairt *Goirt rom gaet* *7c*. atá in *BMMM<sup>1</sup>* (LL 13977), cé go mbeifí ag súil leis an bhfoirm *gaod* nó a leithéid mar fhorbairt ar *gáet* na Sean-Ghaeilge (ach is céasta caite é a múnláiodh

ar *-breth*, *-fríth* srl.), gan séimhiú a bheith ar an mbriathar saor. Díol spéise gur ionann brí don chéad dá líne; foirm níos deireanaí de *gáet*, briathar saor aimsir chaite de *gonaid*, atá in *gonadh*. An bhféadfadh sé gur gluais mhínithe ar *goirt rom gaoth* a bhí in *géar rom gonadh* an chéad lá ach gur bhain údar *BMMM*<sup>2</sup> leas as sa laoi seo? Maidir le foirmeacha an bhriathair *gonaid*, féach *DIL*. Tá plé ar an rosc seo in Lehmann (1997). Síleann sí go bhfuil seans gurb é sin an bunrosc a bhí in *BMMM'*, ó tharla go bhfuil an fhoirm *ad-bheire* (*adbere* san alt aici) ann, ach ní móide go mbeadh foirm dheireanach mar *rom gonadh* i dtéacs dá aois. Is díol spéise é arís go bhfuil na foirmeacha is ársa le fáil san fhilíocht.

**§76. *an Dearg Dhruichdach* ⁊ *an Coincheann Crónfhada*:** Na heich atá ag Conall Cearnach. Tá tagairt don Dearg Drúchdach in *DIL* (s.v. *derg*), agus in *BMMM'*, ach níl an Coincheann Crónfhada luaite.

[*do-chuaidh*] *feirghniomh tar bainghniomh ann-sin ag Conall*: ‘and male action overcame female action then through Conall’. *Ad feirghniomh tar bainghniomh* atá in A, ach roghnaíodh léamh B / C ar mhaithe leis an mbrí. Tá teacht ar an ráiteas seo in *DIL* (s.v. *ben*).

*an dá ghiorrghair*: ‘the two calves (of a leg)’. Glacaim leis gur foirm den fhocal *gergara* atá i gceist (*gearrghara* atá in A2 agus *gearrghar* atá in B). Maidir leis an bhfocal *gergara*, is comhfocal é ó *gerr* (‘short’) + an tuiseal ginideach uatha de *gairr* (‘calf of a leg’), agus úsáidtear an téarma seo i gcás ainmhithe amháin (féach *DIL* s.v. *gergara*).

*Lugh Lámfada i gCath Maighe Tuireadh ar mharbhadh fhine Fomhra:* Ní luaitear an éacht seo sa chéad ná da dara leagan de *Cath Maighe Tuireadh* (Gray 1982; Ó Cuív 1945). Is é a deir Ó Cuív, áfach: ‘Judging from the frequent references in Irish literature to Lugh Lámfhada’s exploits, there can be little doubt that several versions of the tale, which goes back to the Old Irish period, were current in the Middle-Early Mod. Irish period.’ (1945, 1). Seans go raibh teacht mar sin ar leagan eile de *Cath Maighe Tuireadh* ag údar an scéil seo againne.

Is é Lugh laoch an chatha, ach ní deirtear san eagráin go ndearna sé *marcaidheachd aoineich*, mar a deirtear sa téacs seo againne. Léiríonn an tagairt seo do Chath Maighe Tuireadh go raibh an scéal seo ar eolas ag an scríobhaí.

**§77. *A Liath Mhacha:*** Tá dhá inscne ag an ainm seo sa téacs, féach an plé atá déanta ar inscne an ainm in **an tAinmfhocal in teanga (3.1).**

**§78. *Geibh mo charbad fort, a Léith:*** Tá cur síos ar an meadaracht in **filíocht (4.3).**

**§79. *Aitchim sídh ⁊ ceannsa an Choimdeadh ⁊rl.:*** Is nóta pearsanta an scríobhai é seo, agus níl baint aige le hábhar an scéil. Tá sé curtha sna fonótaí agam, mar sin.

**§80. *Cú Chulainn bá hamhra an ghein:*** Féach an plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3).**

[*Nó go sgaoiltear a c[h]orp gnáth*]: ‘Until his well-known body is released’.

Léamh A2 atá in úsáid anseo ar mhaithe leis an meadaracht. *Nocha sgaoilid* *cách a chorp* atá in A, ach ní dhéanann *corp* aicill le *bráth* sa chéad líne eile. Tá aicill i ngach véarsa eile sa laoi.

**§81.** *ní fhuil cúigeadh in Éirinn...is lán an cóigeadh:* Úsáidtear na foirmeacha *cúigeadh* agus *cóigeadh* sa téacs, ach is í *cóigeadh* an fhoirm is coitianta, le 32 sampla (féach §§8, 44, 81, etc.), le hais 7 sampla de *cúigeadh* (§§33, 72, 81, etc.).

**§82.** *Dursan, a Chú Chualinn cháidh:* Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

**§83.** *gcaoildeathach:* Maidir leis an bhfocal *deathach*, an dá fhoirm (*deathach / deattach* (mar shampla §50)) atá le fáil sa téacs seo, agus atá ceadaithe de réir *DIL* (*detach; dethach*).

**§84.** *Aonmharcach sunn ar an maigh:* Tá cur síos ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*Mochean duit, a Chonaill chain...Fhágbhas mo mháthair agam:* Is dócha ón tagairt seo agus ó thagairt eile in §108 (*is eisean [an treas] athair ar seilbh a raibhe sé .i. Conall Cearnach, Cú Chulainn, Cú Raoi mac Dáire*), go bhfuil gaol idir Lughaidh mhac Con Raoi, Cú Chulainn, agus Conall Cearnach. Tugtar an t-ainm *Lugaid mac tri con* agus *Lugaid mac Ter-Con* air in Thurneysen 1921, 549, 557, agus b’fhéidir gur tagairt í do Chú Raoi mac Dáire, Chú Chulainn, agus

Chonall a bheith mar aithreacha aige (aithreacha altramais i gcás Chú Chulainn agus Chonaill, is dócha).

§86. *Maine Móeibeart fochean*: Tá cuntas ar mheadaracht na laoi le fáil in **filíocht (4.3)**. Is mac le hAilill agus Meadhbh é Maine Móeibeart. Tá seachtar mac acu darb ainm Maine (féach *DIL, Maine*; Cross & Slover 1936, 607).

*A fhóraire d'éis Luighdheach*: an seanghinideach den ainmfhocail *Lughaidh* atá in úsáid anseo, an dá fhoirm den għinideach uatha atá sa téacs mar sin, *Luighdheach* agus *Lughaidh* (§§7, 105, mar shampla). Tá teacht ar an dá fhoirm in *DIL* (s.v. *Lugaid*).

[*Go gcuire an bráth breiseamh dhe*]: ‘Till Doom sends a break from it’. *Go dtúir an bráth brise dhe* atá in A, ach roghnaíodh léamh A2 ar mhaithe leis an mbrí. Is cosúil gur foirm den bhriathar *do-beir* atá in *túir*, ach ó tharla nár tháinig mé ar fhianaise don fhoirm seo in *DIL* ná in *SnaG*, glacaim leis go bhfuil sí scríofa de réir na fuaimé in A.

§87. *Ceann Biorraidhe dh'Ultaibh*: Lúaitear duine darb ainm *Ceann Berraide* in *Bás Chonchubhair* (féach Bergin 1930, 8). Is giolla é a dhéanann iarracht corp Chonchubhair a iompar ar a dhroim go hEamhain, ach briseann a chroí sula sroicheann sé a cheann scribe, agus faigheann sé féin bás. Ní léir gurb é an duine céanna é, áfach.

*tug a bhréithir*: Is gnách an tuiseal cuspóireach den ainmfhocal *briathar* a úsáid sa chomhthéacs seo, tá ocht sampla de sin sa téacs (*tugais do bhréithir* (§27), *do-bhéar bréithir* (§34), *tug bréithir* (§84), etc.), le hais dhá shampla de fhoirm an ainmnigh (*do-bheirim mo bhriathar* (§63), *do-bheirim dom bhriathar* (§68)).

**§89. *Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhna***: Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*Oidhidh Mhaoil agus Mhiodhna...Déag an chinn [ro-chomhaoidhsead]*: Tá teacht ar an gcéad véarsa seo in *The Metrical Dindshenchas* (Gwynn 1903, 18).

Is éard atá ann ná:

Lige Mail ocus Midna

i Temraig iar n-a tigba;

de atá a lige 's a lecht,

dáig in chind rochommáidset.

*Oidhidh* atá in áit *lige* san eagrán seo againne, tugann sé dúnadh ag an deireadh, agus coinneófar an fhoirm seo, mar sin. Is díol spéise é go bhfuil teacht ar an véarsa seo i bhfoinse nach bhfuil baint ar bith aici leis an téacs, léiríonn sé sin an neamhspleáchas a bhaineann leis an bhfilíocht sa scéal seo. Maidir le plé air seo, féach **filíocht (4.1)**.

*Níor mhaoidhte le [Conall Cú]*: Léamh A2 atá in úsáid anseo ar mhaithe leis an mbrí. *Níor mhaoidhte le coin an cù* atá in A, ach níl an léamh seo sásúil ó thaobh na céille de.

*Déag an chinn*: ‘Because of the head’. Is réamhfocal é *déag*, agus leanann an tuiseal ginideach é (féach *DIL* s.v. *dég*).

§90. *gach laoi*: Is ginideach ama é seo. De réir *GOI*, úsáidtear an ginideach ama go rialta i ndiaidh *cach / cech* amháin (féach an plé ar an nginideach ama in *GOI* 159, §250), mar atá sa chás seo. Maidir le foirmeacha an fhocail *lá*, féach *DIL* s.v. *lá*; *GOI* 180, §284).

§91. *Uch, a chinn*: Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*Sochaidhe dá dtugais éag / Sochaidhe dá dtugais maidhm*: Léamh A2 atá in úsáid sa dá chás ar mhaithe leis an meadaracht. Tá rófhad in A sna línte seo, ach tugtar léamha A sna fonótaí.

*Do-radais do mheanma dhúinn*: Léigh mé *Do-radais do mheanma dhúinn* (‘You gave your mind to us’) anseo, ach d’fhéadfai *Do-radais do-mheanma dhúinn* (‘You have made us dejected’) a léamh anseo freisin.

*Do thighearna [nochar thréith]*: *Do thighearna níorsum tréith* atá in A ag an bpoinse seo, ach tá fadhbanna le brí na habairte in A, mar is í *níorsum* foirm dhiúltach na copaile sa chéad phearsa uatha, aimsir chaite. Roghnaíodh léamh A2 sa chás seo mar tugann sé ciall níos fearr.

*an g[c]éin*: An fhoirm stairiúil atá tugtha ar ais agam anseo, in áit *an géin*.

*A Chú Chulainn Mhaighe Meann:* Níl teacht ar an logainm *Magh Meann* in Hogan 1910. Tá sé luaite i ndán a scríobh Tadhg Dall Ó hUiginn (féach Knott [1921] 1926, 122), ach ní deir sé cén áit a bhfuil sé.

*Lé ar tochradh mór sluagh re seal:* ‘By whom a great host was felled’. An briathar saor, aimsir chaite den bhriathar *do-cuirethar* atá i gceist in *tochradh* (féach *DIL*, *do-cuirethar*). Léigh *Lé(a)r tochradh mór sluagh re seal* chun an méid ceart siollaí a fháil.

[*A dhá shleagh, ón, a dhá shleagh*]: *A dhá shleagh agus a sgiath* atá in A, ach ní dhéanann *sgiath* comhardadh le *neimh* sa chéad líne eile, agus roghnaíodh léamh C anseo mar sin, ar mhaithe leis an meadaracht. *A dhá shleagh, ón, a dhá shleagh* atá in C anseo, ach tá foirm an déigh (*sleigh*) tugtha ar ais agam toisc go leanann sé an uimhir *dá* (féach *SnaG* IV, 4.11), agus go ndéanann sé comhardadh le *neimh* i líne B den véarsa.

*A charbad-san, a charbad:* Tá fadhbanna leis an véarsa seo. Tá sé ar lár in A2, B agus C. An chéad fhadhb atá ann ná nach léir dom brí an fhocail *fargbhaidh* i líne B den véarsa. Mar sin, bhain mé an -i- amach agus léigh mé *farghborah*, an tríú pearsa uatha, aimsir ghnáthchaite den bhriathar *do-farcai*. *Do badh reamhar do fargbhadh*, ‘Stoutly did it defend’. Anuas air sin, bíonn comhardadh éigin le fáil de ghnáth idir na línte A, B agus D sa laoi seo, ach níl sé mar sin sa véarsa seo, agus is foirmeacha *plene* iad *carbad*, *fargbhaidh* (*fargbhoidh* in A), agus *harmuibh*.

§92. *le faoidhibh fiortruagha ban , fear an chóigidh:* Níl *ban* agus *fear* faoi shéimhiú anseo. Tá samplaí sa scéal de: 1) ainmfhocail + 2) ainmfhocail faoi shéimhiú sa tuiseal ginideach + 3) ainmfhocail sa ghinideach (féach **an tuiseal ginideach in an t-ainmfhocail in teanga (3.1)** thusa). Dé réir *SnaG* (IV, 3.2 (e)), áfach, an dá nós atá ceadaithe, agus mar sin, níl locht ar bith leis an déantús seo.

*et adubhairt an laoidh ,ní fhuil sí ann-so:* Tá an laoi seo, *Dún Dealgan an dún-sa thiar*, le fáil in **Aguisín 2.**

§93. *Uchán uch, ón, uchán uch:* Tá an mheadaracht pléite in **filíocht (4.3)**.

*Dá sire mé:* Glacaim leis gur modh foshuiteach láithreach, chéad phearsa uatha, foirm scartha í seo.

*Is abair gan iomarghaoidh:* ‘And tell me without a (great) lie / error’. Maidir leis an bhfocal *iomarghaoidh*, féach *DIL*, *immargó*. Tá an fhoirm *iomarghó* in úsáid níos deireanaí ar aghaidh sa téacs chomh maith (§106).

[*Dá roichir 'na dheoigh go fear*]: Tá léamh A2 in úsáid anseo ar mhaithe leis an meadaracht. *Dá dtí go fear 'na dheaghaidh* atá in A ach ní dhéanann sé comhardadh le *Uladh* i líne D.

*Liom gé thíseadh a [luinne]*: Léamh A2 atá in úsáid anseo, ar mhaithe leis an gciall. *Liom gé thíseadh a shloinneadh* atá in A, is dócha go bhfuil tionchar na cluaise i gceist in A.

§96. *Sádh* *suaimhneach* sin, a Eirc: Tá plé ar an laoi seo in **filíocht (4.3)**.

*Sádh* *suaimhneach* / *Gonach bia sunna sádhail*: Maidir leis an bhfocal *sádha(i)l*, ('peaceful, easy', etc.), an dá litriú atá ceadaithe (-*al* / -*ail*). Féach *DIL* s.v. *sádail*.

§97. *is friu-sin araon nár ghabh uathadh nó sochaidhe*: *gaibid fri* = 'withstands / holds out against', féach *DIL*, *gaibid*.

*iona [thimcheall]*: *iona mboirdthimcheall* atá in A anseo, ach ní léir dom brí an fhocail seo, níl teacht air in *DIL*, agus léamh eile atá in úsáid, mar sin. Seans gurb é an focal *móirthimpeall* atá i gceist. Tá uaim láidir le feiceáil sa líne seo (*do bhuilleadhaibh borba biodhbhamhla iona mboirdthimcheall*), agus seans go ndeachaigh sí i bhfeidhm ar thús an fhocail.

*Claoin-Theamhra*: Seo an seanghinideach den logainm *Teamhair*. Tá an déantús nua *Teamhrach* in úsáid freisin sa téacs. Baintear leas as *Teamhra* ar mhaithe le cursaí meadarachata, féach *dTeamhra*: *Eamhna* (§21, 1A, C). An fhoirm choguasach *Teamhraigh* a úsáidtear sa tuiseal tabharthach i ngach cás.

*gurbhó ciorr bhitha cneadhach créachdach caithmhileadhaibh ó mhóirbhéimeannaibh meara meanmnacha an mhórchuraidh Conaill, gur ghabh gráin , gealtachd 'na [n]glanchuraibh, , criothmhaidhm chlaoibrísde 'na [g]caithmhileadhaibh, uamhan , imeagla uafásach in airdriogaibh, tuiseal ,*

*tréinteitheadh 'na dtréinfhearaibh..: Gabh i ‘assails’ atá i gceist agus leanann an tabharthach an réamhfocal i.* Cuireadh an t-urú isteach sna cásanna ina raibh sé fágtha ar lár ar fhianaise na samplaí a leanann iad (*'na dtréinfhearaibh*, etc.).

Maidir leis an bhfocal *caithmhileadhaibh* ag an túis, an tuiseal tabharthach iolra atá in úsáid anseo thar ceann an ainmnigh, agus seo an t-aon chás amháin de sin sa téacs. De bhrí gur rithlearg atá anseo, tá seans go ndeachaидh an píosa seo i bhfeidhm ar an ainmfocal seo a tháinig roimhe. Tá samplaí den tabharthach uatha thar ceann an ainmnigh le fáil sa téacs, (mar shampla, úsáidtear an fhoirm *Eimhir* thar ceann *Eimhear* tríd síos, féach an plé ar an tuiseal tabharthach in **teanga (3.1)** thuas), ach ní gnách seo leis an iolra. I gcanúintí áirithe den Nua-Ghaeilge, áfach, tá an seandaireadh –(a)ibh réasúnta bisiúil mar dhéantús don bhuniolra, féach Ó Mainnín 2007; *SnaG* V, 3.5; VI, 3.4; VII, 3.6.

**§98 / §99. Colla Fáthach /Ceann Cholla mheic Fáitheamhail:** Dhá fhoirm atá ag an ainm seo sa téacs.

**§99. Ceann Cholla mheic Fáitheamhail:** Tá plé ar mheadaracht na laoi seo in **filíocht (4.3).**

*Ag foraire Chinn tSléibhe:* Maidir leis an réamhlitir *t-* roimh *s(h)*, is cuid den alt é an *t-* go stairiúil, ach tá sé le fáil mar athrú tosaigh i ndiaidh an ailt i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. De réir *SnaG* (IV, 3.5), ní cóir an réamhlitir *t-* roimh *s(h)* sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach ach amháin i ndiaidh an ailt, ach tá sé le feiceáil gan alt i gcásanna éagsúla ón tréimhse seo, rud a léiríonn go raibh an

réamhlitir *t-* roimh *s(h)* in úsáid i roinnt cásanna mar ghnáthshéimhiú ar *s-*. Maidir leis an logainm *Ceann Sléibhe*, tá trí rogha in Hogan 1910, atá pléite san **innéacs áiteanna**.

*Creamhnais curadh fá buan bladh*: ‘The cutting of a warrior whose fame was permanent’. Is cosúil gurb é an focal *crephnas* atá i gceist anseo, a chiallaíonn ‘swift running’ (féach *DIL* s.v. *crephnas*).

**§101.** *Cuilleann Breagh a bruachaibh Meadh*: Tá an laoi seo pléite in **filíocht (4.3)**.

*a bruachaibh Meadh*: Níl an áit *Meadh* luaite in Hogan 1910.

*Nochar thadhaill fiadh nó [fao(i)ch] / [Ceathrar laoch fa chomhlann dó ]*: Maidir leis an bhfocal *fraoch*, roghnaíodh léamh A2 ar mhaithe leis an gciall. Tá léamh A2 in úsáid sa chéad líne eile chomh maith toisc go ndéanann *fraoch* aicill le *laoch*. Tugtar léamh A sna fonótaí.

**§102.** *Fiodh Rocaime*: Nílim cinnte faoi fhoirm an logainm seo. Níl teacht air in Hogan 1910. Luann sé an léamh malartach Fid Caoimhe, áfach.

**§103.** *Ní hiad na cairde rom char*: Tá an laoi seo pléite in **filíocht (4.3)**.

*Fúicfead-sa a mbaidhbh fa conaibh*: ‘I will leave their scald-crow to the hounds’. Tá fadhb leis an bhfocal *baidhbh* anseo ó thaobh na céille de. Bheadh

cíall níos fearr ag baint leis an bhfocal *fadhb* sa chomhthéacs seo: ‘I will leave their spoils to the hounds’. Tá an focal *corp* in áit *baidhbh* in A2, agus *béal* atá in B.

*Eidir magh mhín is mhuine:* Glacaim leis gur gnáthfhocail in ionad logainmneacha iad *mhín* agus *mhuine*, bíodh go bhfuil teacht ar *Mag Mín* in Hogan 1910, 526.

§105. *do ghabh ag féachain an áir anabaigh-sin:* ‘he began to look at the untimely/terrible slaughter’. Maidir leis an bhfocal *anabaigh*, féach *DIL* s.v. *anapaig*.

§106. *An ghlaise-se Glaise Chró:* Tá plé ar mheadaracht na laoi seo in **filíocht** (4.3).

*San sruth seo ro shileasdar:* *ro shileasdair* atá in A ach déanann *ro shileasdar* comhardadh níos fearr le *fear* sa líne roimhe.

[*Laoch mar Chonall chathchalma*]: Roghnaíodh léamh A2 anseo mar tá A doiléir anseo. Tugann A2 an méid ceart siollaí agus déanann sé comhardadh le líne C.

[*Uisce glan na glaise-se*]: *Deoch d'uisge na glaise-se* atá in A. Léamh A2 atá in úsáid anseo chun athrá a sheachaint. B’fhéidir go ndeachaídh líne D i bhfeidhm ar líne B.

**§107. *ghéarleadair*:** Glacaim leis gurb í brí an fhocail seo ná ‘sharply cut / severed’, agus go bhfuil an aidiacht *gér* ‘sharp’ (*DIL* s.v. *gér*), agus an briathar *letraid* ‘cuts / severs’ (*DIL* s.v. *letraid*) i gceist anseo.

*do bhrosdaigheadar a mbuileadha:* ‘they hastened their blows’. Maidir leis an bhfocal *buileadha*, is gnách dhá *l* a bheith ann (féach *DIL* s.v. *buille*), ach tá fianaise ar an bhfoirm le haon *l* amháin mar mhalaire in *DIL* freisin (féach *DIL* s.v. *buile* 2).

*runalach:* Ní léir dom brí an fhocail seo, agus níl réiteach le fáil sna léamha malartacha.

*is eisean an [treas] athair ar seilbh a raibh sé .i. Conall Cearnach , Cú Chulainn , Cú Raoi mac Dáire:* Maidir leis an ngaol idir Lughaidh mac Con Raoi, Cú Chulainn, agus Conall, féach an nota in §84 thuas.

**§109. *A Chonaill, gidh iad na cinn:*** Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**.

*[Is é is neasa dom leith cli / Cean an rí[ogh] nár athraigh dath]:* Is léiriú é an aicill idir *cli* agus *rí[ogh]* go raibh *rí* agus *ríogh* rite ina chéile ó thaobh na fuaimé. Féach freisin na notaí ar *rí* in §2 agus in §72.

*[Cuich na sé cinn-se is olc néimh / Do-chím féin ar m'aghaidh thuaidh]:* Roghnaíodh léamh A3 anseo ar mhaithe leis an meadaracht. *Cuich na sé cinn-se*

*is olc niamh / Do-chím féin ar m'aghaidh adtuaidh* atá in A, ach tá A3 in úsáid mar déanann *néimh* aicill le *féin*.

[*Do Chloinn Chailitín modh ngnáth*]: *Do Chloinn Chailitín réir choir sgáth* atá in A anseo ach tá rófhad sa líne agus níl aicill idir líne A agus B. Tá léamh A3 in úsáid mar réitíonn sé na fadhbanna meadarachta seo.

[*An bhfuil cumha ortha um ch[u]ilt nó um chéis*]: ‘Are they sorrowful [when seated] around a couch or [when gathered] around a harp’. Léamh A7 atá in úsáid anseo mar ní thugann A ciall rómhaith (*An bhfuil cumha um cholt nó um ghéis*). Tá fadhb leis an líne go fóill, áfach, toisc go bhfuil rófhada ann.

*D'fhaicsin amuigh is amach*: Glacaim leis go mbaineann an bhrí ‘coming and going’ nó ‘in and out’ le *amuigh is amach*. Tá sampla den nath seo le fáil in *DIL*: *mar lán mara amach 's amuig*: ‘like the flood-tide out and in’ (féach *DIL* s.v. *ammaig*).

**§111.** [*Claoitear m[o] fheart budheasda*]: Tá plé ar an meadaracht in **filíocht (4.3)**. Níl teacht ar an laoi seo in A, críochnaíonn an téacs leis an nath *agus do rinne an laoidh ann* ach ní leanann an laoi. Chuir mé isteach ó A3 í chun an bhearna seo a líonadh. Tugtar an dá laoi bhreise atá le fáil i roinnt bheag cóipeanna i ngrúpa A1 (laoithe XXXI agus XXXII, féach **lámhscríbhinní, 2.1**) san aguisín.

[*Cumhsgraíd*], *Cormac is Conall*: *Comscradh* atá in A3 anseo, ach tá fianaise ar *Cumhsgraíd* in §45 (*An ar Cumhsgraíd*).

*Deic[h]tin, Conchobhar, [Cathfadh]: Cathbhoith* atá in A3 anseo, ach roghnaíodh an fhoirm *Cathfadh* ar fhianaise na samplaí ar fad den ainm seo atá in A.

*Agus [macraíd] na mórrshluagh: macraidhe* atá in A3 anseo, roghnaíodh léamh A4 mar is cnuasainm é *macraíd* agus foirm an ainmnigh uatha atá ag teastáil. Maidir leis an bhfocal *macraíd* agus na foirmeacha a bhaineann leis, féach *DIL* s.v. *mac(c)rad*.

*Maith é ag imdhídean [Uladh]: Ulaidh* atá in A3 agus A4 anseo, ach *Uladh* atá ag teastáil ó tahobh na gramadaí agus na meadarachta de, agus tá an fhoirm stairiúil tugtha ar ais agam, mar sin.

*In dingne neach tar a éis / A oirbheart arna aisnéis:* ‘Will anyone after him do his great deed, as it has been related’. Maidir le *dingne*, an tríú pearsa uatha, foirm spleách, aimsir fháistineach den bhriathar *do-gní* atá i gceist (féach *SnaG* IV, 7.18).

# **AGUISÍN 1**

# **EAGRÁN DIOPLÓMAITIÚIL**

## Eagrán Dioplómaitiúil ó NLS 72.1.38

1. Feachd naon dia ttángador Ulaidh go hEamhain mhionálainn Mhacha go subhach sobhrónach soimheanmnach *et* tainig Cú Chulaind go Dún Dealgan íar mbúaidh gcosgair *et* gcomaoídmhe do bhreith ar fhearuibh Éireann a gcath Fionnchoradh , a gcath Rois na Ríogh for Bóinn , a gcath gáibhtheach Gáiridhe úair giordh mór do churadhuibh , do chaithmhíleadhuibh, do rioghuibh , do rothaoísiochuibh fhear nÉireann do thuit le Coin gCulóinn nocha dheármaidh riamh gníomh nó éucht budh fearr iona Cailitín guna sheachd macuibh fichead do thuitim leis úair ní raibh ceisd éuga ná oigheadha air ó do thuiteadair sin leis. *Et* as amhluidh do fháguibh Cailitín a bhainchéile taobhtrom torrach an tan soin , an uair tainig a hionbhuidh , am tuismighthe a toirrcheas rug sí seisiор daontoirbheart .i. tríur mac , triúr inghean , tainig Meadhbh Chruachan inghean Eachach Feidhligh da nionnsaigh , do roine amadain , amoideadha túathchaocha dhíobh ór do bhean sí a leathch[...]sa deasa *et* a leathlámha clé dhíobh , ro leasoigheadh go maith le iad go ceann a seacht mbliaghan , tainig Meadhbh dá nionnsaidhe iar sin [.....] adubhairt friu: An bfeadabhair a Chlann Chailitín, ar sí, cia do mhar[.....]air, do fheadamar, ar síad, gurob é Cú Chulóinn do mharbh é. As fi[.....], ar Meadhbh , deanuidhsí imtheachd do dhéanamh bhur bfoghluma ar fud an domhain mhóir soir, ar sí, , eirigidh do chum na ndraoitheadh do budh fearr foghluim do chluinfe sibh , deanaidh bhur bfoghluiim go maith aca.

2. As ann [...] do għluaisiodar Clann Chailitín rompa , do chúadar go hAlbain , do bhádar tri bliaghna [.....] , do chúadar íar sin a Saxanuibh , do bhádar da

bhliaghuiin innte ag foghl [...] draoitheachda , diábhuidheachda et do chúadar íar sin don Bhabalóin , do shirea [...] fos dráioithi an domhuin o thurghabháil ghréine go fuineadh ag deanamh a bhfo[.....] go rángodar críocha adhuathmhara Ifrind , do bhadar dá bhliaghuiin an[....] bfocair Bholcain Goibhneann , do rinne airm gaisgidh dóibh íar sin .i. trí cloidhmhe , tri sgeana. Ag so bhur naimr ullamh a Chlann Chailitín [.....] imtheacht leo feasda , tuit[....] tri righ dona tri [.....] // [8] slinngheara sairneimhneacha sin et as íad sin trí sleatha as mó neimh , gráin do ronadh liomsa ríamh go nuige so uair as leó go firinneach thuitfid na trí righ oirrdhearca .i. an Líath Mhacha rígheach Éireann , Cú Chuloinn ríoghlaoch Éireann et Laogh mhac Rí an Ghabhra ríghiolla Éirionn. Et ad beart an laoíd ann:

3. Atáid sunna bhur [...]rm áigh, a Chlanna Cailitín cháidh  
Do sáoth libh gidh maith a ghné, an cú ful a Muirtheimhne  
[...]nmann bhur sleagh le cur gcath, gáoth , ágh is urchar  
Anmann bhur gcloidheamh go mblagh, lot , leódh is leadragh  
[...]o sáoth libh an cú cúa, cneaghach créachtach cathbhuadhach  
Aonmhac Deitchine gan on, ar bhur gcionn atáson. A.T.A.I.D.

4. [...] haithle na laoídhe sin ro cheileabhradar Clann Chailitín do Bholcan , do ghluaisiodar rompa amach a hlfrionn , tángadar lé néulluibh na gáioithi glanshúaire gléanúidhe gonadh ann ro thúrnasdair do chum comhnaidhe ar fhaithche chaomhaluinn na Cruachna lé héirghe láoi. Ro éirigh Méadhbh go romhoch do ló an lá soin , do dhearct úaithe ar fud na faithche , ad chonnairc

na hamuidealha adhúathmhara iongantacha anaithnidh amuigh *ar* an bfaithche, *ar* na bfaicsin dí ro ghabh brat aluinn iongantach uimpe ór do aithin sí gur ob íad Clann Chailitín do bhí ann, do chúaidh go roéusguidh amach *ar* an bfaithche, ro fhear sí fiorchaoín fáilti rompa, do shuidh sí eatorra, ro fhiafraigh sgéala a niomthusa féin díobh, do róine an *laoídh*:

5. [...]ía bhur mbeatha a sheisior sáor, go clár fódla na bfionnchraobh  
[...]n túaloing sibh móir an modh, dul do dhíoghuil bhur náthor  
[...]risi linn a Mheadhbh mhór, tfáilte do chuirm do chomhól  
[...]dh ad dheaghuidhsí a lí ghlán, tainig díoth ar ndeaghathar  
[...] athairsi nochar bholc, guna sheachd macuibh fishead  
[...] Chuloinn ro mharbh, ro bé an gleó uáthmhar agarbh  
[.....]as gach tír, a Chláanna cródha Cailitín  
[....]éidh roind, aga bfúarábhuir foghloim // [9]  
As é *ar* noidine a nAlbuin, Curas et Ceann Campuir  
As é *ar* noide a Saxuibh soin, Sreamadh Freamadh mhac Fiodhoigh  
Ar ndoideagha a bFrainnc amuigh, Giobha is Gabha mhac Faghuil  
*Ar* noide a mBabalóin soin, Casal Figheadh mhac Faghoil  
Ar noide a ttíribh colach, Musgalach mear mórgħlonnach  
*Ar* noideadha sin go dil, a inghean Euchach Feid[...]gh  
Tángomar *ar* ndol tar cúan, go Bolcán na narm nionnfhúar  
Do shireamar ní budh lía, go hinis mhara meidía. D.I.A.B.H.U.R.

6. A haithle na laoíde sin ro fhíarfuidh Meadhbh dhíobh, an dearnabhair bhur bfoghluim go maith is na críochuibh sin a Chláanna Chailitín, *ar* sí. Do rónamuir,

ar síad, ór do gheúnmáois catha cródha comóra cóirighthe dona gasánuibh siubhlacha sanoisi 7 do bholgánuibh búaidhirthe béisle 7 do dhuilliothar na dainghe doisleithne. As ann sin rug Meadhbh lé iadsan a rítheach na Cruachna 7 do freasldadh et do frithshéoladh iad do núa gacha bídh 7 do shean gacha dighe gur ba measgtha meadharghlórach íad 7 do bhádar trí lá 7 trí hoídhche mar sin a gCruachuin.

7. As ann sin do fúagradh mórluáigheadh móradhbhal ag Oilioll 7 ag Meidhbh 7 ag ceithre hollchóigidh Eireann go Crúachuin 7 do cuireadh feasa 7 teachda ar ceann Lughaidh mhic Con Raoí 7 táinig da nionnsoidheadh et do bhí Meadhbh 7 Lughaidh ag áineas iomagallmha 7 ag caoíneas chomhráidh re a chéile. An bfidir tusa a Lughaidh, ar Méadhbh, cía do mharbh thathair, do fheadar, ar Lughaidh, gurob é Cú Chulainn do mharbh é. As fior sin, ar Meadhbh 7 tángadar Clann Chailitín chugamsa anois ar gcúartughadh an domhain dáibh ag déunamh foghloma fá chomhair Chon gCulainn do thuitim leó ór ní fhuil urra nó airdrígh nó taoísioch túaithe nó tréunchóigeadhach nó brughaidh bóichéadach baile nó déoraidh nó amhus nó easurra a gceithre hollchóigidh Éireann uile dá raibhe na aghaidh nár thuit a athair nó a bhráthair nó a chara nó a chlíamhuin nó a chomhdalta lé Coin gCulainn ar mhórchogadh Thána Bó Cuailghe ion gach áit a ttarla ris iad gurab uime sin a[...] cóir dháoibhsí léirthionól 7 mórluáigheadh Éireann do dhéanamh da ionnso[.....] dhíoghuil bhur nuilc 7 bhur néugcóna fair.

8. Do ghabh Lughaidh do [...] // [10] sin do fhreagra 7 táinig roimhe go réimeamhuiil roithionólte go rioghraíd Mhumhan maille fris. Et do chuir

Meadhbh feasa *et* teachda go tinneasnach ar ceann laochraíde Laighean go lúthghaireach *et* tainig Maicníadh mhac Finn *et* Conchobhar mhac Rosa *et* rioghraídh Laighean uile da hionnsoidhe *et* do aigill Meadbh íad mar so. Maith a Chonchobhair *et* a Mhaicníadh, ar sí, an gcualabhair Clann Chailitin do theachd go hÉirinn, ní chualamair idir, ar siad. Mas eadh, ar Meadbh, tángadar go mórdhraoigheacht leó *et* an bfeadabhairsi cía do mharbh bhur naithreacha. Do fheadomair, ar Maicníadh, gurob é Cú Chulainn do mharbh íad. *Et* do chuir Meadbh fios ar ceann Eirc mhic Cairbre *et* tugadh Earc dá hionnsoidhe. Maith a anam a Eirc, ar Meadbh, an bfeadruisi cía do mharbh thathair *et* athair gacha curaidh *et* gacha caithmhileadh dá bhfuil ad rann, do fheadar, ar Earc, Cú Chulainn do mharbh mathairsi, ar sé, a gcath Rois na Ríogh for Bóinn. As fior sin, ar Meadbh *et* coimhthrialltar morshlúraigheadh mór libhsí do dhíoghuil bhur gcneadh *et* bhur gcréuchd ar Choin gCulainn. *Et* do fháomh Earc an slúaigheadh sin do dheighfhreagra *et* naisgeas Meadbh a bhréithir ar Earc fán slúaigheadh sin do chomóradh don chur sin *et* do imidh Conchobhar *et* Maicníadh *et* Earc dá ndúintibh *et* dá ndeaghárasuibh féin don duladh sin *et* do bhádar ceithre hollchóigidh Éireann go sochair sádhal soimheanmnach iona ndúintibh *et* iona ndeaghbhaitibh féin nó go ttainig am imtheachda dháibh *et* an tan tainig do thionóileadar na cóigeadhaigh *et* tángodar go Cruachuin *et* do bhádar trí lá *et* téora hoidhche innte.

**9.** *Et* a gcionn na réé *et* na haimsire sin do ghlúaisiodar na slúaigh romhóra sin rompa *et* as í slighe do ghabhsad tar Magh Cruinn *et* tar Magh Túaim Monadh *et* tar Magh Finn áit a ttorchair Fionn mhac Lonchraois lé Coin gCulainn roimhe sin *et* as sin go Duibhthír áit a ttorchair Dubh mhac Lonchraois lé Coin gCulainn *et* a

ttír Chaibhdean áit a ttorchair Caibhdean mhac Lonchraoís lé *Coin gCulóinn* ⁊ do ghlúaisiodar rompa as sin go *Seanáth fris a ráitear Áth leathan Lúain* ⁊ dathois bfeair nÉireann ⁊ do ghabhadar longphort ann an adhuigh sin ⁊ do éirgheadar amocha laoí ⁊ lánshoillsi ar na mhárach ⁊ tángadar [...]pa go *Gleann an Eóin* ⁊ go *Gleann Mór* ⁊ go *Crunnloch fris a ráitear Loch* [.....] tan so ⁊ do ghabhadar longphort an adhuigh sin ann ⁊ do ghlúaisiodar // [11] as sin san maidin ar na mhárach is na róduibh ríogha roshoillsi go rangodar gu Táiltin taobhúaine et do gabhadh leó longphort innte an adhuigh sin ⁊ do *hairgeadh* leó ar na mhároch Magh Breagh ⁊ Magh Midhe ⁊ críoch Theafa ⁊ críoch Chruithneach ⁊ Chearmna ⁊ Chúailgne ⁊ Chnódhbha ⁊ do chualadh *Concubhar* ⁊ Ulaidh uile archeana an chríoch do chreachadh ⁊ dionnrodh do losgadh ⁊ do lúathairgin lé mórsláighuibh Méidhbhe ⁊ le míleadhuibh Mumhan et le láochrudhibh Laighean ⁊ an Dubh Loingeach gan bhreith lé nó Fearghus nó Cormac Conloingeas ar an sluáigheadh sin ór do badh dearbh deimhin léisi nach ttiucfadh dfhearuibh Éireann uile Cú *Chulóinn* do mharbhadh tar imdheall Fhearghusa et an Dubh Loingsi ⁊ do thuit an Ceas Náoidhean ar Ultuibh an tan soin.

**10.** Cáit a bfuil Leabhorcam, ar *Conchobhar*. Atáim sunna, ar Leabharcham. Glúais romhad, ar sé, ar ceann Chon gCulóinn ⁊ tabhair chugóinn é uair as chuigesean do rónadh an slúaigheadh ceilgeisi do chluinmíd ⁊ fágbadh Dún Dealgan ⁊ Magh Muirtheimhne ⁊ tigeadh dom ionnsoidheisi gan shuireach gan oirisiomh go hEamhoin ⁊ anadh don chur so innte ar mo chomhairleisi ⁊ ar comhairle Chathfoidh ⁊ Gheanainn Ghrúadhsholuis ⁊ Aimherghin ⁊ Fhercheirtne file ⁊ na bfileadh uile archeana dóigh ámh dá ndeachadhsan ón chogadh ⁊ ón

cheilg choimhthimchillsi do rónadh le a bhíodhbhadtúibh dá bhasgadh do thuitfeidís fir Éireann linne , leision , le Conall don tslúaigheadh do ghéunmaoísne chucasan , ní léicfidh a eaglasan et imshníomh an churaídh Chonaill do bhreith orra teachd ní budh sía na tángodar san chóigeadh úair ní mó ná mo chuidsi do chrich Bhreagh , Mhidhe mhillfidhear leó don chur so , seachnadh sé don chur so móirimdheall Mhéidhbhe , draoidheachd dhoiomghabhala Chloinne Cailtíne chlaoinnhillti , lón aingidheachda iomthnúthacha ainíarmairteacha Oilealla , feidhm fhorránta fhórlannmhór fhóirneartmhar cheithre nollchóigeadh a naonmhuidh na aghaidhsion na áonor. Dóigh ámh as eision do mharbh Fionn mhac Rosa .i. rí Laighean a gcath Fionnchoradh , as é fós a mharbh Fraóch mhac Fiadhlaigh , Glanbhuinne gusmhar gairgbheódha na gamhanraighe // [12] maille ris san chath chomór chéadna , do thuit leis san ló chéadna Dearc Cú mhac Connraig , drong mhór do mhaithibh Mumhan iona thimcheall , do thuit leis fós Cairbre Nía Fear a gcath Rois na Ríogh for Bóinn , do cuireadh leis ár fhear mBreagh , Midhe san gcath chródha chéadna soin et as leis do thuit dá éisi uile éuchd budh mó ná gach uile éuchd díobh sin .i. Cú Raoí mhac Dáire áirdrí Mumhan , tréunchosnamhach bfear ttalmhan uile , as é do mharbh Fercheirne , Fíamhuin , Fíadmhar , Níall , Lughaidh , Lóch et Laonbhuinne , do chuir mórár Mumhan archeana gurob aire sin as cóir dhósan tré chomhairle Chafaíd , a charad , a chomhdháltadh , ar mo bheannochdainsi , ar bheannochduin Uladh uile a iomghabháil don toisgsi.

11. Táinig Leabharacham leis na haitheasguibh sin go héusgaidh athlamh mar a raibhe Cú Chulainn et as ann do bhí Cú Chulainn an lá soin eidir Eóchaoín ,

muir ag forbhoisi *for éunuibh*. Ciodh thráchd gérbh iomdha éoin ósa chionn an lá soin do chúadar slán uile úadha gan aoinéun do mharbhadh dhíobh. As ann sin tainig Leabharcham gus an ionadh a raibhe 7 fearuidhsiom fíorchaoín fáilte frí. As tairisi liom an fháilte sin, *ar Leabharcham* 7 as amhlaidh do bhí an bhaineachlach sin 7 a teanga *ar teibearsnoidh* na cionn 7 a boill uile *ar coimhchrioth* 7 *ar corraighe* 7 do fhíarfaigh Cú Chulainn sgéula dhí. Atáid sgéula móra agam, *ar sí*. As ann sin do innis Leabhorcham gach ní dá ndubhaint *Conchobhar frí* do Choin gCulainn ó thús go *deireadh*. Atáid, *ar sí*, maithe 7 móruáisle banntrachd 7 bandála 7 ollamhain an chóigidh uile gut athach *et* gut eadarghuidhe um an sluáigheadh so bfear nÉireann do sheachna don chur so 7 Dún Dealgan 7 Magh Muirtheimhne do mhór iomghabháil 7 gan dul at áonar a néugcomhlann an tslóigh adhbhalmhóir úd.

12. Do dhéunoimne an chomhairle sin, *ar Láogh* mhac Rí an Ghabhra 7 do chúadar íar sin go Dún Dealgan 7 tugadh Eimhir inghean Fhorghoill Mhanach amach chuca *ar* an bfaithche 7 do rónadh comhairle leó ann sin 7 as í comhairle tug Eimhir 7 Láogh 7 maithe an *teaghlaigh* do Choin gCulainn an chomairle tug *Conchobhar* 7 *Chafadh* 7 *Ulaidh* // [13] uile dhó dhéunamh 7 dul go hEamhoin mar a rabhadar maithe Uladh uile um Chonchubhar isan Cheas Naoídhean. Do chinn Cú Chulainn *ar* an gcomhairle sin *ger bhá* leasg leis a déanamh uair níor fágadh 7 níor folmhaigheadh Magh Muirtheimhne nó Dún Dealgan nó crioch Chúailgne roimhe sin ríamh ó do ghabhsan *ceannus* 7 *tighearnus* orra go haoís na húaire sin. Íar sin do thóghbadh Eimhir iona *carbad* 7 do folmhuigheadh an dúnadh go deaghthapaidh leó 7 to theitheadar a néidigh 7 a nealbadha 7 a ninnile fa Shliabh Cuilleann *budh* thúaigh a nOlltuibh *et* tainig Cú Chulainn go

hEamhoin Mhacha , do sguireadh a eich dhó ann sin , do cuireadh an Líath Mhacha , an Dubh Saoileann ar féarghort ghabhála , téid Cú Chulainn iona ghríanán għlanradhairc ghloinidhe féin.

13. , ó do chúaladh Conchobhar , bantrachd binnbhríathrach , mná míne maórdha macánta malachdhonna bíthe banamhla béulchorcra Cú Chulainn do theachd don bhaile do rónsad muirn mhór , meadhair adhbhal aoibhinn , seasdán subhach sofhorbfáoilidh a solusbhruighnibh , a ngrianánuibh fionna fairsionga et a ttoigthibh soillseacha sliosbhláithe an bhaile uile et ar gclos an sgéoil sin do Chonchobhar as eadh adubhaint lé Cathfadh , lé Geanann Grúadhsholas , lé na fileadhuibh , lé na hollamhnuibh , lé bantrachd an chóigidh uile Cú Chulainn do choimheúd , do chomhairliughadh go diochra dúthrachdach don duladh sin uair as orra nach ttiubhtradh sé éura nó eiteach lé hairc nó lé héigean dá tteigéumadh dhó a ló nó a noidhche ór atáthar dha thairrngire lé tréimhsí fhada do bhliághnuibh gurab don mhórshlúaigheadh so do rónadh lé fearuibh Éireann et le cumhachdoibh clاؤnbhúaidheartha Chloinne Cailitín , lé móirimdheall Méidhbhe do muirfidhe é gan amharas gurab aire sin as cóir dháoibhsí bhur ninntleachd , bhur nealadha do chaitheamh um na cúisibh sin dá choimheúdsan. Dóigh ámh dá ttuiteadhsan don turus so do thuitfeamaoísne uile , do thuitfeadh cosnamh , conách an chóigidh go brách arís. As fior sin, ar Cathfadh , ar cách uile go coitcheann. Mas eadh, ar Geanann Grúadhsholas, rachmaoidne da ionnsoidhe gion go bfuil tarbha san teasargain sin , do għluaisiodar na fileadha , an banntrochd rompa san għrianán a raibhe Cú Chulainn , Eimhir. Et do fhearsad fiorċháoin fáilte go fríochnamhach friú , do thoirbhireadar teóra póg go dil , go diochra do Choin għCulainn et do // [14] shuidheadar na fileadha , an

*bantrachd* , aós cíuil , ealadhna an dúnadh uile iona thimcheall , do tógbadh búird acu , do rónsad ól , aoibhnus , urgháirdiughadh meanman , aigeanta , imeirt et cluitheadha , céol iona bfiagnusi da urbhareagadh. Sgéula Chonchubhair go nuige sin.

**14.** Iomthúsa bfear nÉireann do bearar ós aird. Tágadar go hÁth Ealadha a Magh Muirtheimhne , do ghabhadar sosadh , longphort ann an adhuigh sin , do léigeadar síortha leathna lúaithbhiodhbadha fana críochuibh na nuirthimcheall ar maidin ar na mhárach do creachadh , do coimhréabadh do loisgeadh , do lúathairgeadh do milleadh , do móirdhitheadh Magh Muirtheimhne , Dún Dealgan et Machaire Chonuill , tugadh go Magh Muirtheimhne go hathlamh urmuisneach na creacha , na héudala sin. As ann sin tugadh Clann Chailitín do chum bfear nÉireann , do labhair Meadhbh friú , as eadh adubhaint: Do gheallabhairsi a Chlann Chailitín, ar sí, Cú Chulainn do thabhuirt dár nionnsoidheine fo cheann trí lá , trí noidhche. Ma do gheallamar, ar síad, coimheollmaoid gan chonntabhairt é.

**15.** As ann sin tangadar trí hingheana corpainmheacha cláona Cailitín .i. trí bádhbha sirtheacha siobhlacha saobhghlúineacha síabhortha , ro bíd sin na trí hamuideadha dubha dúabhsiocha drochdhatha diangháibhtheacha diabhlaidhi , do ghlúaisiodar rompa go réimeamhuiil roéadtrom lé laómannuibh na lúathgháoithe go lúthghaireach nó go rángodar go hEamhoin gan imreasoin , do shuidheadair na trí fúatha feasacha fiorgránna sin ar faithche na hEamhna go húathfásach , do bhúaileadar ar foinnghrian na faithche féarúaine do chathuibh iona ttimcheall gur dhealbhadar catha comóra do shluaghuibh , do shochroidibh

*ar an bfaithche do ghasánuibh siubhlacha súaitheanta sanus* , do bholgánuibh búaidhearthá beilche , do dhuilliothar dathálainn daиргhe et do chúalaidh Cú Chulainn greasachd , gáir na gcath , na gcéud et na gcóirighthe ag lot , ag lúaithimhilleadh an dúin.

**16.** , as é do bhí ag coimhéud *Chon gCulainn* an lá soin Geanann Grúadhsholas mhac Cathfadh et do fhéuch Cú Chulainn amach *ar an bfaithchi* , ad chonnairc na catha comóra ag comhthúargain a chéile gan choigill et od chonnaircsion sin do himdheargadh go hadhnárach uime aga bfaicsin , do ling buinne borrfadach boirbthréun san gcuradh , do chuir a lamh chlé faoi ag // [15] éirghe dhó ro íadhusdair Geanann a dhá láimh leabhra lánghasda go hárrochta uime dá fhasdoch , do chuir iona shuidhe é. Trúagh sin a Gheanainn, *ar Cú Chulainn*, dob fearr liomsa iona ór an domhain , na maitheas na cruinne tinidhibhe mo shaoghail do theacht roimh an gháirsi do chluinim uair bíaidh athois fhíaghnach agá hinnisin orm tar méis dóigh ámh atá an seanhocal go cuimhneach ann agá rádh .i. búaine bladh iona saoghal. Léig sin thort a Chuí Chulainn, *ar Geanann et ni* fhuil *acht* saobhshlúagh síabhortha síthe ann súd, *ar sé*, et as í so an gháir dhúaibhseach dhráoigheachta do dhealbhadar Clanna claonbhúaidhearthá ciorrhtha colaichmhillte corpainmheacha cáocha Cailitín fád chomhairsi dod chealgadh , dod chombúaidhreagh a Chúagán chathbhúadhuigh, ar Geanann agus ad beart an laoidh:

**17.** A dhearbháthair Dheitchine, a dhearaghlaís dhúanuigh

Léig dhamh a dheighfhirsi, dul fána slúaghuiibh

Taidhbhsí na cruthantuáithe, *ar eachuibh* díamhra

Nocha buidhne roghaoíse, achd sáobhshluagh siabhradh

Nocha slúagh óg ildealbhach, lé gcuirthear graifne

Achd féur, duilleabhar, táinig ar an bfaithche

A óineach ghéubhas mhearradhsa, lé greaghuibh gnátha

Nocha ttiucfa um ionadhsa go laithe an bhrátha. A Dhear.

**18.** A haithle na laoidhe sin do fhéuch Cú Chulainn amach arís ar an bfaithche et ad chonnamearc na catha cóirighthe dar leis féin amuigh ar an bfaithche, an dara húair do fhéuch amach do chonnamearc groidh mheic Lir ar an bfaithche, bá geis dósan sin dfaicsin, dar leis fós do chúaladh cruit mheic Manoibrí ar an bfaithche agá seinm go súbhach sírreachtach sírbhinn sásamhuiil, bá geis dósan éisdeacht fris an orgán síthe soineamhuiil sin, do athoin Cú Chulainn as na neithibh sin gur coilleadh go firinneach fiadhnach a bhúadha et gur brisiodh a bhúaingheasa, go ttáinig crioch a chaithréime, do rinne an laoidh ann:

**19.** Do coilleadh mo gheasa féin, táinig mo ré gidh olc libh

An ceól so do fhorradh mfeidhm, cruit mhic Manoibrí gá seinm sin

Dar liomsa do chúalaidh sinn, an gleó mór so rinn anoir // [16]

Dar liom do cuireadh go ngoil, ar an bfaithche groidh mheic Lir

Dar liomsa do chúalaanois, gleó móradhbhal ríomh aniar

Dar liom do baidhbhsioch a mhéud, samhuiil do chéud go mbíadhadh

Eírgheas fogháoth gairbhe ngloinn, gur ghlúais amhoing ar an slíabhadh

Le fothrom láoch sghreagh mbras, duilleabhar clodheamh dhá las níamh

Aghmhar go leanas an táin, far bhiomda gair, glonn

Dár thuit Fear Díadh liom san treas, is Cailitín na gcleas gcorr

Mo chomhrag is comhrag fráoch, mór chomhrag laoích *ar* na choll. D.O.

**20.** A haithle na laoidhe sin do éirigh Badhbh *inghean Chailitín* a riochd fhuince .i. fionnóg , tainig ós cionn an ghríanáin a raibhe Cú *Chulóinn* , ad beart na briathra so ann:

A Chúagáin Mhuirtheimhne, mórairgin an da chomhrug, as comhaoís a gcoimhleanman, *ar* Loingeas fuar Fearghusa, tuitfidh leatsa ri Oillioll, Lughaidh , láoch Mhaicníadh, Earc is Colla is Conchobhar, Meadhbh ‘s Maine do tromchosgar, a illreachtaigh ilchleasoigh, éichtmhinic áitheasoigh, a ua Cathfaidh cloidhiomh ruaidh, a mheic dhíon Magh Muirtheimhne, *ar* ghairbhaghleó námhadh móradhbhal *nar* fhaice olc adhbhalmhór, dód choimheirghe a Chúagáin.

Tar a éisi sin do rádha don Bháidhbh ro imthigh roimpe ón ghríanán amach *ar* an bfaithche an úair do éimidh Cú *Chulóinn* dul lé , do ghaireadair na slúaigh amuigh *ar* an bfaithchi *ar* rochtain na Báidhbhe chuca , do chúalaidh Cú *Chulóinn* gáirfeadhoch , sgréuchach na mbáidhbh. As ann sin adubhaint Cú *Chulóinn*: As trom leam bheith ag éisdeacht fris na gairthibhsí a Gheanainn, *ar* sé, , ceuduigh dhamhsa na slúaigh dionnsoidhe et na sgíothbhuidhne sgáithbhréigisi do sgáoleadh , do sgríos uile ón dúnadh ór do thráothadair na gáirthisi mo threisi , do bhúaidhreadair mhaigneadh , mo chíall , do mhúchasdair mo dhráoidheacht bhunadh , mo neart , mo niadhachus , do chláochluigh ceól coimbinn carthanach na cruite do chúalasa mo chuimhne , mo chéudfad , rug mo lúth , mo láthar úaim banntracht gléigheal an ghlanchóigidhsí fá churadhuibh Connacht , Muimhneach , Laighneach , láoichmhidhe , losgadh , láinréubadh chríche Cúailgne , Mhuighe Muirtheimhne

7 do coilleadh mo gheasa uile , táinig comhartha mo chríche deigheanaighe 7 ad  
beart Cú Chulainn an laoidh: // [17]

**21.** Gáir na sluagh um theaghlaigh tTeamhra, ós gach dionn

Caoineadh ban ar fhaithche *Eamhna*, méula liom

Mná Uladh a leabhuibh *Connacht*, borb an gleó

As dom dhíthsi tig an tromolc, as dearbh leó

Fionnoid eólaigh tré na thorann, borb a bhrígh

As soiléir dhóibh nach fuil Conall, is an téar

A gCruthointúaithe do chúaith Conall, tar Muir Meann

Um láimhsí do fhágúibh Conall, a thír theann

A túsa aniogh a meirtin mheabhla, déis an fhir

Gonum torracht dubhshlúagh d*Eamhna*, tar Magh Lir

Mun bheith dráoidheacht mhórdhrúagh *Monaigh*, feibh rom airn

Nocha mhuiरfidís fir dhomhuin, mé a los airm

Mairg don iolar *mairg* don úathadh, ar bioth mbúan

*Mairg* slúaigh Gáoidheal *mairg* don aoínsear, *mairg* don tslúagh

Bíaidh *mairg* dhamhsa bíaidh *mairg* dháibhsion, bíaidh dá *mhairg*

Fearfadsa riú comhlann calma, da mbia *mairg*

Do dhéansa gníomh talcair tréinsheang, da mbia fáoidh

Muirfead leath ghiolladh bfear nÉireann, a níoc Láoigh

Do ghéunsa gníomh talcair tréinsheang, fáth gan chleith

Muirfeadsa leath each bfear nÉireann, a níoc mheich

Do dhéansa gníomh talcúir tréinsheang, fáth gan fheall

Fear , ceirtleath bfear nÉireann, do sáoth leam

Do sáoth meisi is mheach is mhara, do thrí gáibh

Do sáoth Eamhain mhórgharg Mhacha, trúagh an gháir. G. Na.

- 22.** Léig sin seacha a Chú Chulainn, ar Geanann, ⁊ na tabhair dot aire na síangháirthe saoibhmillte sídhe síothghráonna so ag an imbréugshluagh mbeaganbhann cleasbhúaidheartha Chloinne Cailitín god mheasgadh ⁊ gud mhorbhúaidhreadh // [18] dóigh ámh atáid lé seacht mbliaghnuibh ag íarraidh an domhain ag déunamh draoidheachta et diábluidheachta fád chomhairsi dod thuitim leó et as leis na harmuibh neimhe tugadarsan leó ⁊ lé m [...] eart cheithre nollchóigeadh nÉireann atáid ullamh innillti ar do chionnsa a Moigh Muirtheimhne et seachoin go ceann seacht lá ó niugh iad ⁊ rachaidh a ndraoidheacht ar neifni o shoin amach et éireochaidh cumhochta Chathfadh dod chabhairsi ⁊ tiucfaidh Conall gan chunntabhairt a Cruthantúaith dot furtachd ⁊ dot fóirithin ⁊ dá ndearnair mo chomhairleisi don chur so .i. gan fuireach lé feillchearduibh fhallaí fhíorgráonna fúarchroidheacha Chloinne Cailitín ⁊ Méadhbha gan dol tar hais an anárrachtus ⁊ anbhainne ⁊ budh lán an domhan uile dod bhunadh ⁊ dod bhúainsgéaluibh go bruinne bhrácha ⁊ bheatha agá naithris ⁊ ag a ninnisin tar héis et do ghabh Cú Chulainn do láimh go nanfadhar an gcomhairle sin acht gidh de do thiucfeadh sáoghal a oinigh ⁊ a eangnomha dia linn. As ann sin do canadh ceól síreachtach sírbhinn ⁊ ealadhna úaisle iongantacha dhó et do bhádar banntracht ⁊ bannála na bruighne ag fleadhughadh ⁊ ag fithcheallacht ag muirn ⁊ ag meadhair dá gach táoibh iona thimcheall.

- 23.** Et do imthigheadar Clann Chailitín rompa ⁊ ní rugadar Cú Chulainn leó an lá soin ⁊ tángodair féin go longphort bfear nÉireann et do fhiagraidheadar

maithe bfear nÉireann díobh cáit a raibhe Cú Chuloinn. Do éimidh orainne a thabhairt linn aniú, *ar* siad, *et* do bhéurom linn amárach é. *Et* do fheisiodar fir Éireann ann an adhuigh sin *et* do éirgheadar trí mic chláona Chailítín go moch *ar* na mhárach , tangadar na trí hamadain fhúachdha , na trí sirrideagha luaithléimneacha léidmhacha lomluirgneacha leacanbhuidhe , na trí fúatha dáora dealbhgráonna dathúathmhara sin *dá* eitche *ar* dhruimníbh na dianghaoithe *nó* go rángodar faithche na hEamhna *et* ro thóirlingeadar ar an bfaithche , do dhealbhadar ruadhchatha romhóra do bholgánuibh béalche *et* do dhuilleabhar na fiodhbhuidhe fiodhúaine foltblaísi , do léigeadar na catha comóra sin iolgháirthi , áirdioluighthe gráonna gáibhtheacha aisdibh go gclos go cían fána // [19] críochuibh na criothnaighthe sin.

**24.** As orra tugadh coimhéud Chon gCulóinn an lá soin .i. *ar* ingheanuibh ríogh , taoísoch Uladh , *ar* a chaoimhleannán féin .i. *ar* Néimh inghin Chealtchair mheic Uitheachair *et* do rónsad na mná comhairle an lá soin cionnus do chealgfadaoís , choimhéudfadaoís Cú Chuloinn *et* as í comhairle do rinneadar Cú Chuloinn do bhreith leó go Gleann na mBodhar dóigh ámh dob iontaobh mar dhaingean dhíamhair dhoeóluis an tionadh sin *et* tángadar na banntrachta , na bandála sin dha bhréugadh leó amach gunach beith ag éisdeacht ré búaidhreadh na mbádhbh ná re hiolghairthe na namuideadh náimhdeamhail aga aidhmilleadh *et* aga greasacht a gceann a námhad , a bhíodhbadh , a neamhcharad *et* táinig Níamh inghean Chealtchair mheic Uitheachuir da ionnsaidhe , as eadh adubhairt fris: A mheic ionmhuin, *ar* sí, as dúinne tugadh do choimhéudsa aniú *et* táir liomsa , leis an mbanntrocht go ndeachmaois leat dúaignus , durghairdiughadh go nuige mo dhúnadhsa ór atá fleadh agam fád

chomhairsi ann et as coimhéud duitsi a hól. Táinig Cú Chulainn leó amach as an ngrianán nó go rángodar a gcomhfhogas don ghleann, mar do chonnairc seision an gleann do athain gurob é Gleann na mBodhar do bhí ann. Trúagh sin, ar sé, as é Gleann na mBodhar so ad chímeann, nocha rachadsa ann go brách ór ní conair chóir dhamhsa é.

**25.** , ní fada do bhí mar sin an uair do dhealbhadar *Clann Chailitín* catha cródha comóra cóirighthe um an ngleann nó go madh tarfás dósan an chríoch uile do choimhchreachadh go coitcheann, iona conair chúartaighthe, iona gáir námhadt, et as trúagh mo thoisg, mo thurus, ar sé leis an mbanntracht dom bhasgadh, dom bháoghlughadh a neugmus meach, méidigh go ndeachoinn dfasdógh na gcreach, do chumasg ris na cathuibh agus do choimhéad an chóigidh, adubhaint an laoídh:

**26.** Atá gleó rom mhearadh, cía fuil ar na creachadh, nó cía tug ó meachuibh Eidir bhantracht mban, tocht go Gleann na mBodhar, nocha conair ghar // [20]

Do chúadhus feacht áonar daoíbhsí níor sum baoghal mo sháoghal ní leó  
Na curaidh rom charsad, san mugadh níor thagtha gur tháothsad réam  
ghleó. A.T.A

**27.** Táinig Cú Chulainn roimhe go hEamhuin íar sin. Gabhthar mheic dhamh, innilltear mo charbad, ar sé, go ndeachoinn dfios bfear nÉireann. Tugois do bhréithir dhamhsa, ar Níamh, nach rachdá dionnsoidheadh bfear nÉireann go ttugoinnsi cead duit. Ma do thugus as cóir a chomhall, ar sé. As ann sin

rangadar sa dún anonn *et* táinig an mac fa sine do Chloinn Chailitín ós cionn an ghríanain a raibhe Cú Chuloinn agus ad beart an laoídh:

**28.** Éirigh a Chú Chuloinn, fionntar cruas do chumhoing,

*Ar neart námhad, Magh Muirtheimhne na muirear,*

*Nó do dhroing dheighfhear cloidheamh sgiath,*

*Ionnsoidh, an Líath Mhacha, beir lat a gceann chatha,*

*Go sin as feidhm flatha, Eamhain na ród réidh,*

*Na coigill aós grádha, nó cosa nó lámha,*

*Beid na Boinn bána ó thairm ⁊ eirg. Éirigh.*

**29.** *Et ag éirghe do Choin gCulóinn do chuir a lámha faoí et do iadh Níamh a dá ghlaic uime ⁊ do chuir na shuidhe é. An agamsa, ar Níamh ⁊ comhaill do loighe. Do shuidh Cú Chuloinn go haithmhéulach acht gidh eagh do imthigheadar Clann Chailitín ó do chonncadar Cú Chuloinn ar na fhosdógh ⁊ tángadar féin ar amas bfear nÉireann. An ttugabhair Cú Chuloinn chugóinn, ar síad, ní thugamar fós, ar Clann Chailitín. Et muna thugam amárach linn é beanaidhsí na sé cinnsi dhínn et do éisdeadar amhlaidh sin an adhuigh sin.*

**30.** Iomthúsa Chonchubhair san maidin ar na mhárach tugadh Cathfad⁊ ⁊ Geanann Gruádhsholas et na draoíthe uile dá ionnsoighe ⁊ Eimhir inghean Fhorguill Mhánaigh et Níamh inghean Chealtchair mheic Uitheachair ⁊ an banntrocht ⁊ an bandál uile et fiafroigheas Conchobhar dhíobh gá coimhéad do béardaois ar Choin gCulóinn an lá soin. Ní fheadamar fós, bhar síad, do fheadarsa, ar Conchubhar .i. beiridh libh é go Gleann na mBodhar aniú, ar sé, et

as uime *adearar Gleann* na mBodhar *fris* ór dá mbeidís fir an domhain uile iona thimcheall *et* a ngáir // [21] chatha do chur ós áird ní chluinfeadh aón duine *dá* mbeith sa ngleann sin gáir *nó* greadhán *dá* mbeith iona thimcheall gurab *aire* sin as cóir dhaoibhsí Cú *Chuloinn* do bhreith ann *et* coimhéudtar libh aniugh go maith é go fáthach firinntleachtach *nó* gu ttí neart is an tsean *et* is an óg *et* go ttí Conall a crích Chruithneach *dár* gcobhair. A áirdrí, *ar* Níamh, níor fháomh oramsa *et* ar an mbantracht uile dol is an ngleann sin ané *et* sinn *car* an chaomhlaí aga atoch *et* aga eadorghuidhe. Éirgheadh Cathfadh *et* Geanann *et* na fileadha uile *et* an banntrocht leó féin *et* lé hEimhir *et* beirid Cú *Chuloinn* leó sa ngleann úd *et* déanad síad ceól *et* ól *et* aoibhneas *et* ealadhnadha do chantain iona fhíaghnuise dhó gonach cluinfe sé gáir *nó* greasocht Chloinne Cailitín aga bhúaidhreagh. Ní rachsa ann, *ar* Eimhir *et* éirgeadh Níamh ann *ar* ar mbeannochtain ór as í as docra leis déara *nó* dheiteach *et* as í sin comhairle *ar* *ar* cinneadh leó.

31. *Et* tángadar mná *et* macaoimh filidh *et* ollamhuin lucht éigsi *et* ealadhna *et* athchuinghidh *et* gacha dána dá raibhe san dúnadh uile chuige *et* tángadar san teach a raibhe Cú *Chuloinn* *et* Cathfadh *et* Cobhthach Ceoilbhinn an cruitire .i. cáomhdhalta *Chonchobhair* ag cantain chiúil *et* Fercheirtne iona iomdhaidh na bfarradh aga iomchoimhéud *et* aga uirbhréugadh *et* táinig Cathfadh ósa gcionn *et* do ghabh ag agallamh *Chon* gCulóinn *et* ag eadorghuidhe fair a thoil féin do dhéanamh *et* do chuaidh sa niomdhaidh maille ris *et* do thoirbhír téora póg dhó go díochra dúthrochtach. A mheic ionmhuin, *ar* Cathfadh, tarr liomsa aniú dól mo fhleidhe *et* tiucfuid na mná *et* na fileadha uile linn *et* as geis duitsi fleadh dhobadh *nó* do dhiúltadh go firinneach *ar* dhuine *ar* an domhan. Trúagh sin, *ar* Cú

*Chuloinn*, ní maith an tráth óil nó aoibhneasa dhamhsaanois , ceithre hollchóigidh Éireann ag losgadh , ag lúathargain an chóigidh , Ultaigh san Cheas Naoídhean et Conall a gcriochuibh allmhorrach et atáid fir Éireann dá rádh gurab ag teitheadh atúsa , atáid síad dom aithisiughadh , dom // [22] imdheargadh , gidh eagh muna bheitheása , Conchobhar et Geannan , Fercheirtne , na fileadha , an banntroct uile archeana do rachoinnsi dá nionnsoidhe et do bhéaruinn díanscaoileadh náihad orra ionnus go madh lia a mairbh ionáid a mbí , do ghabh Eimhir , na mná uile aga attach , as eadh do ráidh an rioghan ris: A Chúagán, ar sí, níor thoirmisgeasa toisg nó turus dár thograis iomad ríamh a ló nó a noídhche go háos na huaireisi , déana ormsa a chéidshearc , a chéudghrádh , a aonrogha tochmhairc dfhearuibh na talmhan , a aoinleannáin ffileadh Éireann uile éirigh lé Cathfadh , lé Geannan et lé Néimh inghin Chealtchair et leis na fileadhuibh uile dól na fleidhe atá ag Cathfadh fad chomhair et do bhí Níamh fós dá ghuidhe go glic glóirbhinn et do éirgheadar lé chéile , do chuaidh Cú Chuloinn leó go haithmhéalach aimhleasg urchloidheach , tángadar go Gleann na mBodhar. Trúagh sin, ar Cú Chuloinn, atúsa ag seachna teacht sa ngleann so ríamh , ní thangus uair as luga orm ionás et adeirid Ulaidh , fir Éireann gurob ag teitheadh atúsa ann so, ar sé, et tángadar rompa do chum na bruighne romhóire do rónadh lé Cathfadh fá chomhair Chon gCuloinn et do sguireadar an Líath Mhacha , an Dubh Saoíleann ar urlár an ghleanna et do shuidh Cú Chuloinn ar slíos na síothbhruighne , do shuidh Cathfadh , Geannan et na fileadha uile archeana do leith dhe et do shuidh Níamh inghean Chealtchair , an banntrocht don leith oile et do shuidheadar an aos ciúil , ealadhna dá noirfideadh ar an slíos eile ar a gcomhair et do ghabhadar ag

caitheamh 7 ag ól go ceólmhar cluitheamhuil 7 do thóghadar muirn 7 meadhair mhór adhbhal dó ann sin. A niomthúsa go nuige sin.

32. Iomthúsa Chloinne Cailitín do béarar ós áird. Tángadar a thrí hingheana cíorghalachá ciorrlámhacha cáola cosshuairreacha síréadroma siubhlacha go rangadar faithche na hEamhna 7 do chúadar mar a bfacadar Cú Chulainn an adhuigh roimhe sin 7 ó nach bfúaradar ann sin é do shireadar Eamhoin uile et ní fhúaradar é et dob iongnadh leósan // [23] cáit a ndeachoigh Cú Chulainn gan a bheith a bhfochair Eimhire et Chonchobhair no na gcuradh nó sanguineus Craobhrúaidh archeana et do aithnígheadar na harrachtagha go hurmuisneach gurab íad cumhactha Chathfaidh do bhí aga fholach 7 aga anacol orra. Et do éirgheadar go héunamhuil áeurdha le folúamhuin na gaoithe draoidheachta dúaibhsighe do dhcalbhadar go tinneasnach dá ttógbáil do chuartughadh an chóigidh go coitcheann go nár fhágbhadar fiodh nó fáinghleann díamhair nó droibhéal san chóigeadh uile gan iarraigdh do Choin gCulainn nó go rángadar ós cionn Ghlinn na mBodhar et ad chonncadar an Líath Mhacha 7 an Dubh Saoileann ar urlár an ghleanna 7 Láogh mhac Rí an Ghabhra da bforchoimhéud 7 do aithnígheadar gurob ann sin do bhí Cú Chulainn 7 do chúaladar foghar na bfileadh ag an bfleadh ól go fioraoibhinn 7 meadharghlór móradhbhal an bhanntrachta 7 an bhannala 7 na macáomh ag urghairdiughadh meanman 7 aigeanta ar Choin gCulainn do thionóileadar Clann Chailitín ann sin fóthbhannáin chochlacha chluimhghéara 7 bolgáin bheigheónua bhéilche 7 duilleabhar feidhe folúaimneach na fiodhbhaidhe go ndeárnsad óig 7 annroidh iomdha éidighthe fa a narmuibh gaisgidh gonach raibhe cnoc nó tulach nó túath a ttimcheall an gleanna sin nach raibhe lán do chathuibh 7 do chéuduibh et do

chóirighthibh go gclos go néulluibh nimhe *et* go froighthibh na fíormaiminnte na gáirthe gaibhtheacha gláodharda *et* na héimhghe troma treathanmhóra toirteamhla *et* na hiolaighthe gráineamhla groidbheadhgacha do thóghbadar na catha na ttimcheall gur ba lán an téar do chreacuibh *et* do loisgidhibh *et* do lúathgholuibh *et* do bhúireadar bánánaigh *et* bócánaigh *et* banaitheacha *et* do bhéiceadar sduic *et* adhorca *et* árdchomhairc *et* do núallghláodhadar mná *et* fir *et* cúanarta na críche go coitcheann dona cumhochtuibh comóra sin Chloinne Cailitín *et mar* do chluindís an banntrocht na búanghairthi sin do léigdís féin gáirthe romhóra oilé na naghaidh *et* gidh eagh do chúalaidh Cú Chuloinn na gáirthe sin ní as lúaithe nó do chúaladar cách. Trúagh sin, ar Cú Chuloinn, as mór na gáirthisi ad chluinim ag fearuibh Éireann ag creachadh an chóigidh // [24] go coitcheann *et* táinig deireagh *et* críoch mo chaithréimeanois *et* ni bhí mathmhaoínsi dá éis go brách *et* táirníg fós an cùigeadh go bruinne an bhrácha *et* bheatha. Léig sin seacha, ar Cathfadh, *et* ní fuil ann súd acht síangháirthe sítheamhla do shluaghuibh siubhlacha sanoisi do dhealbhadar Clann Chailitín chugadsa *et* na tabhair dot aire íad, ar Cathfadh, acht oiris sunn ag ól *et* ag aoibhneas seal oilé mar sin dóibh *et* do chúalaidh Cú Chuloinn arís na gáirthe romhóra céadna do thóghbadar Clann Chailitín uime sa ngleann *et* an úair do chluindís na mná na gáirthi sin do thóghbadaois féin gáirthe romhóra oilé *et* imreasoin *et* imirt *et* cluitheadha um Choin gCulóinn *et* do tuirsigheadh Clann Chailitín fá dheóigh *et* do chuaidh dhíobh nach raibhe tarbha dhóibh an aoínní dá ndraídheacht tar ghliocus Chathfaidh *et* an bhanstrachta.

33. Déunaidhsí anmhoin annso, ar Badhbh inghean Chailitín, ag comóradh na gcath lé na dís deirbhsheathar go ndeachoinnsi ar ceann Chon gCulóinn sa

ngleann gidh bás do ghéubh dhe. *Et* do chuaidh Badhbh iona baothrúauthor go beagnáireach do chum na bruighne *et* do chuaidh a ríocht mhná do mhnáibh Néimhe inghine Cealtchair *et* do ghoir lé an ríoghan da hagallamh amach *et* do éirigh an ríoghan lé tar dhoras na bruighne amach *et* táinig drong mhór do na mnáibh lé *et* rug Badhbh lé na cumhachtuibh *et* lé na ceilg dhraoídheachta seal fada ón mbruighean amach iad *et* do chuir ar chaoi mheisge *et* mhearuighthe iad ar fud an ghleanna *et* do chuir draoidheacht rómhór eatorra *et* an bhruighean tar a néis *et* táinig féin úatha as a haithle sin ór do bhí a fhios aice gur ghabh Níamh mionna ar Choin gCulóinn nach rachadh dionnsoidhe bfear nÉireann nó go ttugadh sí féin cead dó *et* do chuir Bádhbh dealbh Néimhe uirre féin *et* táinig mar a raibhe Cú Chulainn *et* do ráidh ris na slúaigh dionnsoidheadh *et* as eadh adubhairt: A anam a churaidh *et* a chaithmhílidh, ar sí, atá Dún Dealgan ar na losgadh *et* Magh Muirtheimhne *et* Machaire Chonoill *et* an chóigeadh uile // [25] ar na nargoin *et* as ormsa do béaluid Ulaidh achmhosán tfasdóighsi *et* thiomfhuireach gan do dhol do dhíoghuil na gcreach *et* do chathoghadh fris na slúaghuibh *et* atá a fhios agomsa, ar sí, go muirfidhear mé *et* gurab é Conall mhuirfeas mé gan chunntabhairt fá gan tusa do léigean danacal an chóigidh agus ad beart an laoídh:

#### 34. A Chúagáin Chúailgne chrúaidh, do bhúaidhreadh anois as mór

Gort nó forba ni fhuil fád mhúr, atá Dun Dealgan da dhógh  
Dá ndeachsa a naghaidh an tslúaigh, bíaidh úair is badh dainimh dhaoíbh  
Gé naisgir orm dol na ndíagh, a Níamh inghean Chealtchair chaoímh  
Ni fhreigeór um aonar slúaigh, go tti faobhar forrúadh níadh  
Muna miodhrodh measg go mbuaidh, ciodh fa ttaoi dá luadh a Níamh

A Níamh na tagair ní as mó, gus aniu riamh ní sum trú  
Airrge éuga orm ata, ni tharga an leath céadna a Chú  
Cuir an cath an gein bus lá, ni aisgeadh neach ort gus anú  
Gabh a óig theach read lá ré, na luidh ar do leith clé a Chú  
Do bhéur breithir ris a Níamh, as briáthor ris nach bía súil  
Mo chor a naghaidh an tslúaigh, bíaidh úair as badh dainimh dhúinn  
Sáoghal iubhair dhuit a Chú, ar gach tulach ni bhía trú  
Ní farchadh graifne na gleó, tiucfa beó ón chath a Chú. A. C.H.

**35.** Trúagh sin a Níamh, *ar Cú Chulainn*, as docair taobh do thabhairt lé mnaoi tar théisi *et* do sháoil meisi nach ttiobharthása an cead sin damh *ar* ór an domhain, *ar* mhaitheas na cruinne go comhlán *et* ós tusa cheaduigheas damhsa dol a ndáil bfear nÉireann a néugchomhlann mhór rachad ann.

**36.** As ann sin do éirigh Cú Chulainn go hobann aithmhéulach leis na haitheasguibh sin *et* ag éirghe na sheasamh dhó tárrla beann a bhruit fana chois gclé gur chuir na shuidh arís é da aimhdheóin *et* do éirigh // [26] tré bhiodhgaadh an bhasgaidh sin *ar* nimdheargadh uime *et* do sginn an teó óir as go ndeachaидh go féige na fionnbhruighne *et* ag tuitim anuas dó do chúaidh tré na throighthibh go talmhain. As fior sin, *ar Cú Chulainn*, as bíodhbha an dealg *et* nochá bíodhbha an brat *et* as ag tabhairt raibhthe dhamhsa atá sé *et* ad beart an rann:

**37.** Ní bíodhbha brat sa sead dealg

Bheirus rabhudh do bharr

Brat chíorrbus corp curadh gan fáth re co[...]

Éirg seach chách níom chean.

38. Táinig Cú Chulainn roimhe amach as an mbruighin *et* do fhógair do Láogh mhac Rí an Ghabhra na heich do ghabháil *et* an carbad dinneall *et* do éirigh Cathfadh *et* Geannann *et* an banntracht uile na dhiaigh *et* do shíneadar a lámha uile do bhreith fair *et* níor fhéadsad a fhasdógh *nó* a thoirmeasg *nó* go rángadar as an gleann amach *et* do ghabhadar ag feitheamh an chóigidh umpa tar gach leath *et* do imigh an Bhadhbh úatha íar sin *et* do thóghbadar na gáirthe céadna go húathmhar úathfásach *et* do chúalaidh Cú Chulainn íad *et* as mó do taidhbhrigheadh dhó an úair sin *et* do athoin ann sin gur coilleadh a bhúadha *et* a bhúaingheasa uile *et* do ghabh Cathfadh *et* Geannann aga cheannsoghadh *et* ad beart Cathfadh fris: A mheic ionmhuin, *ar* sé, an *ar* mo chomhairlisi aníú amháin gan dol a ndáil bfear nÉireann *et* coisgfead draoídheacht Chloinne Cailitín ó niú amach dhíot. Uch a oide ionmhuin, *ar* Cú Chulainn, ní fhuil fáth ag iomchoimhéud mhanma feasda ór tainig ceann mo shaoghail *et* do coilleadh mo gheasa uile *et* do cheaduigh Níamh mhimtheacht *et* dol a ndáil bfear nÉireann *et* rachadsa ann ó do cheaduigh *et* rug Níamh orra ann sin. Truagh sin a Chúagáin, *ar* Níamh, *ar* ór an domhuin ní thiubhruinnsi an cead soin duit *et* *ar* mhaitheas na cruinne go comhlán *et* ní mé do cheaduigh dhuitsi dol ann sin acht Bádhbh inghean Chailitín do chúaidh um riochta dod mhilleadh *et* dod mhóirmhealladh *et* an agomsa a chara *et* a chaoimhleannáin // [27] ghrádhuigh *et* níor chreid ní Cú Chulainn déinní da ndubhairt Níamh ris *et* do fhógair do Laogh na heich do ghabháil *et* an carbad do chórughadh *et* a chleasa dinneall.

**39.** Táinig Laogh roimhe do ghabháil na neach *et* ní dheachaidh riamh aonuair *badh* leisge leis dol *da* ngabháil iona an *uair sin et* do chroith na *srianta ar a naghaidh* *et* do theitheadar úadha *et* do iomghaibh an Líath Mhacha é *et* do bhí go fráochdha foirníata fris. Uch as fior sin, *ar* Láogh, as mana mór urrbadha *et* uilc dhamhsa *et* duitsi an tairrngire sin *et* má atá olc a ngoire dhuitsi atá dhamhsa ór as ionann subhachus *et* dubhachus dúinn *et* dob annamh leatsa gus aniú a Léith nach um aghaidhsí *et* a naghaidh do tsréin do thiucfa *et* do ghabh Laogh *ar* an Léith ag tabhairt a túarusgbhála ós áird *et* adubhairt ríá: Annamh *leat* a Léith Mhacha adhbhal go soigheach go sriánach sríanghairthe gan cuing charbuid do chothughadh re coimhéigin ór ba mear le mórchathuibh ba headrom aigeantach a náonaighibh *et* ba breaghdhá go bannáluibh *badh* socair soghabhala re hionnsoidhe *et* le hanadh thu *et* as *leat* ro *badh* mionca bheith go neamhgháibhtheach le húair nanfaidh no éugcomhlann annamh.

*Et* gidh *eadh* fós níor an an Líatha Mhacha le Láogh ann sin *et* táinig Láogh dionnsoidhe Chon gCulóinn *et* do innis dó nár an an Líath Mhacha ris *et* do éirigh Cú Chulóinn féin dá gabháil *et* níor an fris *et* bá comhór lé maoldorn mílidh na déora donnfhola do shíleadh tar ghrúadhuibh an Léith Mhacha *et* táinig Láogh don dara leath don Léith Mhacha. A Léith Mhacha, *ar* sé, as córa dhuit maith do dhéanamh aniú iona *gach* aonlá riamh roimhi so *et* ad beart an laoidh:

**40.** Níor sad eaghlich gus aniogh, níor lag *fad carbad* do chuidbeadh

Gidh cían théighmhís ion *gach conair*, níor sad obthach niomghoine

Níor gháibhtheach a gcléith chatha, do fheadar as iomsgaradh // [28]

Damhsa as duit a Léith Mhacha, tangadar *ar* ttiolaiche

Gach ionadh na ndeachomar sa rangadar *ar* sgéula

Ní fhacaidh neach gan dioghbháil sinne ag imtheacht fá mhéula

A Léith Mhacha mhearradh bhal as mór gcath riamh do siris

Córa meanna maithanois ná aonlá ríamh dá rabhois

On laithe do chomhruigsiom aráon *et* ar naisde

Ní fhacas tusa a ndrochsgur, is ní rabhuis a ngaisde

On laithe do chomhruigsiod aráon *et* ar sgéula

Meinic tu far ttighearna ar fud mhuighe láin léuna

[..]n Dubh Saoileann sítheamhuiil, meinic í a ndáil chomhdhála

Bá socuir bá soighníomha gér dhían níor dhoghabhála. N.I.O.R.

41. Do an an Líath Mhacha re Láogh ann sin *et* do ghabh an Dubh Saoileann na diáigh *et* do chuir an carbad ortha aráon *et* do ghabh ag inneall a chleas *et* ag corughadh a arm *et* a iolshaobhair *et* do ghabh Cú Chulainn a chaithbheirt catha um a chneas *et* do ghabh a roithchleas *et* a airdchleas *et* a fháobhairchleas *et* a ubhoillchleas *et* a chleitínchleas *et* a ritheann *et* a ilchleasa uile archeana *et* do lingiona charbad gan cheadughadh *et* do thuiteadar a aimí úadha uile fana chosuibhsan gcarbad go ndeachodar as a gcóirighthibh siubhail *et* as an ionadhuibh iombúailte *et* as an inneall órdraighe *et* bá cealmhoine mhór uile leósan sin.

42. Táinig Cú Chulainn roimhe a gceann a shéuda *et* tig go hEamhuiin *et* ní fada rángadar an úair do taibhrigheadh do Choin gCulainn na catha comóra ar faithche na hEamhna *et* do chonnaircsion [...] lána aga lionadh do leathanbhuidhnibh lanmhóra *et* do chipeadhuibh catha do chéuduibh do choirighthibh *et* diomad arm *et* each *et* éidigh *et* dar leis fós do chúalaidh na

héimhghe go huathfásach ag méudughadh // <sup>1</sup>[<sub>7</sub>] na loisgthe ag leathnughadh, ag leabharsgaoileadh fan chathraigh, dar leis ní raibh cnoc no tulach timchiall na hEamhna nach raibh lán do chreachuibh, tairbhreadh mar an cceadna dho go raibh Eimhir aga trasgairt tar chladh na hEamhna, theagh na Craobhrúaidhe, na hEamhna ar comhlasadh, Eamhoinn uile ar na heintheandáil teindtighe na ceo dubh dorcha deatachmhór deargmhór. Trúagh sin, a Chathfaidh, ar Cú Chulainn, gé tathaoisi dom fhosdoghsa, dom imfhuireach, is mór na creacha, na coirighthesi, na loisgthe, na lúathairgthe ata ar fud Mhoighe Mhacha, Mhachaire na hEamhna, ar fiarlaidhe an choigidh go coithcheann. Do fhreagair Cathfadhbh sin, adubhairt, a mheic ionmhoin, (ar sé), is mór na mearaighthe, na móraimsighthe sin do bheirid na sgathslúaigh sgithanbhfanna sgélbhuardha, na fasbuidhne doilfe dráoidheachtasa ort, óir ní bhfuil ann súd acht féur, duilleabhar, níor chreidsion én ní dé sin ó Chathfadhbh sin, adubhairt, a Chathfaidh mheic Mháoilchroich ó Charn Mhaigh, do deargadh tuaith inbhear a halmhuin iomdha ar árdghortuibh Eamhna, fir Teamhrach, fir Cheathra, fir Chrúachna, fir Chearmna, cath craibhe cró curadh cnuic dealga each donna sguir sgolbdha sgeith dearga daimh dhoiligh dhathmhugal cath cleithmhear mór a máoigheadh grain gaoidheal gair eaghmhach.

43. Is adhbhal an dibheirg an tsaorlearg

Ro leisgeach tre fhuathbhedhg an chraobhdhearg

Rom chráidh go follus rom chumasg

An chainte Cú Cuilleasg rom thromaisg

Teach Eamhna rob adhbha cleith ceinngéar

---

<sup>1</sup> Tá bearna in NLS 38 ag an bpóinte seo de bharr leathanach a bheith ar iarraigdh. Is as RIA 23 K 37 an píosa seo.

Ro loisgeadh ro casadh tre shaighnén  
Do thuitfidh fam chosa mo chleasa  
Bidh dearg om chneasa gaoi glasa  
Ro sgaith an cruth gealsa rom ghonsa  
Ní thiucfadsa don chursa on ccathsa

44. As a haithle sin rangadar go hEamhna ⁊ an banentracht // ag gul ⁊ ag eagaoine rompa ⁊ na ndiaigh, ⁊ tháinig an grianán a raibh Eimhir, ⁊ tháinig Eimhir amach na coinne ⁊ do ghabh da radh ris tuirling do dheanamh ⁊ teacht isan ghríanán. Ní dheanad (*ar Cú Chulainn*), no go rachad dionnsoigh cheithre nollchoigeadh Éireann go Magh Muirtheimhne do dhioghait na ccreach ⁊ na nolc ⁊ na neagcórá do ronsat oram ⁊ *ar* an ccoigeadh uile ⁊ tadhbhús damh go trasda go raibh an bailesi lán do shlúaghuihb ⁊ do shochuibh fhear da ndógh ⁊ da ndíanlosgadh. Is fiú sin, (*ar* an inghean), ní bhfuil acht taidhbhsí dráoidheachta ann, ⁊ na tabhar dot uige no dot aire íad. Is bríathar dhamsa a inghean, *ar Cú Chulainn*, nach nanfaidh mé don toisgsi no go roichfidh mé fo longphort fhear nEireann. An úair do chualadar an bhanentracht na bríathra sin do thogbhadar gartha faidheamhla fiorthrúagha ⁊ do ghabhsan ag ceileabhradh don ríoghain ⁊ don mbanntracht uile ⁊ do thainig do cheileabradh da mharach go Dún Deictine ⁊ do ghabh Cathfad⁹ ⁊ na filidh aga leanmhoin go díochra duthrachtach ⁊ thainig *ar* faithche an duineadh ⁊ thainig Deictin amach da ionnsoigh *ar* na aithneadh gurab a ndáil na sluagh dob ail leis dol, thug an ballán coimhde dhó ⁊ budh búaidh dhosan sin re ndol a nól tséada ⁊ tsiubhail deoch dól as an mballán, ⁊ as é do bhí isan mballán alán dfuil chrodheirg. Trúagh sin a Dheictinn (*ar Cú Chulainn*), ní hiognadh *gach neach eile dom thréigionsa* ⁊ an cruth a ttugais an

ballán damh, *⁊* do ghabh Deictinn an ballán an *dara feacht* *⁊* do líon e, *⁊* thug dhó é, *⁊* do bhí lán dfuil an *dara huair*, *⁊* fo thrí do líon sí an ballán, *⁊* as é alán fola do bhí *gach nuair* dhíobh ann *⁊* do ghabh fearg Cú Chulainn ris an mballán // *⁊* tug béim fan gcarrtha dhe *gur* bhris é, *gurab Tulach* an Bhalláin is ainm don tulcha sin o sin a *leith*. A inghean is fior sin, (*ar* Cú Chulainn), ni tusa is ciontach friomsa *acht* mo *gheasa ar* na gcailleamhoin uile, *⁊* mo shaoghal *ar* na *theacht* *⁊* ni thigiomsa beó don chursa o *fhearuibh Eirionn*, *ar* Cú Chulainn, *agus adubhairt* an laoi ann.

- 45.** A Dheictinn is fás do bhalla, dom radhas fo dhobhran duibh  
Rom rugadh sruthlinte fola, nocha *cara* cach rot chluin  
An *ar Conchubhar*, a Chúagáin, an *ar Cathfadh* crúaidh mná  
An *ar* do mhathair, a anam, an *ar Geannan*, an *ar* cach  
An *ar* Cumsgraíd, a churaíd, an *ar* do chomhdháltibh go rath  
An *ar* do bhuime is *ar* hoide, na héirg *ar* ccroidhe isan ccath  
*Acht* ge do cailleadh mo *gheasa*, is ge do thainig mo ré  
Nocha ttréigfinn mo bhúadha, *ar* an scél do chuala a dhé. ]

- 46.** <sup>2</sup>A haithle na laoidhi sin do ghabh Deitchine *⁊* Cathfadh ag guidhi Chon gCulainn um anmhuiin *⁊* um fhuireach re Conall Cearnach. Ni anabh, *ar* Cú Chulainn, óir tairnig mo ré *⁊* mo reimheas *⁊* ní threigiobh mo bhladh naid mo bhúadha cosgur *ar* bhréig diombúain an tsaoghail *⁊* nar iomghabhus cath na iorghuil ón úair do ghabhus mo chéad arm gaisgidh um láimh *gus* aniú *⁊* as lugha do ghénanois óir as búaine bládh na sáoghal.

---

<sup>2</sup> NLS 38 atá in úsáid arís ón bpóinte seo.

47. , tainig Cú Chuloinn roimhe a Machaire na hEamhna , do thóghbhadar ingheana ríogh , taoiseach Uladh núaallghairthi trúagha toirrseacha , faoidhe ciarmhardha caointeacha cumhaidh iona dhíagh , do lean Cathfadh é ina áonar as an mbaili amach , ní cían rangadar on dúnadh an tan tarla orra inghean cháomh choirpgheal chúlbhuidhe ar Bhél Átha na Foraire ar Magh na hEamhna , í ag toirrsi , ag trúaghneimhéile , fadhbh corcra chiartha chrechtnuighthi aga fásgudh , aga fuairnidhe ar eochairimlibh an atha aice. An bfaice súd a Chuagain, ar Cathfadh, inghean Bhuidhbh súd , tfhadhbhsa , tearradh aga nidhe aice , atá sí go brónach búanchumhthach aga innisin tusa do thuitim , do throimdhiothughadh don chur so le morsluagh Meidhbhe , Mumhan , le draoitheacht Cloinne Cailín gurab aire sin as coir dhuit anois anadh a chomhdhalta, ar Cathfadh. Maith a oide ionmhuin, ar Cú Chuloinn, na lean mé ní as sí a oir ní anabhsa no go ndíoghlar ar cheithre hollchóigibh Éireann teacht do losgadh mo chríche , do chreachadh , do chomhlosgadh mo dhúnaidh , ge tá an Badhbh ag nidhe mfhaidhbhisi badh móir fadhbh , arm , earradh , éidigh bhás a bfothraigibh fola , a sruithlinntibh caobhacha cró om chloidhiomh , om chraoisigh don chur so , gidh leasg libhsí mo leigeansa a ccomhdháil éga , oigheadha a naghaidh mo bhidhbad , meascharad dom bháoghlughadh as leisgi liomsa fein ina libhsí uile dul do tholladh mo tháoirbh , do chiorrbadh mo chuirp , nochan fhearr a fhios agadsa mo th[...]tim don toruinnsi ina agam fein, ar Cú Chuloinn , na toirmisg mo shéd no mo shiobhal feasda óir da nanur do chúadhus dég , da nimthighear tainig mo shaoghal , beirsi iomchomharc // [30] beatha , [.....] , as truagh ar sgaradh , as imshniomhach [.....] dobronach atamuid a Laoigh ag imtheacht o Eamhuiin as móir la a anga go haisdreach edalach da

hionsuighidh a críochuibh [sic] ciana [...] ⁊ a hiondadhuibh iomdha imchiana eile ⁊ adubhairt an laoidh ann:

**48.** A fhir na toirmisg *ar* sed, lodamar deg ni cian uadh

Ro ic Eamhuin *da gach* dún, *badh* dearg om ghubha *gruad*

Táothsad dó sin táothsad dó, a óga *Uladh ar ló*.

A Ullta o táithi a cceas, nocha ttig *bhur leas* don ló. A.

**49.** A haithle na laoídhí *sin* do iompó *Cú Chulainn aghaidh ar* Eamhuin ⁊ do ghabh feithiomh an bhaile úadha ⁊ ag éisdeacht ris na *tromghairthibh* do leigdis an *banntracht* ⁊ na *bannála* ⁊ do *thaibhreadh* dhó ⁊ do *connairc* sé *tórrumh* na naingiol os cionn rátha soiligh ris a *nabartar* *Ard Mhacha* ⁊ do *connairc* *gurbho* lán do *dheallruibh* ⁊ do *shoillsi* ⁊ do *shubháilchibh* do *cheol* ⁊ do *channtaicibh* *ceoilbhinne* ⁊ *doirfidibh* o *nimb* go *talmuin* os cionn na rátha ⁊ do *sháithsean* a aigneadh go mór ⁊ go *hiomarcach* isinní ad *chonnairc* ⁊ do *chuaidh* iona chroidhe go *carthanach* an ceól do *chúalaidh* ⁊ do *innis* *Cú Chulainn* do *Chathfad* an taibhsí tarbhás dó, ⁊ ní hionann so, *ar* sé, ⁊ na taibhsighthi do *chonnarc* ó *chíanaibh* go *húathmar* urghráanna ag *teacht* *dionnsuigheadh* na hEamhna dhamh ⁊ as *eadh* *adbeart*. Aghruim ⁊ creidim don áondía uile *chumhachtach* *dha* *naghruid* súd ⁊ creidim don aoindía uile *chumhachtach* ⁊ don *airdrígh* do *rinni neamh* ⁊ *talámh* ⁊ mo *chean* don ég *feasda* ó so amach ⁊ do ghabh ag *ceileabhradh* do *Chathfad* ⁊ do *cuir a dhruim* re hEamhuin ⁊ tainig *reimhe* go *subhach* *soimheanmnach* san slighidh ⁊ do *chuaidh* a *mheartnaighthi* ⁊ a *mhearughadh* a *dhubhachus* ⁊ a *dhobrón* *ar* ccúl.

50. ⁊ táinig ó Áth na Foraire *ar* Sliabh Fúaid ⁊ do *chonnairc* do leathláobh na conaire an *deattach* ⁊ táinig *da hionnsuigheadh* óir do bo dóigh leis gurbo drong dfhearuibh Eireann do bhí ann ⁊ cuid do *chreachuibh* an chuígidh aca. A Láoigh, *ar* Cú Chulainn, láoidh brod forsan *eachraidh* dhúinn go ndeachmaois *da fhios* cia do ní an teine úd ⁊ táimig *reimhe* *dionnsuigheadh* na dreime ro bhí ag dénamh na teineadh sin ⁊ is íad do bhí ann i.e. Clann Chailitín neach do bhíodh ag dénamh [sic] // [31] díabhluidheachta ⁊ draoídheachta *ar* Choin gCulainn roimhe sin. *Et* as é déanamh do bhí *ar* an seisear súaithnidh sáobainmeach sin i.e. éanshúil mór dearg diablaidhe a néadan gacha hamadáin ⁊ gacha hamuide dhíobh *et* áonlámh ailtfhéitheach faidingneach a *hucht cuirp gacha* harruicht síobh ⁊ áonchos chaisleathan chruaidhleathrach chaolghrána a tóin gacha drochbhaidhbhe. *Et* beirte briske boirbreamhra do chocluibh croicneacha cruaidhe ciordhubha lán do cheannoibh boc ⁊ reithet *et* do chosoibh corr ⁊ cadhan ⁊ do chnámuibh coimhgheala coirrghéara *ar* ná cceangal *et* *ar* ná ccoimheagar ré táobh gacha seitheadh seanghairbhe gá slíosbhúaladh *et* fulachta dfhoiringnibh *chon* mbeag ⁊ dfeóil *chon* elladh *ar* choirrbhearuibh cinngéara cáothrainn aca, *et* do *connairc* Cú Chulainn an airdteine nach urbadhach uid ag na hamuidibh adhúathmara agá déanamh do chuir clár clé a charbhuid friú ⁊ tháinig san sligigh *seacha* *et* an úair ad connuirc Badhbh *inghean* Chailitín sin gabhuis bior dona bearuibh *et* tug urchar díreach dó(i)ionghábhála dionnsoigheadh aighthe Chon cCulainn de *et* gabhuis Cú Chulainn an bior a nairde ⁊ do tógaibh ós a chionn é *et* ad beart urchar don Bhaidhbh dhe ⁊ do thuit cróbhuiinne n [...]e o chionn an bheara a cceann Chon cCulainn go ttarla a mullach a chinn gur tholl a leathláobh ⁊ gur bhean a leath de ó mhullach go talmhain ⁊ don Léith Mhacha gurbhó loitidhte leónta leathroinnte a neart ⁊ a níadhachus iona ndís ón urchor sin *et* tug Cú

*Chuloinn urchor aithméalach urmuisneach* don Bhaidhbh *gur chuir* an bior comhtharsna tréna corp gurob amhlaidh táinig an Badhbh dionnsoigheadh fear nÉireann , do bhí Cú Chuloinn go hathtuirseach imshníomhach , go dubhach dobrónach déis an urchoir sin. Truagh sin, ar Cú Chuloinn, rug sin leath mo lúith , mo lámhoigh úaimsí , muna bheidís Clann Chailitín ar mo chiorrbadhsa, do thuitfidhdis urmhór bfear nÉireann leam don chur so et ad beart an laoidh ann: // [32]

**51.** Do tolladh mo leith leatsa óttá ar mullach go talmuin

Mo mallacht don droing rom craidh rugsat uaim roinn dom anmhuin  
Dá bfeasadh anocht Eamhuin do tráothadh leath mo lámhoigh  
As mé an curoidh cathbhúadhach do mharbhús móir ttriáth ar tánaidh  
Do bhéuruinn ár roialmhín ar chathoibh cródha Connacht  
Muna bheith Clann Chailitín do rad mo tháobh do tholladh D.O.

**52.** Déana na heich doiriosomh , diomfhosdogh a Láoigh, ar Cú Chuloinn, óir táinig támh , tromnéulghal neimhe dom ionnsoigheadh, do ghéan, ar Láogha, et dob fhearr dhúinn anadh do dhéanamh, óir do iompaigh séan , solamh oruinn don toisgsi. Et ní linn atáid na líthe ionáid na laithesi , do bhádar na huile búadha , toice , conách , cumhachta ad choimhídeacht et ad choimhleanmhuin go haoís na húairesi óir ní fir mharbhas thú acht mná , ní mhuirfeadhd(d)aoís fir dhomhain thú acht muna bheidís a los draoídheachta et ní mhuirfeása féin Cú Raoí mac Dáire acht muna bheith mórdhraoidheacht agad chuige.

**53.** As ann sin tháinig Cú Chulainn dionnsoigheadh fhear nÉireann et ód chúaladar fir Éireann Cú Chulainn do bheith agá nionnsoighidh adubhradar uile nach raibhe a nÉirinn ioná san domhan áonduine dob fhearr oineach ionás et gur cóir dhóibh Cú Chuilleasg cáinte do chur diarradh a shleighe fair et tainig Cú Chuilleasg a naghaidh Chon cCulainn gona thrí nonbhuruibh éigceas , ní raibhe mian deisi a náoin leasdar dhíobh , fearus fáilte re Chon cCulainn , ad beart an laoídh ann:

**54.** Mo chean duit a Chú a Chú na ccleas ccain,  
Tabhair aisgidh dhamh, cá haisgidh conraich  
Do bheirim fám chlaidheamh a fhir dhána dhuinn  
Sochaidhe rug mhargat ar an ttalmuin truim // [33]  
As í aisgidh iarraim a Chú Chulainn chrúaidh  
Do gha goirmhéar gasda chuireas ár gach slúaigh  
Mairg shireas an aisgidh a Chú Chuilleasg chrúaidh  
Fir Éireann um aghaidh smicogha do breith uaim  
Mór ccath is mór ccomhlann do leanuis go lear  
A Chú chaoimh na ngormlann, riot atá mo chean. M.

**55.** Cionnus do bhéara mé an tsleagh dhaoibh, ar Cú Chulainn, a ndíagh a gráine nó a ndíagh a hurlann do bhéar í, ní headh ón, ar Cú Chuilleasg. Do léig Cú Chulainn an ccraoisigh reamhoir rómhóir tarsna chuca, go ttorchuir Cú Chuilleasg marbh gan anmuin guna trí nonbhuruibh éigeas. Truacch sin, ar Cú Chulainn, tainíg sáoghal meinigh go bráth tar éis Chon Cuilleasg cona thrí nonbhuruibh éigios do thuitim leam do neimh na craoísighe, , leig brod forsán

eachraidh go mbeirmís forna slíaghuiibh iona nionadh foslongphort diá niomfhosdógh. Nocha diongnadh mé sin, *ar Láogh*, nó go mbéarar an tsleagh liom. Ní bhéaram, *ar Cú Chulainn*. Óir ní dheachusa a ndíagh thiodhluicthe *dhá ttugus amach* riamh roimhe so, *et ní mo rachad na dhíagh súd*. Do thuirling *Láogh* , do thógaibh an tsleagh *et tangatar rompa dhionnsoigheadh* fhear nÉireann. Et do clos a longphort bfear nÉireann *Cú Chulainn* do bheith dá nionnsoigheadh.

**56.** *Et mar do chúalaidh Lughaidh mac Con Raoí sin, adubhairt: Rachad féin an athair úd adearar do bheith agam cionnus tig sé a ndáil bfear nÉireann. Do ghlúais Lughaidh roimhe dfhéachain crotha , deilbhe *Chon cCulainn*. Et adubhairt ag tabhairt a thúarusgbála ós aird dfearuibh Éireann: Ad chiúsa chuguibh, ar sé, carbad féigh féitheamail folúaimneach fiondruine go lúth go lúas go láinghliocus go bpubaill úaine go ttarbhchlár umhaidhe, go bfeirstibh fionnumha go rothoibh roghlana, go ccarbad ccraoísleathan go ccreit núraird núraoíbhinn ndíreach ndásachtoigh go luas ainne // [34] nó sleighe. As é sin glice , trice , tairpighe , tréunlúas con ceingead na heachradha arda urúaine ad chiúsa chuguibh, ar Lughaidh, each dhíobh an Líath lúthmhar lúaithléimneach fhódmar fhorránach go lúth ceithre ccrú go mbeanonn sblaingc aidhbhle teineadh triciómruaidhe a mullachuibh a cráoschló for gach leith. An dara heach diobh .i. each cáolchosach ceinnéadrom drondúalach durbhras seang seada seireadhcháol, ceannfhada casmhongach cíordhubh go ndath ccaomhthláith ccochlach ccneismhíolla. Giolla doinringneach dathchorcra (a bfiadhnus an ógláoch) amal bú rós dearg lí a aighthe et ceannchochall sróill uime gana ghibne fionndruine et dá líg lóghmhar ós ur a aighthe dá imdhídean*

*ar fhuacht , ar theas ngréine et fleasg airgitt iona láimh ag ceartochadh na heachraide gonach léig ar aineólas íatt acht an leath badh ail don ógláoch ad chiúsa.*

**57.** As ann sin táinicc Cú Chulainn dionnsoigheadh fhear nÉireann. Maith a fhiora Éireann, ar Lughaidh, déanaidh eirghe. Atá Cú Chulainn chuguibh. Coimheirgidh bhur ccuraíd, do filián dá bhur nionnsoighidh Cú Chulainn cosadhach cathbhúadhach cloidhimdhearg cosgarach comaoídhmheach, léirgearraídh láoich, sloidhfidh bhur slúagh, brisfidh ar a bhíodhbhadha, ro soich for chleithibh Uladh, mairg mná, mairg macáomha, mairg miondaíne, mairg earradha, mairg muir, mairg tír, dochum a dtig an flaith forráinach fearamhui ar dhruim an domhain dámhuigh, ré toirichil tig ré toirichil téit, uch 's ní mo chean an choimheirghe. C.

**58.** As ann sin do eirgheatar ceithri hollchóigeadh Éireann a criosloigibh a sgíath ccoimheaguir , a lúireach saidhbhir solámhuidh et ro chóirgheattor na ccipeadhuibh comóra catha íad féin ar a chionn et do éirigh Meadhbh , do ghabh na hairm nimhe tugadar // [35] Clann Chailitín leó a hIfearn fá chomhuir Chon cCulainn do mharbadh. Et as í roinn tug Meadhbh orra, cáit a bfuilid na trí rígh atáid um fharradhsa sunna, ar sí, .i. Lughaidh mac Con Raoí et Macníadh mac Finn et Earc mac Cairbre. Atá sonna, ar Lughaidh mac Con Raoí. Ag súd a Lughaidh, ar Meadhbh, na trí sleagha neimhe da bfuil a ndán Cú Chulainn do mharbadh , gabhaídh chuguibh íad , dioghlaidh bhur naithre ar Choin Chulainn. Et tug Meadhbh sleigh a láimh gacha fir dhíobh an tan soin. As ann sin do chonnuirc Cú Chulainn fir Éireann. A Laoigh, ar sé, léig brod forsan eachraidh

*tabhuir clár clé an charbuid risna sluaghuiibh, et tainicc timcheall bfear nÉireann.*

**59.** As ann sin do ríachtadh *do lonnuigheadh* fán rímhilidh .i. Cú Chulainn *et do rinneadh úathbásach illreachtach* dhe an úair sin *do chriothnaghadar a chairíneadha amail crann lé sruth gach nalt, gach naighe* dhe ód ta a bhonn gó a bhearradh *et do laoísion gléas díbhfeirge dá chorp a meadhón a chroicinn et tangatar a shála, a fhaircne, a iosgada go mbádar roimhe tangadar a throught* *et a luirgne go mbádar na dhíagh, gurbó comór lé maoldorn mílidh gach meacan dímheasda dhá néirgeadh dhíbhséin, do eirgeadar tulfhéithe a mhuiníl, a mhullaigh go mbádar ar chuing a mhuiníl gur bá samalta lé ceann mheic modhoisi gach máolchnoc dearg mhór dhíbh, do rinneadh cuar cheara ddá ghnúis, dhá ghealaghaidh gur sluicceadh an dara súil dó asteach iona chionn a modh nach tairsiodh fiach no chorru ghréine fuirre a hallarbord a dren nó a huachtar a chloicne, co madh méaduighthir lé béal fiodhchúaiche nó lé coire cáogduirn, go ndearnadh rúamonta ré a chionn aneachdoir sóais a bheóla gó á urdhruach sreangus a bheól don fiobbadh cnámh go hainmín cco mo heagna ag ionadh a chraoís. Tangatar asa acchua et asa // [36] ttromchoirteadh ar eitil go mbádar ar úachtar a chraoís, a bhrághad, beanus bém don fhuilngeadh leómhain .i. don charbad úachtarach forsna foirclibh íachtracha go madh méaduighthir lé molt chroicinn móradhbhul gach smólach throm tinntighe aga hadhnadh a fiacluibh a bheóil et a bhrághat ad clos bloisgbéimneach a chroidhe na chlíabh mar ghloimh naird a bfathach nó mar leómhan ag teacht fá mhathghamhnuibh tré clár goile na coinnle bodhbha, ad ceas ciothnéalla nimhe, et sboinc aidhbhle tréintineadh trichiómruaidhe ar lasadh et ar lonnradh úasomh,*

do chasnaigh a fholt uma cheann mar chráoibh núirsgeithi a mbearnuibh fálta ionnus dá ccraithí sac ríoubhall ósa cionn, ní roichfeadh áon ubhall tairis dochum talmhan acht do oirisfeadh uball ar bharr gach áonrúainni díá fholt et díá fhionnfadh úasomh , attract a lon láoch úasa cheann et úasa éadan. Méaduighthir réimighthir dírightir táilcighthir ré seólchrann príomhluinge móire ceartairde an buinne díreach donnfhola attract do chleithibh a chinn , a cheannmhullaigh mar chiaigh do ríoghbhruighnibh ag rífhleadh ríoghdha rómhór ar na ttubhairt a tteinntibh , a tteannáluibh a bfeasgar laoí gheimhridh.

60. As ann sin do rabhlaigheadh an earr ghaisgid sin iona charbad seardha guna earradh íarnaidhe guna bhfáobhruibh tanaidhe guna chrománuibh guna bhearuibh guna bhirínibh bioruighsi guna bhocánuibh gurbó réimighthir gach ball , gach alt , gach aghaidh a ccorp an churadh , an chaithmhílidh óttá a bhearradh gó a bhonn guna bhioruibh níadh guna ttairrngibh cona ghléas nurrsaighe noch bhídís aigesean fá théadoibh , fo rothoibh , fo réithfeadhaoibh ag an ccarbad sin, ag teasgadh ceann , colann , cnámh , móirméidheadh. As ann tugusdar toruinnchleas céad , toruinnchleas dá chéad tarsan ccarbad et toruinnchleas trí ccéad , toruinnchleas ceithre ccéad , toruinnchleas cíug ccéad óir // [37] níor bfuláir leisin sin dá naimhdi do dhíoghoil a nuilc , a néagóra ar fearoibh Éireann an coimhlión soin do thuitim leis dá céad chuinsgleódh curaidh. As ann sin tugusdar séol trom forsan ccarbad gurbó lor do dhun , do dhaingean dó an fad do chúaith Roth an charbaid sin síos seal seachtuir gur eirgheadar clocha , cairge na talmhan amhlaidh sin seachtuir aird a naird leis na rothuibh iar soin, et foicheird san a bhúidhreadh bodhbha a ttimcheall cheithre nollchóigeadh nÉireann gonach deachsad úadha ar teitheadh nó ar

*móriomghabháil* nó cco ttoiriseadh a náit náonbhaile íad. Ro tháoth *chúcu* anonn asa haithle *et tugusdar fóbairt mbiodhbadh* forra , fágħbus fál mór do cholluibh a náhad , a *neamhcharad um an ccath seachtuir go ttorchadar* leis bonn friá bonn , dóid friá dóid , *airbhe friá airbhe, gur bó a linnteibh fola foirrdeirge* nó imghidís go ccoimhneart coin , eich , daoine a mbreisligh mhór *Mhuighe Muirtheimhne* don ghairbhgleódh soin. Ciodh trá *acht* ní *féatthar* a áireamh nó a innisin nó a fhaisnéis *gacha ttorchuir* leis do chomhairiomh ríogh , táoiseach , churadh , *caithmhileadh*, amhus *armach* , óigthighearnadh , do dháosgarluagh fear nÉireann *et* nír théarná móran dfearuibh Éireann ón treasoin úadha gan chnoc gan chomhartha nó gan mhaidhm láirge nó lurgan nó leithchinn nó leathshúl nó leathláimhe nó gan bíothainimh éigin cco crích a bheathadh.

61. *Et* do luidh féin iomlán úathuibh an aghuidh sin, gan fhuiligheadh gan fhoirrdeargadh air féin, nó ar a aruidh nó ar a eachraidh. As a haithle sin táinig don táobh síar dona slúagħuibh , do għabb a chrann tħabuill chuige. Maith a phuba a Láough, *ar Cú Chulainn*, tionóil clocha , cairrge , cairtheadha an mhuighe chugam, go ccaithinn frisna slúagħuibh íad , tug Laogh eireadha do fheidhmamħla fħiorarrachta do chlochuibh , do chairgħibh an mhuighe dia // [38] innsoigħeadh et do għabb dhá ndiobħracadħ do na slúagħuibh as a haithle, gur túaithréabdh táithleaca tuinnta na talmhan do na teilgħibb sin, gurbó comhbúaidhearha comħbrūite íad, gur mionaigħeadh na cairrge do na cruaidhurchoruibh sin, gur bheanodar na frasa tiogħa trenathlamha soin, iona cceathoibh cinngéara tar formnuibh fearóglach , tar úrbhruinnibh annradh , tar cailcibh goirmsgiatħ, gur bá sgáoilte sgħaż-żroinnta na sgħiexch-oirighthe , gurbó

millte measgtha meadharbhúaidheartha ⁊ gurbó ciorrhtha cinnmhínighthe catha ⁊ cóirighthe fhear nÉireann ón chriothnaghadh sin gu nár léigeadh súan ioná codladh nó caitheamh nó cómhnaidhe nó luighe nó longadh nó leabthacadh dhóibh lé seacht laithe na seachtmhaine acht amal bheithdís bóthainte udmhalla a mbúaitibh ⁊ áoibhill ⁊ teasbhach ⁊ trénchumhgach forra óir as amhlaidh do bhádar fir Éireann ón toruinnchleas timcheallchrúaidh treathanmhóir sin tug Cú Chulainn orra. Iar soin gabhuis sgís ⁊ attuirsi mór é tar éis an chriothnaighthe chalma chomhlonnchrúaidh do rad ar cheithre hollchóigidh Éireann.

62. Tánuig Cú Chulainn as a haithli sin timcheall na slúagh ⁊ bá háonmhaidhm choitcheann dóibh uile roimhe ⁊ní gabadh sgíath nó cathbharr curadh nó caithéideadh ré sáthadh nó ré síorbhúaladh an churaidh san ccuinnsgleódh sin. Od connuirc Meadhbh sin ro ghabh ag aithisioghadh ⁊ ag gríosadh ⁊ ag gresacht ⁊ ag greannoghadh ríogh ⁊ táoiseach ⁊ tighearnadh noch do bhádar dfearuibh Éireann ar an láthair sin uile a naghaidh Chon cCulainn, ód chúaladh Maicníadh mac Finn mhic Rosa sin ráinicc a ccoinne Chon cCulainn ⁊ do ghabh ga fada fáobairghéar go hurmuisneach dhá ionnsoigheadh ⁊ tug urchar athlamh áitheasach do leathanchráoisigh dionnsoigheadh Chon cCulainn go coilgdhíreach go ttarla a mullach a laairge deisi ann, gurbhó réaptha rionnta roileadartha an ríolaairg ó rúathar an reamharghaoí ⁊ gurbhó créchtmór cneasosluigthe an Líath Mhacha don urchar soin, ar ndol tríthe ⁊ // [39] et an fad do bhí Cú Chulainn ag sreangtharruing na sleighe tar a hais as a háladh ⁊ tug Earc mhac Cairbre urchar direach doifhreasdal díanathlamh dhá ionnsoigheadh go ttarla an geargha glaisleathan glanfháobhrach a mullach a laairge clé don chaithmhílidh gurob ann do chothuigh ceann na cráoisighe coirleithne eidir a

fhordruinn ⁊ a imlinn a Láogh mac Rí an Ghabhra. *Et* an comhoiread ro bhá san ag tarruing na sleighe as a chréachtuibh comóra do aimseaghdar na hóigríogha, an earradha ionghona *air* sion óir dob imchían úadhasan na hionadha as ar haimsigheadh é ⁊ do theitheadar fir Éireann roimhe *for gach* leith *et* do folmhaigheadh láithreacha dhó.

63. Adrochursa don chur so a Chúagáin, *ar Laogh*, ⁊ níor gonadh a ccath nó a ccomhlann mé tortso, nó a néanláthair crúaidh *dhá rabhus ar* do sgiathsa riamh go nuige so. Uch, uch, a Laoigh, *ar Cú Chulainn*, ní thoramsa do gonadh thí, *acht triom, iar mo threagdadhsa ar tosach* ⁊ an ccéin ro bheinnsi *um beathaíd*, ní fhuileóchdáois fir Éireann nó an domhain *uile* fortsa fúm nó thoram, *nó ceachtar dom dá* thaobh. Adubhairt Laogh: Adhluictear leat meisí feasda a Chú Chulainn, suil thuiteas tú féin a ttaise ⁊ a ttaimhnéulluibh báis óir atáimsi ag *dul* a ttaisibh ⁊ a ttáimhnéalluibh anosa *et da* sirinn *gus* aniú longphort bfear nÉireann, ní léigfeadh heaglusa do *neach* dhíobh fuiliogadh no foirdeargadh *forum* ⁊ fós *dár leam*, as giolla *gan* tighearna *gan* trénchodhnachanois mé ⁊ do ghéan imtheacht feasda, *et* as doiligh *ar* niomsgaradh ré aroile, a chomhdháltáin, ⁊ a tighearna ⁊ a trénchompánaigh a Chúagáin, *ar Laogh*. *Acht gidh* deireadh dhúinn *araon* anois, beir búaidh ⁊ beanachtoin a Laoigh, *ar Cú Chulainn*, ní fúair tighearna romhamsa ⁊ ní fhuighe go bráth *um* dhíagh, giolla dob fhearr ioná thusa *et //*[40] *et* do bheirim mo bhríathar ⁊ luidhim fám *armaibh*, go ccluinfidh fir Éireann mar dhíghéolsat thí *ar* mhaidin amárach, a Muigh Muirtheimhne, *ar* fhearuibh Éireann, *et* ón ló tarla do chum a chéile *ar* ccumonn aráon, ní tarla *ar* n-imreasan do ló nó doidhche ó shoin ⁊ do bheirim mo bheannocht duit féin ⁊ dÉimhir *et innis* don ríoghoin *nach* treigfinnsi í *ar* a

bfaulid do mhnáibh san mbioth *dhá* mbeinn beó *et innis* fos dÉimhir 7 do *Chonchobhar* 7 do *Chonall* 7 dOlltuibh uile, mo chumusgsa 7 mo chathoghadh dom dhíoghuil féin for úaislibh 7 for ardmhaithibh Éireann archeana 7 ad beart an láoidh ann:

**64.** Goirt rom gháoth, trém chneas chúanna, a Chú Chuluinn chathbhúadaigh

A dhaltáin Eamhna Macha, tangadar do thiughlaithe

Eírigh a Láoigh fá móir sgéala, is gurob soruidh do shéada

Innis dOlltuibh guna ccloinn, mar do fhágbhuis Cú Chuluinn

A Chúagáin gé dheach úaid, tar Muirtheimhne tar Sliabh Fuait

Adéaroid óig na hEamhna, sum giolla gan tighearna

Ná habuirsi sin a Láoigh, a mhic Rí an Ghabhra go rogháooth

Bú briske mo chroidhe dhe, dá nabra an ní ráidhe

Ní headh bú mhían leam dó radh, an ní bádh holc leat ón ágh

A airsigh Eamhna uaíne, a churuidh na Cráobhrúaidhe

Beir mo bheannocht leat a Láoigh, go hÉimhir an fhuilt bhláthchaoín

Innis dí madh garbh a gul, nach ttig marbh léna cháoineadh

Taisgeadh aice atuirse treall, dóigh nocha mé nós tréigheann

Is ní thréigfinn í budhéin, ar a bfaul do mhnáibh fo ghréin

Do bhearsa a Chúagáin chain, inghion an bhrughadh bharrghloin

Ní thréigfead thú *dhá* ríribh, ar churaidh nó ar chaithmhílidh // [41]

Innis mo ghníomhradh san chath, dÉimhir is do Chonall Chearnach

Cluinid Ulaidh os gach am mo chumusc is fir Éireann

Do mharbhus céad síobh diaLuaín, fá moíde easbadh an tslúaigh

Dá chéad sa Mhairt míe maoí, et trí chéad dia Céadaoín

Ceithre chéad leamsa Díardaoín, um sheacht macuibh Abhrathchaoímh  
Cúig chéad san Aoíne méad nglonn, et sé chéad san Sathorn  
Dá chéad déag dé Domhnaigh dhúinn, do mharbhús dom chrann tabhuill  
Nocha bréag a nabruim dhe, ó thráth eirghe go hoidhche  
Nochan fhoghtar méad mo neirt, diobh gurbh iomdha dom fhóbuit  
As í mo lámh comall ndil, do mharbh cara gach aoínhfir  
Targadar ort féin ro feas, mar do rinnis an aimhleas  
Roithim ar séad an áit uilc, rom beóghonsat go géar goirt. G.

65. Iomthúsa Laoigh do ghabh ag ceileabhradh do Choin cCulóinn , táinicc roimhe go dubhach dobrónach , cé do ghabhsan ag ceileabhradh do Choin cCulóinn dob aimhleasg leis imtheacht úadha et do ghabh ag feithiomh go fada gá fóbairt do bhéaradh for fhearoibh Éireann et fós dfhéachain gá hoigheadh do bhéardaoís air.

66. As ann sin táinicc Cú Chulóinn go corpláidir cródha cleaslúthmhar coilgeadarthach caithbheódha fá ghiolladhuibh shear nÉireann et fána ndáosgarsluagh , do ghabh go gaibhtheach grodurlamh ag géarbhúaladh na ngiollannradh , do ghabh go hagarbh ainíarmartach greasghrodadbhal ar na hannruibh gá noirleach , gá nathchuma, gur thuit giolla , leath ghiolladh bfear nÉireann leis a ndíoguil Laoigh. Táinig roimhe asa haithle sin fo fhearuibh Éireann go rachtmhar ruathorbhorb réimdhíoghair , níor ghabh cruaidh no cnáimh nó caithéideadh ré na chathurlaidhe nó ré na iomshlaighthe nó ré na iombúaladh , níor an úathadh nó sochaidhe an aóinionadh ar a aghaidh , do chuir go // [42] saothrach siobhalgrod sáoibhinntleachtach do chum siobhail ,

sírtheitheadh na slúaghbhuidhnibh iat, do ghabh rompa, na ndíaign, dá gach táoibh dhíobh dá marbhadh, dá mórmhugadhadh, dá móirdhíothoghadh go ttorchair fear, leathbfear nÉireann leis a ndíoghail a chneadh, a chréacht féin, et ní raibh aónduine beó don leath eile gan easbadh coisi nó láimhe nó leithchinn, nó leathshúl nó biothaineamh éigin, go críoch a beathadh air. Et do mharbh each, leat each fhear nÉireann a ndíoghail a eich don toruinn sin.

67. Et ód chonnuirc Meadhbh na hára, na heasbadha móra tug Cú Chuloinn ar shearuibh Éireann do fhíafraigh do ghuth ardmhór fhollusghlan: Cait a bfuil Lughaidh mac Con Raoí. Atáim sunna a rioghan, ar sé. Do ghealluis go ttuitfeadh Cú Chuloinn leat don fhleisg neimhe do rinni Bolcán gabha, et tugusa ad láimh í fá chomhair Chon cCuloinn do thuitim dhi. Má do gheallus as cóir a chomhall, ar Lughaidh. Do éirigh Lughaidh go laochdhána leóghanta don láthuir sin, lé greasacht Meadhba, do ghabh an ccraoísigh ccrainnreamhar ccrófhairsing ccinnghéar et tug urchar fada foirneartmhar fadmhamach go coimseach coilgdhíreach don chaithmhílidh go ttarla an ga síhnimhneach slinnleathan soidhíobhruicthe sin, go ndeachuidh go nuige a suaineamh san Dubh Sáoleann et eidir a fordhruinn, a imlinn a cCoin cCuloinn, go rug an tsleagh a hurrann tríd don tulgadh sin, et do gearrsan an tsleagh nanaird niaranngorm sin eidir a imlinn, an Dubh Sáoleann, et do bí an carbad na haónar ar an Líath Mhacha, an tsleagh eile tríthe, í ar fud an chatha. Do ling Cú Chuloinn as an ccarbad amach, táinig fó shearuibh Éireann, do dhiansgáoleadar fir Éireann uile roimhe et do mharbhadar soir, síar, badh dheas, badh thúaidh uadh for gach leath, et níor lamhadar búain fris, nó a mbeith feadh ardhuirc nó ghona nó bhuille nó urchair nó iomagallmha dhó, et do

bhí a ionathar léna chosuibh an tan soin ⁊ do thurn brainfhíach Bodhbha fora innibh go ttarla camlúp // [43] camlúb dá cháolánuibh fó chosuibh an bhrainfhíach nó go ttarla leagadh don fhíach ⁊ do mhadh a ghean gáire fair agá fhaicsin sin ⁊ as é sin gáire déighionach do rinne Cú Chuloinn. Tángadar neóill anbháile an éaga dhá ionnsoigheadh an úair sin ⁊ táinicc roimhe dionnsoigheadh an locháin do bhí a ccomhfhogus dó ⁊ do bhí agá thonnach as ⁊ ag nighe a chuirp ⁊ a chneadh ⁊ a chréacht, gurbó Lochán an Tonnaigh a ainm dhá éisi.

68. An úair do *chonnuirc Laogh* an madh aga úathadh ⁊ an slúagh uile agá sheachnad⁊, é agá fhothroghadh ⁊ ag léigean an uisge na chneadhuibh ⁊ iona chréactuibh, táinicc dhá ionnsoigheadh ⁊ mar do *chonnuirc Laogh chuige* do ghabh forbfáilte mhór é agá fhaicsin *et* do ghabh *Laogh* ag ceangal ⁊ ag córughadh a chneadh ⁊ a chréacht go rabhadar ag teilgean fola go hiomarcach gurbhó cáobha cróidhearga ⁊ linnte fola foirdheirge an lochán lionnúaine úadha ⁊ ní fada do bhí amhlaidh an úair do *chonnuirc* an dobharchú ag ól a fola ⁊ an úair *chonnuirc* crú a chuirp ag an ccoin dhá hól, do ghabh cloich *chuige* ⁊ tug urchar don dobharchoin *et* do mharbh í. Beir buaidh ⁊ beannochtuin a Chúagáin, *ar Laogh*, ní thuguis riamh urchar badh fearr ioná sin ⁊ ní tháinig do shaoghal fós ⁊ dioghaile tú féin *ar fhearuibh Éireann*. Truacc sin a Laoigh, *ar Cú Chuloinn*, ní mhuiirfeadhsa duine nó ainmhidhe eile dhá éisi súd go bráth, ⁊ as cú an céad éacht do rinne meise ríamh ⁊ do tairngearadh go madh cú m'éacht deighionach ⁊ adubhairt: Maith a Laoigh, *ar Cú Chuloinn*, beir leat mé dionnsoigheadh an chairthe úd thúas, *gurob ann* do ghéabhás ⁊ búanoigheadh ⁊ cóirigh an crúaidhín coididcheann um láimh, ⁊ *cuir mo sgíath* ⁊ mo chráoiseach dom ghoire ⁊ an comhoiread do chífidh fir Éireann mar sin mé, ní léigfidh

m'eagla dhóibh *teacht dom dhícheannadh*, béalaidh *Conall orra* faoi sin, as amhlaidh do rónadh leó, tángadar mar sin dionnsoigheadh an chairthe, níor lamh *Laogh* búain ris nó dol a ccomhgar dhó // [44] ris an ré sin nó go rangadar an chairthe, do *chuir* sin a ucht, a urbhruinne ris an ccairthe, tug a lámh ar a chroidhe, do *ghabh* agá choimhfhéaghoin. Trúagh sin, ar *Cú Chulainn*, do bheirim dom bhriathar, tuingim fána déibh aerda nár féidir nár cridhe cloiche nó cnámha nó íaruinn do bhí ionnam *gus* aniú, dá bfionnuinn gurob croidhe fola, féola do bhí ionnam, ní dhiongnainn leath a ndearnus do ghaisgeadh nó do ghníomhartaibh. *Et adubhairt* an laoídh ann:

**69.** Rom ghabh aniú aigneadh eile, borb an socht

*Ní sheadar nach ar churadh mo chridhe, gus anocht*

Nocha deachaidh meisí díarm a cath ariamh,

*Ní fheadar nach croidhe íaruinn do bhí um chlíabh,*

*Robsam ógláoch buile bágha gus aniú,*

*Ní fheadar nach cridhe cnámha do bhí um chliú,*

*Robsam ógláoch féata foltchas bá maith níamh,*

*Ní fheadar nach cridhe cloiche do bhí um chliomh*

*Rom thorracht Meadhbh turus úabhair ar an magh,*

*Go ttorcharsa lé na sluaghuibh, síad rom ghabh.*

**70.** As ann sin do chóirigh *Laogh Cú Chulainn* leis an ccairthe, do *chuir* a aghaidh ar fhearuibh *Éireann*, do *chuir* a sgiath, a chraoíseach lé na chathghualainn, tug a chloidheamh noctuighthe dó, do íagh a dhorn go daingion um an dornchloidheamh, do dealuigh anam et corp an chaithmhílidh ré

*Choin gCulóinn* ⁊ a ucht ⁊ a urbhruinne ar an ccairthe. As ann sin do thuit ceann goile ⁊ gaisgidh, einigh ⁊ eagnamha, ⁊ cosnaimh ⁊ cródhachta na hÉireann uile ⁊ do imigh Láogh roimhe ⁊ do chonnuirc an Dubh Sáoilleann ar neirghe asa néull ⁊ táinicc dhá hionnsoigheadh ⁊ do bhean an tsleagh nimhe sd ⁊ do bhádar deóra donnfholága ag síleadh tar a grúadhoibh ⁊ do chuaidh Laógh uirre ⁊ táinic as an ár amach go cumhthach créachtnaighthe tar éis a thíagharna et tangadar tar Slíabh Fúait ⁊ dionnsoigheadh na hEamhna, a niomthúsa go nuige sin.

71. Dála bfear nÉireann uero do bhádar go ceann trí lá ⁊ teóra noidhche ré haghaidh Chon cCulóinn ⁊ níor léig an eagla dhóibh dol a ccomhghar dó fris an ré sin ⁊ Cú Chulóinn na trí lá soin ⁊ na trí hoidhche sin na sheasamh ris // [45] ris an ccairthe mar sin ⁊ an Liath Mhacha ar fiarlaoíd an mhaighe na thimcheall go hadhmhall anfhosaigh ⁊ í ag ithe ⁊ ag síorbhúaladh na slúagh conár lamh duine nó ainmhighe teacht dhá ionnsoigheadh fris an ré sin. Adubhradar fir Éireann gurob cealg do bhí Cú Chulóinn do dhéanomh chuca, óir as do bhreith orainn ar éinshlighid do ní sé súd, ar síad. Cáit a bfuil inghean Chailítín, ar Meadhbh. Atáim sonn, ar Badhbh. Éirigh, ar sí, ⁊ fagh a fhios dúinn an beó nó an marbh Cú Chulóinn. Rachadsa ann sin, ar Badhbh, gidh bé olc nó maith do ghéubh dhe, ⁊ as é rioccht a ndeachaidh dá ionnsoigheadh a rioccht eóin ar eitiollaigh san áeur ós a chionn ⁊ má tá sé beó muirfidh sé meisi don chéad urchar, ar sí, ⁊ má atá marbh, turnfadsa a ngar dhó ⁊ mar do chluinfidhse mo chomhardhasa ionnsoighigh mé mar thuirleingfead ⁊ tainig Badhbh a rioccht fhuinche ⁊ do chuaidh a bfroighthibh na firmáminté fíorairde ós a chionn ⁊ do dhruid anúas a ndíaign a chéile go ráinic a ccomhghar dhó ⁊ do léic trí sgréacha móra ós a chionn ⁊ do thurn ar an sgiath as a chomhuir amach.

72. *Et ód chonchadar fir Éireann* sin do ionnsoigheadar eision 7 as amhlaidh do bhaóisíon *ar a ccionn* 7 a chlaidheamh iona láimh aige *et* do bhí iomchosnamh ag go nár fhéadadar fir Éireann a dhorn dfosgladh man dornchladh, gearrthar luiteach na láimhe, *ar Lughaidh* mhac Con Raoí 7 *tuitfidh* an claidheamh aisde, 7 do rónadh amhlaidh 7 do thuit an claidheamh comhtharsna úadha 7 an triochad mac rígh do bhádar faoí do sgar a ttriochad deaslámh ríu do nimh an chloidhimh 7 as íad sin éachta déighionacha *Chon cCulóinn*. Dícheantar Cú Chulóinn libh, *ar Meadhbh*. Do fhéachodar fir Éireann eatorra féin an úair sin cía bádh cóir dhá dhícheanadh. A Lughaidh, *ar Meadhbh*, as duit as cóir Cú Chulóinn do dhícheannadh 7 do raidhseat fir Éireann uile an ccéadna *ar aoí gurb* é Cú Chulóinn do mharbh athair Lughaidh i.e. Cú Raoí mhac Dáire. Do éirigh Lughaidh do dhícheannadh *Chon cCulóinn* et do leigeadar fir Éireann trí tromgháirthe comhóra ag comáoideamh *Chon cCulóinn*. As ann sin do éirgheatar datha áille iongontacha do chionn *Chon cCulóinn* 7 eirghios ruigeadh san dara grúaidh dhó, *gur coimhdhearg* lé gréin tar fáinghleanntuibh í *gur coimhgheal* an grúaidh eile lé sneachta adfhúar éanoidhche. Do rónadh comhairle ann sin // [46] le fearuibh Éireann gá cúigeadh do chóigeadhuibh Éireann a mbéardhaois ceann *Chon cCulóinn* 7 do rádhsat fir Éireann ós lé Meadhbh do rónadh an gníomh 7 do thionóileadh na slúagh móra so, as í dlighus an ceann do bhreith lé go Criúachain. Nocha mbéarsa leam é, *ar Meadhbh*, acht beireadh Earc mhac Cairbre leis oír as é atá a nimleacán oireachuis Éireann. Béaradsa sin liom, *ar Earc*. *Et rug an ceann* leis go Teamhraigh. Ro sgáioileadar fir Éireann ó chéile an tan sin dionnsoigheadh a ccríoch 7 a ccúigeadh féin, *et* do ordaigheadar trián bfear nÉireann idir churadh 7

*chaithmhílidh* noch do bhí beó dhíobh, dfághbháil tar a néis *ar eagla Chonuill* *Chearnaigh* do bhrefh orra. A niomthúsa go nuige sin.

73. Iomthúsa Éimhire, do bhíodh sí *ar fhoradh* an mhuír gach laoí, ag feithiomh an mhaighe úaithe, ag *teacht déisteacht fri sgéaluibh*, ní cían do bhí ann an lá soin an tan ad *connuirc* an táonmharcach *tar madh* na hEamhna *dhá hionnsoighe*, é ag *teacht* go hanbhann ainéasgaidh, do *ghabh* imeagla móir an ríoghain aga fhaicsin, do aithin *gurb* é Láogh do bhí ann. As fior sin, ar sí, as é sút Láogh, an Dubh Saoileann dár nionnsoighigh *ar bfágbáil Chon cCulloinn*, na Léithe Macha marbh *ar Madh Muirtheimhne* fá cháobhuibh cró, fá linntibh fuairaibhseacha fiorfhacha, dursan liomsa nach í an Liath Mhacha, Cú Chulloinn táinig dár nionnsoighigh, as móir lá tangadar go máoidhmheach móréadálach san slighidh úd dionnsoigheadh na hEamhna. Tangatar banntrocht, bandála, filidh, éigis, ollamhain na hEamhna amach a naghaidh Láogh, do fhíafraigheadar sgéala dhe, et do innis Láogh dhóibh a niomthúsa féin ó thús go deireadh, et do tógbadh gáirthe tromá taibhseacha seachnóin na hEamhna, ag mnáibh, ag fearuibh, ag fileadhuibh an chóigidh uile. Et do rinneadh aongháir gholá, éighmhe don chuígeadh go coitcheann. Et táinig Eimheir, Láogh rompa go Dún Dealgan, fúarador an dún arna losgadh, do ghlúais Eimhir gona banntrocht rompa go hairm a raibhe Cú Chulloinn, do shaith a pupall aluinn ioldhathach os cionn a cháomhchuirp, do shuidheadar an banrocht iona timcheall asa haithle. // [47]

74. As ann sin tugadh Leabhurcham dionnsoigheadh Éimhire, adubhairt ria dul *ar ceann Chonuill*, et innis dó, ar sí, Cú Chulloinn do mharbhadh dfhearuibh

Éireann. As ann sin do ghluais Leabhurcham roimpe iona rúauthor roidhian *nó* go ráinic Inbhear Mór a gcríoch Chúailgne , ad *chonnairc* an long ag gabháil amuigh *aran* gcúan gcoimhleathan , tug sí aithne uirre .i. gurab í an *Eangach* .i. long *Chonuill Chearnaigh* do bhí ann, et tainig *Leabhurcham* dá ionnsoigheadh , tig *Conall* as an loing amach , tainig *mar* a raibhe Leabhorcham , do fhear fáilte friá. Mochean duit a rímhiliadh, ar Leabhorcham, et as amhlaidh adubhairt sin , tug a lámh ar Iríal mhic *Conuill Chearnaigh* , do chuaidh ar a chumairce. Sgéula leat, a *Leabhorcham*, ar *Conall*. Atáid sgéula móra olca agamsa, ar *Leabhorcham*, Cú Chulainn do mharbhadh dfhearuibh Éireann. Uch as goirt liomsa na sgéula sin, ar *Conall*, , do threaghd mo chroidhe a meadhón mo chléibh et ad beart:

**75.** Goirt rom gáoth, géar rom gonadh,

Ard olc Uladh, udh bheire,

Cú cáomh Chulainn, díon óg Uladh,

Sgéal go ngairbhe, gníomh go ngoirte, G.

**76.** Gabhthar na heich dhamh , innilear mo charbhad, ar *Conall*, go ndeachoinn dá fhéachuin cá lion do mharbh mo dhalta dfhearuibh Éireann a Muigh Muirtheimhne. Do gabhadh na heich .i. an Dearg Dhrúchtach , an Coincheann Crónfhada , do hinnleadh an carbad , lingneas *Conall ann* iar sin , tainig roimhe go roidhioghair , do ghabh adhloighe , anbhainne an baineach, ad feirghníomh tar bainghníomh ann sin ag *Conall* , do ghabh fearg ainmheasardha é go ttug buille don tslait do bhí na láimh dhí gur bhíodhgusdair an teach fán gcarbad gur bhrisiodar an dá ghiorr ghair a gCoincheann Crónfhada go ttorchar marbh gan

anmoin. Do éirigh *Conall* go haithmhéalach ainéusgach asa haithle sin 7 do dhírigh go deaghthapaidh an carbad ar an Deirg Dhrúchtoigh 7 do ling fuirre asa haithle, gunadh é sin an *treas fear* do roíne marcoidheacht aoíneich ar túis a nÉirinn .i. Lugh Lámfada a gCath Muighe Tuireadh ar marbhadh Fhine Fomhra, et Cú Chulainn mhac Súbháltaigh Siódhaighe ar an Léith Mhacha 7 *Conall Cearnach* ar an Deargrúáthor.

77. Et tainig *Conall* a Machaire na hEamhna 7 dÁth na Foraire ar Slíabh Fúaid 7 a Machaire *Conuill* ris a nabartar Muirtheimhne 7 ó ráinig dhó éirghe ar an magh do *chonnairc* na colla ciorrbaighthe cróidhearga gur ba líonta an magh do cholluibh // [48] fear nÉireann eidir each 7 ghiolla 7 tighearna 7 táoisioch et do ghabh ag cùartogadh an ármhoigh. As ann sin adubhairt *Conall*, as mór do mharbh mo dhalta dfhearuibh Éireann, ar sé, 7 do áirimh *Conall* céud iomaire 7 céud marbh ar gach iomaire dhíobh an úair sin 7 nochar fhéad an áireamh ó shoin amach 7 tainig timcheall an mhuighe et tárla an Líath Mhacha dhó 7 an tsleagh comhthársna thrithe 7 a tonnghal fola fri a táobhuiibh 7 earrching an charbuid dá leith clí. Rob annamh ris a Líath Mhacha, ar *Conall*, cuing do charbuid dod leith clí 7 déana oirisiomh friomsa óir as meisí do thighearna diongmhala tar éis *Chon* gCulainn 7 gabh mo charbad ort go ndeachmáois do dhioghail *Chon* cCulainn ar fhearuibh Éireann gona slúaghuibh 7 ad beart an laoídh:

78. Geibh mo charbad fort a Léith, fa bhord mo sgéith sgaoileas reann  
Do dhíoghuil *Con* Eamhna a Léith, ba chalma ion gach cléith baoi ann  
Fá hionmhuin liom Cú na gceard, do dheargadh géargha glan gorm

Uch fa hionmhuin liom an lámh, do chuireadh gach ágh gu holl  
Geibh mo charbad *ar* do mhuin, a eich ardbhuilg *ar* an treibh  
A bhaisleathain bholgshróin dil, mo bheannocht fort et geibh. G. EI. BH.

**79.** Do dhruid *Conall* a ccomhghar don Léith Mhacha dá gabháil , do sguch an Líath Mhacha úadha , ní thug táobh ris a measg an ármhaigh , innisid úghdair , éolaidh nár fhágaibh sí ceann cloidhe nó clúanadh a nUltuibh uile gan iarraidh san ló soin , tainig roimpe go Linn na Léithe asa haithle sin , do ling innte gur báitheadh ann sin í. Tainig *Conall* roimhe dionnsoigheadh chuirp *Chon cCulloinn* , do ghabh an corp iona ucht et do ghabh ainnséin ag tuarsi , ag trúaighneimhéile , do rinne an laoídh and: Aitchim sídh , ceannsa an choimgeadh ,RL.

**80.** Cú Chuloinn bá hamhra an ghein, calma a shéun ó aoís mheic mbig  
Gur thuit lé Lughaidh na níath, laoch budh fearr nó an triáth ní thig  
Do bhéarsa Lughoidh gan cheann, atá dream dá bfuil a dhíoth  
Nocha sgáoilidh cách a chorp, nocha ndingean go bráth síoth  
Doiligh liom a dhol san chath, gan *Conall* a ngar a shlis  
Baoth don ghéugmhac dol san treas, gu mbeadh mo chneas mar aon ris  
[..]s é do badh dhalta dhamh, ibhidh bran dhígh asa chrú. // [49]  
Ní dhingean gaire iona geann, ó dho chúaидh *ar* ceal an chú. C. Ú.

**81.** Adhluithearr Cú Chuloinn feasda, *ar* Eimhir. Ní dingeantar, *ar* *Conall*, nó go ndíoghlarsa *ar* túis *ar* fhearuibh Éireann é , nó go ttísiodh a cheann dionnsoigheadh a cholla óir ní fhuil cúigeadh a nÉirinn a rachadh a cheann nach

*badh héigean a fhágáil* damhsa *et as móir na gairthesi* do chluinim timcheall *Maighe Muirtheimhne*anois , a *Machaire Conaill* , as lán an cóigeadh uile do ghul , déighiomh déis *Chon cCulóinn et* do *badh* mhaith an fear coimhéada críche , fearuinn , foraire an tí atá na chorp chiorrbhaighthe , iona chaobhuibh cró um fhíaghnuise , rugadar na tromghairthe so mo chíall , mo chuimhne uaim . As ann sin adubhairt *Conall*: As maith do dhlighe *Lughaidh* mhac *Con Raoi bheith* ag ciorrbadh *Chon cCulóinn* óir as é dho mharbh maithe *Chloinne Deaghaidh* um Choin Raoí , um Fhíamhuin , as dursan liomsa *gan Chú Chulóinn* ag freagra na néigheamhso , a eich , a *ara mar* aon ris , ad *beart* an laoidh ann:

**82.** Dursan a Chú Chulóinn cháigh, *mar* do thangois na ttiugh dhail

A mbí a gcléith éighmhe *ar* an muigh, gan tú ag éirghe na naghaidh  
Uchán na héighmhesi theas, as *goirt leam chroidhe* is *leam chneas*  
Uchán na héighmhesi thúaigh, do chóidh maitheas an mhórshlúaigh  
Uchán na héighmhesi thíar, *goirt leam chroidhe* , *leam chlíabh*  
Uchán na héighmhesi thoir, as tallann dom thiomargoin  
Nocha thúaluing meisí aríomh, *gach ar* mharbh Cú Chulóinn díobh  
Gacha ttorchair leis re headh, do shluághuibh móra Mumhan  
As dursan liom ion *gach* tán, gan a fhaicsin go comhshláin  
Gan a fhaicsin móir an modh, ní hé nach ádhbhar dursan. *Dursan.*

**83.** As ann sin táinig *Conall* roimhe go longphort fhear nÉireann .i. go hÁth Muilt *fris* a nabartar Áth Fir Dhíagh aniu , go gleann móir *fris* a nabartar Gleann Bolcáin , tug súil seacha , ad *chonnairc* an gcaoildeathach do leath táoibh na conaire. As fíor, *ar Conall*, as drong éigin dfhearuibh Éireann atá ann súd , cuid

do bhuar Uladh aca ⁊ táinig dá nionnsoigheadh et as é do bhí ann sin .i. Connla mhac Criomhthainn ⁊ mar do chonnairc Conall chuige do éirigh ar tháobh na tolcha ⁊ do badh comhdhalta do Lughaidh mhac Con Raoi an Connla soin ⁊ // [50] táinig dionnsoigheadh Lughaidh et do innis dó aonmharcach do bheith san magh dá ionnsoigheadh ⁊ do bhí Lughaidh an tan soin ar nanmain tar éis an tslúaigh ag foraire ⁊ ag forchoimhéad gunach béaradh Conall gan fhiú orra ⁊ creacha mhóra ⁊ airgne aidhbhile ⁊ braighde acu dhá mbreith leó as an gcúigeadh amach. Ad chiúsa aonmharcach dá bhar nionnsoigheadh, ar Connla ⁊ aoineach deargmhór faoí ⁊ ní fhaca ríamh aoinfhear badh mó ⁊ badh ríoghdha badh háilne ⁊ badh hoireagheda badh déine ⁊ badh díogháire ioná sé ⁊ do thimchill an táonmharcach atá chugóinn san tulach an magh ar sé roimhe iona charbad. Do bheirimsi aithne ar an marcach sin, ar Lughaidh, óir as é ríoghlaoch Éireann atá ann sin, .i. Conall Cearnach mhac Aimheirgin ⁊ ní mo chean gus a ttig an turchurtha atá ann sin úair ní dheachaídha a bhíodhba slán úadha ar muir nó ar tir ríamh ⁊ gidh cara dhúinne é as neamhchara ⁊ ad beart an laoidh:

**84. Aónmharcach sunn ar an muigh, a Lughaidh láochdha loinnmhír**

Ní cheúl ar churadh na gelann, ad beirim as é Conall

Más é Conall atá ann, calma curata coimhtheann

Do chiú ar ccaruid ar an muigh, gidh cara ní cairdeamhui

Táinig Conall roimhe ar soin, gus an áit a mbí Lughaidh

Fearg mhór gun mileadh re a mhac, níor bhó ceannus a chomhrag

Mo chean duit a Chonuill chaín, as eadh adubhairt Lughaidh

Tú an treas athair toluibh clann, fhágibus mo mháthair agam

Sloinn do chairdeas toluibh clann, s'ní heagail duit, ar Conall

Muna rabhuis *ar* an muigh, ag marbhadh mhic Subhaltuigh  
 Bríathair baoisi dhuitsi sin, a Chonuill mheic Aimheirghin  
 As mé do bhean a cheann de, do Choin gCulóinn Muirtheimhne  
 Más tú do bhean a cheann de, do Choin gCulóinn Muirtheimhne  
 Fuigfear do cheann *ar* an muigh, a ndíoghaileadh mhic Subhaltuigh  
 Ní thorrachd Muirtheimhne múaidh, do mharbhadh Chon cCulóinn  
 crúaidh  
 Nach dígheoltair orra soin, lé cúlghlais Chonuill Cearnóigh  
 Cairde comhlan damhsa a fhir, a Chonuill mheic Aimheirghin  
 Go ttíad mo chatha réam chois, is an moigh a nairgeadrois // [51]  
 Do bearadsa sin a fhir, a Lughaidh láochdhá loinnmhir  
 Is tug bréithir toluibh clann, nach seachónair mo chomhlan  
 Do bheirim mo bhríathair níadh, tuingim fám chloidheamh ‘s fám sgíath  
 Acht go ttíad mo shlúaigh amach, nach éimdhéobha aonmharcach.  
 Aonmhar.

- 85.** As ann sin do naísg *Conall ar Lughaidh mar* do shoichfeadh a measg a mhuinntire nach teithfeadh roimhe , go mbíadh *ar* Magh Airgeadrois ag feitheamh *air* sion. , táinig *Conall* roimhe iona rúauthor *confadhach* go haonghlaois mbreagh *et mar* do bhí ann do *chonnairc* na trí *chaoga* curadh armtha éidighthe *ar* ur an átha go hoirchilleach *ar* a chionn , do dhearc *Conall* forra , do fhíafroigh cuith do bhí ann. Maine Móeibeart, *ar* síad, .i. mac mórghrádhach Oilealla , Méadbha , adbhar airdrí Connacht. Maith leam t’fagháil ann sin a Mhaine, *ar* *Conall*, má do bhádhuis ag marbhadh *Chon cCulóinn*. As deimhin *gur* ghon meisí é, *ar* Maine. Gonfadsa thusa na aghaidh

sin, *ar Conall* 7 do ionnsoigh *Conall* ann sin eiséin go hainmhín easmuinntearda 7 tugadar cách tulgadha dá sleaghuibh *ar* an airsidh a naóinfheacht 7 congmhuis *Conall* a sgíath ris na craoísiochuibh 7 do bhris 7 do mhionnaigh a narmasan 7 tainigh féin go feargach fraochníata fona fearuibh *et* do thomhus go toghtha treúnláidir a threasbhuilleadh tar tháobhhuibh tréimhíleadh 7 tar chorpuibh curadh gurbhó ciorrbhtha comhroinnte 7 gurbhó millte marbhtha miochóirighthe muinntir Mhaine don mhórchumasg soin 7 tainig *Conall* roimh Mhaine sa nionghuin 7 tug buille coirpghéarrtha cnáimhleadortha dhó *gur ghéarr* eidir *arm* 7 éidigh é don aonbhuille sin *conach deachaidh aoinfhear* beó *ar toradh* a lúais *nó* a mhadhma *nó* a mhóirtheithidh do mhuinntir Mhaine *gan mharbhadh* maille ris féin. *Et* tainig *Conall* fan bfiodhbhuidh fá coimhneasa dhó 7 do bhean slat fhada fhionnchuill dar bhó miodhlán a ghlac 7 do shniomh í 7 tug *barr* na slaite chuige 7 do chuir snaidhm uirre 7 do chuir *ceann* Mhaine *ar* an slait sin. As maith liom an *ceann* so do bheith agam, *ar Conall*, 7 do bheirim dom bhréithir nach *rachad* dom thoigh nó go mbeire mé lán an ghoitssi do cheannuibh ríogh 7 taoiseach // [52] 7 tréinfhear leam *et* as tosach díthe 7 do iongabhála eachta 7 easbadha dfhearuibh Éireann mo theacht tar muir don toisgsi óir ní fhuil dún *nó* deaghárus a nÉirinn nach bia gul 7 mairg ann om chumusgsa don *chur* so ag diághailt mo dhalta *ar fhearuibh Éireann* 7 as maith leam mar do chuaidh a foraire do Mhaine tar éis an tsluaigh 7 as romhaith leam fós gurab *ar Chonnachtuibh* do rónus mo chéidioghaltus 7 mo chéidghníomh 7 mo chéad deargadh *ar túis* 7 badh Sruth Maine ainm an tsrutha so mar *ar thuit Maine Moéibeart* 7 ad *beart* an láoidh:

**86.** Maine Mó Éipeart fo chean, do thuitim for ghlaisi mbreagh

Ní soiréidh do dhear a dhreach, a fhoraire déis lúighdheach  
As maith leamsa mar do sguir mo shleagh dfhothagadh na fhuil  
A néiric mo dhaltán de, ionar fothruig sleagh neimhe  
Sruth Maine ainm an tsrotha, mar do chlaochlaigh na crotha  
Go ttúir an bráth brisi dhe, an sruth so ba Sruth Maine. P. A.

87. Et tainig *Conall* roimhe go *Teamhraigh* iar sin 7 do bhí óglach dhUlltuibh at *Teamhraigh* an tan soin ag cuideachtoin Feidhlimeadh Nuachrothaighe inghine Conchobhair darbhó comhainm *Ceann Biorraidhe* dhUlltuibh. Et as amhlaidh do bhí *Earc* mhac *Cairbre* an úair sin a ndabhuigh aga fothrughadh déis a aisdir 7 a ardchosguir a nUlltaigh et a dubhaint mar so: Maith leam mar atáid Ulltaigh anocht, ar sé, gan fear dioghalta faladh nó faltanuis aca nó cosnamha críche tar éis *Chon cCulóinn*. Eirgheas a alladh báidhe a c*Ceann Biorraidhe* aga chloisdin sin 7 adubhaint: An ccéin mairfeas *Conchobhar* guna chloinn 7 *Fearghas* guna chloinn 7 *Conall* guna chlannmhaicne 7 ríoghraíd Uladh archeana as eúgcóir dhuitsi sin do rádha nach beith fear dioghalta fala beó dhUlltuibh tar éis *Chon cCulóinn*. Do ghabh *Earc* cloich chuige dárbhó lán a dhorn 7 tug urchar dhí dionnsoigheadh *Chinn Biorraidhe* 7 do chrom *Ceann Biorraidhe* a cheann roimh an gcloich 7 do léig seacha í go ndeachaidh tré tháobh na bruighne amach 7 do éirigh *Ceann Biorraidhe* et do ghabh a arma chuige 7 tainig amach 7 an tslighe a ttainig do *chonnairc* an taonmharcach go tinneasnach dia ionnsoigheadh 7 fáiltigheas a chroidhe aga fhaicsin // [53] dó 7 do bhí aga fheitheamh a bfas uadha 7 do aithin *gurab* é *Conall* do bhí ann 7 aithnígheas *Conall* eision 7 *gurab* dUlltuibh dhó 7 do fhaitigh roimhe 7 mar do rangadar a chéile do thoirbirsiod poga dia roile. Sgéula leat a *Chinn Biorraidhe*, ar *Conall*, cía atá a t*Teamhraigh*.

Atá Earc mhac Cairbre innte, *ar sé* , do fhágbhusa a ndabhaigh dá fhothragadh é *et* tug a bhréithir nach fuil fear dioghalta fala nó greisi beó a nUlltaigh tar éis *Chon cCulóinn*. Nocha dhósan as fior sin, *ar Conall*, atúsa beó fós , as fear dioghalta fala , greisi mé. *Et* do innis Ceann Biorraidhe do *Conall* a imreasoin féin uile re hEarc.

88. *Et* tángadar araon rompa go Teamhraigh asa haithle sin , do chonncadar an ionáin aga déanamh *ar* an bfaithche , tángadar féin dá hionnsoigheadh , as íad do bhí agá déanamh dá thaoísioch teaghlaigh Eirc mhic Cairbre .i. Maol , Miodhna a nanmanna , as í do *badh* líathróid dóibh ceann *Chon cCulóinn* agá bhúaladh eatorra. Creúd so aguibh a óga, *ar Conall*. Fort do chlé , do cholduabhus, *ar* síad, an é nach gcúaluis go sttrásda Cú Chulóinn do mharbhadh dfhearuibh Éireann *ar* Magh Muirtheimhne. Do chúalas go deimhin, *ar Conall*, má do chúaluis, *ar* síad, as é so a cheann aguinne mar líothróid. Uch as olc liomsa an ceann soin do bheith aguibhsí, *ar Conall*, tiucfadh na ceinn sin díbhsí tre bhur niomáin air, *et* do ionnsoigh *Conall* íad go haigmhéil ainíarmartach , tug sáthadh sonnda sotalbhorb don chúlghlais chéinnghéir chrainnreamhair a ccorp gacha caithmhílidh dhíobh gurbhó créachtmhór comharthach taobh gacha tréinmhílidh dhíobh ó na tromghonuibh sin , do dhícheann *Conall* go deithreach an días sin .i. Maol , Miodhna *et* do chuir an dá cheann sin *ar* an ngad a ndíoghalí na hiomana do rónsad *ar cheann Chon cCulóinn*. Adubhaint *Conall* asa haithle sin: Ní liomsa budh cóir ceann mo charud , mo chaomhdalta do chomaoídheamh agus adubhaint an laoídh:

89. Oighidh Mháoil agus Mhiodhna, a tTeamhraigh íar na tioghba

Dé atá a luidhe , a *leacht*, déag an chinn ro chomaoídseach // [54]

Riomsa nochar mháoidhte an gníomh, nochum geibh fáilte go fíor

Do chóinfeadh an fear mo chlú, níor mháoidhte le coin an cú

*Ceann Chon Culloinn a tTeamhraigh, tug Ulaidh fá mháothmheanmain*

Tuirsioch meisi dhéis an fhir, olc leam a eúg ‘s a oighidh. Oighidh.

**90.** A Chinn Bhiorraidhe, ar Conall, déana imtheacht feasda , beir ceann Chon cCulloinn leat mar a bfuil Éimhir. Nocha mbéar, ar Ceann Biorraidhe, gion gu ndeárna mé *acht* aoínfhear dfearuibh Éireann do mharbhadh gach laoí ní fhúigeabh thusa at áonar, dá marbhtha céad gach laoí dhamhsa, ar Conall, , céad gach noídhche do badh fhearr leam an ceann so do breith dionnsoigheadh a cholla féin ionáid sin uile do dhéanamh dhuit. Do éirigh Ceann Biorraidhe , rug an ceann leis go Dún Dealgan , tug a láimh Éimhire é , do rónadh an ceann do nighe , do níamhghlanadh aca , do cuireadh ar a cholainn féin ann sin é , tug Éimhir an corp , an ceann chuice féin , do dhruid rena hucht , rena hurbhruinne íad aráon asa haithle. *Et* do ghabh ag tuisri , ag trúaighneimhéile romhóir ósa chionn , do ghabh ag súgh a fhola , agá hól go hiomarcach , ag súgh a bheóil , do chuir tlacht soineamhail sróill uime. Uch uch, ar sí, do badh maith maisi , snúadh an cheinnsi gé atá sé mar so aniu , as mór dingheanuibh ríogh *et* táoisioch an domhain do bhíadh agá cháoineadh aniú dá bfeasdaoís a bheith mar so *et* gidh íad lucht iarratuis óir , ionnmhuis , athchuingeadh Éireann , Alban , an domhain mhóir thoir do badh tú a náonrogha leannán , a náonghrádh dfearuibh Éireann uile *et* dúaislibh ríoghradh , roithighearnadh an domhain *et* as trúagh mo bheathasa aniú dot éisi, óir ní raibhe ag fíor nó gan fhíor a nÉirinn nó a nAlbain nó san domhan uile bean nach raibhe ag formad friumsa gus aniú óir

dob iomdha séoid 7 móine, cána 7 cíosa a críochuibh an domhuin do thigeadh dom ionnsoigheadhsí le neart 7 le calmacht na láimhesi *Chon cCulóinn*. Et gabhuis Éimhir a lámh iona láimh 7 do ghabh ag tabhairt a teasd 7 a túarasgbhála ós áird et adubhairt: Trúagh sin, ar sí, // [55] as mór do ríoghuibh 7 do rothaoísiochuibh et do thréinfhearuibh fhear ttalmhan do cuireadh a ndáil bháis 7 a nairrgheanuibh eúga le lúth na láimhesi 7 as mór deúnuibh 7 dainmhintibh éigcíallach an domhain do loiteadh lé et as mór do mhaoínibh an domhain do sgaoileadh 7 do bronnadh leis an láimhsí dfileadhuibh 7 dollmanuibh an domhain 7 adubhairt Éimhir an laoídh:

91. Uch a chinn ón uch a chinn, gé do measgadh thú fán linn

Mór sochuidhe dá ttuguis eúg, mór ccuradh mór ccéad a chinn,

Uch a airm ón uch a airm, mór sochuidhe ar a ttuguis maidhm

Nocha rabhuis seachtmuin ríamh, nach ttiobharthá bíadh do bhaidhbh

Uch a shúil ón uch a shúil, do raduis do mheanma dhúinn

Ionann ionadh a mbía ar leacht, ionann feart cláoidhfidhear dhúinn

Uch a lámh ón uch a lámh, do bhádhuis sealad go sámh

Meinic do curthí fám cheann, uch dob ionmhain leam an lámh

Uch a Léith ón uch a Léith, do thighearna níor sum tréith

Fada go leámhthaoí do chrádh, an gein bheitheá ar sgáth a sgéith

Uch a Dhuibh ón uch a Dhuibh, ní thréigfinn tú do chionn chruidh

Uch do bhris mo chroidhe um chlíabh, an triath do fhághuis san muigh

As maith leam ón as maith leam, a Chú Chulóinn Mhuighe Meann

Nach ar imdheargas do ghnúis, 's nach deárnuis drúis tar do cheann

Ionmuin béul ón ionmuin béal, fá blasda ag innisin sgéul

Ó do fhás gean ar a ghrúadh, nochar eúr sé trúagh nó treún  
Ionmhuin rí ón ionmhuin rí, nár eúrusdar neach um ní  
Tríocha laithe gus anocht, do chomhruigh mo chorp le a chlí  
Ionmhuin fear ón ionmhuin fear, lé ar tochradh mór slúagh re seal  
Ionmhuin folt forordha fuar, is as ionmhuin a ghruadh gheal  
A dhá shleagh, a sgíath, 's a chloidheamh angláidh go neimh  
Tabhair do Chonall na gcath, ní thugadh a rath mar sin  
Ionmhuin cách ón ionmhuin cách, nach ccluinfidh guth cúach go bráth  
Nocha ttiocfaidh lé na ngairm, go ttisiod na mairbh íar mbás // [56]  
A charbadsan a charbad, do badh reamhar do fargbhoidh  
Tabhair é do mhac Deaghaidh, nar chathaigh acht re harmoibh  
Uchan uch ón uchan uch, sum lúaithe na gaoth fria sruth  
Aniú ní fhoilcim mo cheann, ní aibeor ní as fearr na uch. Uch.

92. As a haithle sin do bhí Éimhir ag comhrádh fris an mbanstrachd, as eadh  
adubhairt: As fada atáthar dha thaisbeanadh dhamhsa a bffisibh oidhche go  
ttuitfeadh Cú Chulainn le fearuibh Éireann, do tárfás damh fos mur Dhúna  
Dealgan do thuitim go talmhain, do chonnarc fós mar do sgoiltfidhe ó a bhile  
go a bhórd, mar do bhrisfidh a chloidheamh, a chraoisioch iona  
gceirtmheadhón, do thaidhbhrigheadh dhamh Conall do bheith dá mharbhadh  
um fhíaghnuise, mé féin, tusa do dhícheannadh a Láoigh, ar sí, a gion go  
mbeidís na taidhbhsí sin aga ttaisbeanadh dhamh do bhádar draoíthe Éireann  
uile aga thairrngire go ttuitfeadh Cú Chulainn lé harmuibh Chlainni Cailitín, lé  
Lughaidh mhac Con Raoí et a Láoigh, ar Éimhir, do bhamaire seisiorn ar  
aoinshlighe, dob aoibhinn dúinn óir da sirthí an domhan uile ó thurghabháil

gréine go fuineadh ní fuighthí *ar nionnamhail* a naoíonionadh .i. tusa 7 Cuilleann giolla na hIobhraidhe 7 an Líath Mhacha et an Dubh Saoileann 7 meisi féin 7 Cú Chulainn et as trúagh leam Lughaidh Sríabh nDearn gan fear tabhartha catha aige nó coisgthe comórtuis nó cogaidh dhe tar éis a oide. *Et* atá ag brisiodh mo chroidhe um chlíabh bheith ag éisdeacht le faoidhibh fiortrúagha ban 7 fear an chóigidh 7 lé goluibh arda aimmhíne annradh 7 óglach Uladh ag caoíneadh *Chon cCulainn*. *Et mar* atáid Ulltaigh uile san Cheas Naoídhean et gan neart aca *ar a dhíoghuilt ar fhearuibh Éireann et adubhairt* an laoídh 7 ní fhuil sí ann so. As ann sin do rónsad toirssi 7 tromachlán leath *ar leath* .i. Láogh 7 Éimhir 7 as ann ad beart Éimhir: Dursan liom a Láogh, *ar sí*, *ar sgaradh re chéile* anois 7 do budh súaimhneach *ar gcomhnaidhe gus* anois lé chéile a naoíonionadh. // [57] As fior sin, *ar Láogh*, 7 ní bhiúsa ag giollaighiocht feasda ag áon duine eile go bráth tar éis mo thighearna féin. Uch as trúagh leamsa sin, *ar Éimhir*, 7 a Láogh, *ar sí*, *nar athoin Cú Chulainn* misi dhíot nó an ttug teagusg dá theaghlaich. Ní thug, *ar Láogh, acht* do aithin diotsa *gan dol le fear* go bráth *acht* muna dheachdá le fear dfearuibh Uladh. Do ghéansa sin, *ar Éimhir*, óir ní bhead ag fear dfearuibh an domhain tar éis *Chon cCulainn* 7 adubhairt an laoidh:

### 93. Uchán ach ón uchán ach, ón ló do chúaидh *gus* an chath

Bás Chon Chulainn Muirtheimhne, mo chroidhesi um chlíabh adbath

Uchán ní huch *gan* phudhair, uch oilé cían *bhus* cumhain

*Tar éis* na con go nárdbhladh, biaidh uch *ar arduibh Uladh*

Luidhimsi anois fá do láimh, a bhean as áille do mhnáibh

Dá sire mé muir is téar, noch um fhaicfe righ na dháil

An beag liom a thoigh a Láoidh, is abair *gan* iomarghaoidh

Nar iomráidh meisi an cù cain, suil do thaoth san iomarghain  
Tug bheannachtoin duit an gcoin, fíor dhamh fada *bhus* cumhoin  
Da ttí go fear na dheaghuidh, go madh fear dfearuibh Uladh  
Do ghéansa *ar* Choin gCulóinn soin a Láoch, óir as é mhionmhoin  
Ní racha go fear feardha, *acht* lé fear dfearuibh Eamhna  
Éisd riomsa a thoigh a Láoch, *abair* riom as radh réidhe  
Innis damh gidh fáth orchra, gá méid torchair leam chéile  
Do *airmheas* céad iomaire, a ndíaign óirligh *Chon* cCulóinn  
Ceúd laoch *ar* gach niomaire  
Do *áirmheas* céad eitridhe, déis mhadhma na con céadna  
Céad laoch ion *gach* eitrighe, as *eadh* do mharbh go déadla  
Dom chubhuis ón dom chubhuis, gár bheag ré ndul na oighidh  
Tighe *nó* sneachta ós cionn chnoc, fuil corp fá dhéis a chloidhimh  
Dom chubhuis ón dom chubhuis, gár bheag ré ndol na oighidh  
Tighe *nó* cioth cloichshneachta, cnámha fá dhéis a chloidhimh // [58]  
Dom chubhais sin dom chubhais, liom gé thísiadh a shloinneadh  
Nocha ttugsan *ar* ainbfeas, dia dheiis nó dia chlí buille  
Dom chubhais ón dom chubhais, ré ndol dúinn a gceann chatha  
Ní bhiodhsan gan mfheúchoinsi, 's do fhéachóinn gnúis na flatha  
Noch táinig crioch mo chumhadh, ro chráidh mo chíall is mo chruth  
Ionann cás duinn a Eimhir, táinig teimheal as fáth uch. Uch.

94. As a haithle sin adubhairt Eimhir: Ní rachsa seacha so *nó* go ttí Conall dom ionsoigheadh. Ní córa do neach eile anmhuiin leis na sgéala sin iona dhamhsa, *ar* Láoch. *Et* do ghabhadar ag osnadhadh , ag eugcaoíne timcheall *Chon*

cCulóinn leath ar leath, níor léig eagla Conaill dóibh Cú Chulóinn dádhlacadh nó go ttigeadh sé féin chuige.

**95.** Iomthúsa Chonaill tar éis Mháoil, Mhiodhna do dhícheannadh dhó do ráidh, abradh neach aguibh lé hEarc mhac Cairbre teacht amach dom agallamhsa et muna ttí luighimsi fám bréithir nach bfuil san mbaile uile líon a ionggabhála ormsa nó go roichear dhá ionnsoigheadh. Et do hinnisiodh sin dEarc et do éirigh agá chloisdin sin dó, ro gabh a arma, a éidigh uime et táinig as an dúnadh amach, trí chaóga curadh caithéidighthe maille ris. Maith sin a Eirc, ar Conall, as sádhail súaimhneach atá sibh tar éis Chon cCulóinn do mharbhadh. Ná habairsi sin a Chonaill, ar Earc, ní loigh do sbraigbríathradh ormsa mar sin óir ní iocfa mé éiric nó eineachlann riotsa ann sin acht béim a naghuidh bhéime, goin a naghuidh ghona. Trúagh sin, ar Conall, ní gheúbhuiinnsi ór an domhain, airgead, maitheas na huile úaitsi iona éiric acht do cheann féin, á chor ar an ngad so a measg na gceann atá air agus ad beart an laoídh:

**96.** Sádhail súaimhneach sin a Eirc, tug Ultaigh a ndáil neimhneirt  
*Ar ndícheannadh Chon gCulóinn, duitsi is dairdrí deasmhumhan*  
Na hiomaird orm do bhríathra, riot nocha níocfam fiacha  
Nochan faghair éiric dhe, acht béim a naghuidh bhéime // [59]  
Nocha sireabhfíacha ort, acht sgarfad do cheann read chorpa  
A ndíoghuil Chon na hEamhna, do crad mé fá mhímheanma  
Tarr amach is gabh do gha, go ndíogluinn ortsa mheúgnach  
Go gcumaisgthear uime soin, gonach bía sunna sádhoil. S.

97. As ann sin do ionnsoigh cách a chéile dhíobh .i. Earc gona thrí *chaóga* láoch láidir lánchalma , Conall iona úathadh , iona áonar na naghuidh uile .i. rioghláoch Éireann et fear taisdil , cuartaighthe an domhain , aonúaithe catha na cruinne na chomhaimsir fén acht Cú Chulainn amháin an tan do badh beó óir as friu sin aráon nar ghabh uathadh nó sochaidhe ar muir nó ar tir do ló nó dhoidehche ríamh. Et tugadar frasa dúra díana do ionggabhála diogháire lúatha lúthmhara leidmheacha da narmuibh áithe fhírneimhneacha a naoinfheacht ar Chonall , do rinne seision roth rithneimhneach dá rúadhloinn ris na reamharghaoíthibh , tainig fén go calma confadhach ar a gceartlar gan choigill , do thuairg iad do bhuilleadhuihb borba bíodhbhamhla iona mboirdthimcheall go sanntach síorláidir seabhcamlail et go fiocdhá firneartmhar fearamhuil gurbhó teasgtha táoibhghearrtha tréinfhir et gurbhó leadhortha leathroinnte láoich , gurbhó ciorrhtha cneadhoch creúchtach caithmhíleadhuibh ó mhóirbhéimeannuibh meara meanmnacha an mhorchuraidh Conaill gur ghabh gráin , gealtacht na glanchuruibh , criothmhaidhm chláoibrisde na caithmhíleadhuibh uamhan , imeagla uafásach a nairdríoghuibh tuisiol , tréinteitheadh na ttréinfhearuibh loige , láinghealtocht iona láochuibh brisiodh , búainréabadh ar a mbuighnibh ár , oirleach , athchuma ar an annradhaibh falach , fobuirt ar a bféinneadhuibh siobhal , seachrán ar a sochaidhibh ón luidhe ainmhín ainiarmhartach chrúaidh churata chathláidir sin Conaill Chearnuigh gurbhó maidhm , teitheadh go tinneasnach gan chuimhne gan chéill gan chothughadh don chrúadhchath soin as an áit a rabhadar ar an moigh sin , ttighibh , a gcladhuibh , a // [60] a ccaoimchéarnuibh na claointheamhra gur fhágħbadar a ttriath , a ttighearna na áonar a néagcomhlann , go ttug Conall sáthadh sanntach neartmhar neimhneach neamhthuirsioch don Chúlghlais

cheinnghear chrúaidh chrainnreamhair chatha a mullach a ochda 7 a urbhruinne dEarc gur chuir ceann na sleighe tar a seamannuibh tréna cheirtmhéadhón gur dhíainbhris a dhruim iona cheartlár et tug coilgbhéim crúadhláidir tarrsna a tháobh 7 a thromcholla don tréinmhílidh go ndearna dhá órdain de eidir sgéith 7 chloidheamh 7 chorp 7 chathlúireach et do bhean a cheann de as a haithle 7 do chuir ar an ngad é. As maith leam, ar Conall, an ceann do bheith agam dá chur ar an ngad a ndíoghuil chinn Chon cCulóinn, et do chuir an ceann go Teamhraigh 7 táinig féin a ndíaigh na madhma sin go Teamhraigh 7 do ghabh ag marbhadh 7 ag móirdhíothughadh mhuinntire Eirc go ttorchair leis cáoga curadh um dhoirsibh na Teamhrach. Et táinig Muireadach mhac Feargusa .i. taoísioch teaghlaigh Eirc mhic Cairbre 7 lucht coimhéada na Teamhrach maille ris do dhíoghail Eirc ar Chonall Cearnach 7 do fhógair Muireadhach comhrag ar Chonall et do fhágaibh céad láoch ar gach dorus do dhoirsibh na Teamhrach dá coimhéad ar Chonall et táinig céad curadh iona fharradh féin do fhreagra comhruig do Chonall. Et do ionnsuigh an caithmhílidh cosgrach .i. Conall, an comhrag sin et do ghabh aga sloighe 7 aga síorbhualadh do bhuiileadhuibh sanntacha seadhmhara sruthborba 7 do ghonuibh doimhne díomhóra dlúithmheara achd atá ní cheana do thuiteadar an céad láoch soin timcheall Muireadhaigh san móirghleó sin lé Conall. Et táinig Muireadhach féin iona mhaidhm 7 iona mhíochosgar mhóirtheithidh dionnsoighe a mhuinntire et do ráinig ar dhorus do dhoirsibh na Teamhrach. Do ghereannuidh sé Conall do theacht dá ionnsoigheadh arís 7 do fhógair comhrag fair. Et do ghabh ag aithisiughadh 7 ag imdheargadh Conaill do briathruibh móra míleata et mar do chúalaidh Conall na mórgotha sin Mhuireadhaigh do líon rúathor robhrob reachtmhar // [61] robharta san rímhílidh et fiuchadh fiormhór feirge 7 tonn

anfadach agarbh ainíarmhartach aingidheachta san árdfhlaithe et tainig go mear mórdhásachtach 7 tug buille tothachtach treúnurluidheach ar na treisbhéimeannuibh 7 easgaidheacht ullamh urmuisneach ar a iombúaladh gur thuit céad láoch don chuinnsgleó sin leis 7 do chúaith Muireadhach ar éigin úadha an *dara feacht* 7 do ionnsoigh an *dara dorus* do Theamhraigh 7 an tan ráinig ann do fhógair comhfrag ar Chonall a ccéadóir et tainig Conall go santach sírdhíochra dá ionnsaighe 7 do ghabh go marbhthach móraigtheach ag mughughadh 7 ag míochorughadh Mhuireadhaigh 7 a mhuinntire an *treas feacht* gur thuit an céad láoch sin leis go láinchniomhach leadarthalach ar an láthair sin 7 do imthigh Muireadhach le toradh a reatha 7 a rionnlúais 7 a láidireachta ó Chonall an *treas feacht* 7 do ionnsoigh an *treas dorus* do Theamhraigh. Ciodh thrácht torchair céad láoch ar gach doras do dhoirsibh na Teamhrach le Conall 7 do dhícheann sé Muireadhach féin fá dheireadh ar láochlár na truimtheamhra don treúnruáthor soin 7 do chuir a cheann ar an ngad asa haithle. As maith leam, ar Conall, an ceann so Muireadhaigh do chur ar an ngad ar son a ndeárna dom ghriosadh 7 dom ghreannughadh et dá madh dúal dEarc an baile si do bheith aige do loisgfinnsi é et as é imleacán oireachuis Éirionn 7 ní Loisgeabhs é 7 adubhaint an laoídh 7 ní fhuil annso.

98. Asa haithle sin tainig *Conall* roimhe go maoídhmheach móiréachtach a Teamhraigh amach déis ar thuit leis do chéaduibh 7 do churadhuibh na claoíteamhrach et an teolus a ttainig ó Theamhraigh tárrla Colla Fáthach dhó ar na fhágháil do Lughaidh mhac *Con Raoí* ag foraire 7 ag forchoimhéad air féin, et do fhreagair cách a chéile dhíobh 7 do ghabhadar go calma caithbheódha ag comhtharruing 7 ag comhthúargain a chéile gan choigill 7 tug *Conall* béim

neimhneach noimhdighe neartláidir do Cholla san chumasg sin gur bhean a cheann don chrúaidhbhéal sin don churaidh, do chuir an ceann soin ar an ngad. Dar ar mbréithir ámh, ar Conall, as maith linn ceann mhic Fáthoigh do bheith iona // [62] leadhbhaibh leadortha, iona chosair chró um fhíaghnuise, adubhaint an laoídh ann:

**99.** Ceann Cholla mheic Fáitheimhuiil, do sgarusa re a mhéidhe

Ní soruidh do dhearg a dhreach, ag foraire chinn tsléibhe  
As maith leamsa mar do sguir, mo shleagh dfhothragadh na fhuil  
A ndíoghuil Chon gCulóinn sein, ionar fhothruig sion a shleagh  
Creamhnois curadh fá búan bládh, do ghabh sé le rúadhadh reann  
Níor feúdagh don chath a chlódh, acht gurbh iomdha slógh na cheann.

Ceann.

**100.** Táinig Conall go cródha confadhach tar éis an chomhruig sin et an teólus do chuaidh tarrla Cuilleann Breagh dhó, bá tréinfhear teann tóghtha, bá caithmhílidh calma comhradhach a gcathuibh, a ccomhlannuibh an Cuilleann sin, do dhícheann Conall go prap é, do chuir a cheann ar an ngad, do ghabh ag marbhadh, ag miochórughadh a mhuinntire asa haithle go ndearna aonmhaidhm anbhúaineach dá raibhe san gcathraighe uile roimhe eidir mhnaoi, fhior, chrodh, cheathra, do ghabh Conall ag máoidheamh chinn Chuillinn do bheith ar a chur féin aige agus ad beart an laoídh:

**101.** Cuilleann Bhreagh a brúachuibh Meadh, atá sunn na chosair chró

Do chláochlaigh a dhealbh sa dhreach, badh tearc neach fá comhlann dó

Cuilleann Bhreagh a brúachuibh Meadh, atá sunn na luighe cró  
Noch *ar* thaghuill fiadh *nó* frach, *ar* an magh fá comaидh dhó  
Ro fhearsamar comhlann crúaidh, *ar* bhéuluibh slúaigh toghtha truim  
Mo shleagh ag goin thochta ánagh, ro *badh* corcra bláth an chuill.  
*Cuilleann.*

**102.** Táinig *Conall* roimhe íar sin go Fiodh Rocaime *et* do *chonnairc* dheathach dhíomhóir do *leatáobh* an fheadha a ccomhghar dhó. As fior sin, ar sé, as dream éigin dfearuibh Éireann atá ann súd, *cuid* do bhúar, *do* bhraighdibh *Uladh* aca ann, táinig *Conall* roimhe *dionnsaigheadh* na teineadh, *as* íad do bhí ann *Clann Chailitín* *et* *mar* do *chonnaircsion* na hamuidealda adhúathmhara urghráonna sin do aithin íad, *adubhairt* gurob íad a bhiodhbhadha *bunaidh* do bhí ann, i.e. *Clann Chailitín*, *do* // [63] do ráidh *Conall*: *Beirim a bhuidhe ris na déibh dá nadhruim mé féin do bhreith oruibh, ní thárrla chugom ríamh ar muir* *nó ar* *tír turchuirthi* *badh* *fearr* liom do chur chugam iona sibh, *et* gion go ttuitfidhear leamsa dfearuibh Éireann a ndíoghuil *Chon cCulóinn* *acht* *Clann Chailitín* na naónar do *badh* maith mo thoisg, *mo thurus* a nÉirinn do dhíoghuil *Chon cCulóinn*, *mo chean* do bhéaradh na sé cinn úd leis *dionnsoigheadh* na hEamhna *et* as faoilteach do beidís *banntracht*, *bannala*, maithe, *do* móruaisle *Uladh* agá bfaicsin agus adubhairt an laoídh ann:

**103.** Ní híad na cairde rom *car*, *theagmhus* damh ó atú um aonar  
Budh foirdhearg an feúr ga bfuil, fuicfeadsa a mbaidhbh fa *conuibh*  
Béaradsa bhur gcinn budh thuaigh, a *Chlann Chailitín* chrúaidh  
Tuitfidhthí liom gan taisi, do neimh chrúaidh na culghlaisi

Gach *ar mharbh*asa uile, eidir mhagh mhín is mhuine

Mór as fearr liom an líni, nó *ar mharbh*us do choimhdhíni. N. Í.

**104.** As ann sin do ionnsoigh *Conall* go díán díochra dásachtach do chum na teineadh *et* do ghabh ag sloighe na slúagh *et* agá síorbhúaladh *et* do éirgheadar na hamuidealda go húathfásach uireaglach *ar* a naonchosuibh *et* ar a naonlámhuibh *et* do ghabhadar go fraochghonach firneimhneach ag lot *et* ag láochbhúaladh *ar* *Chonall* *et* ó fúair seision a nanbfhainne dhraoigheachta *et* diábluidheachta íad do ghabh go lúthmhar láinbheódha luathghonach loinngníomhach aga láochbhúaladh *et* níor sguir dona hamuidibh taobhainmheacha trochamhla sin nó gur thuiteadar dona brathbhuiileadhuiibh borba búanmharbhthacha sin *et* do bhean na sé cinn díobh *et* do chuir *ar* an ngad íad.

**105.** Táinig *Conall* go subhach soimheanmach san slighe ar mbreith chosgair *et* chomaoidhmhe Chloinne Cailitín dó *et* táinig roimhe go Magh nAirgeadros *et* tar Glaisi Croinn fris a nabarthar Glaisi Chró aniú *et* mar dho bhí ann do *chonnairc* an cath // [64] an cath coimheagair ceangulte *ar* na chorughadh fa na chomhair *et* as é do bhí ann Connla .i. comhdhulta Lughaidh mheic *Con Raoí* *et* teaghlaich Lughaidh mar aon ris. *Et* do ionnsoidh an caithmhílidh *et* an curadh céadach cathbhúadhach comhramhach curata sin .i. *Conall* iad *et* do ghabhadar ag comhthuargoin a chéile gan choigill go hainíarmhartach éichtbheódha áitheasach ag cnaimhghearradh *et* ag coimhleadradh chorp *et* chaomhcholainn a chéile *et* tugadar na slúaigh ceatha coimhthiugha *et* sáitheadha síanlúatha soighead *et* frasa fiormhóra faobhuirghéara foghadh dionnsoigheadh *Conaill*. *Et* níor ghabhsan ó ghonuibh nó ó iombúaluibh nó ó bhorburchoruibh na bruighne

sin achd do ghabh go marbhthach móiréachtach ag sloighe *et* ag síorbhúaladh na sochuidhe gonach deachoidh aoinfhear as díobh *acht* muna dheachoidh duine a maidhm *nó* a míochosgar *et* do thuit deich gcéad díobh a neaochairimlibh an átha anonn *et* anall *et* do chomhruig *Conall* *et* *Connla* re chéile fa dheireadh re headh *et* re hathaidh fhada *et* do ghabhadar ag iombúaladh sgíath *et* cheann *et* chathbharr a chéile *et* do thuit Connla fa dheóigh do bhuilleadhuiibh catharrdha crúaidhe calma *Conaill* *et* do dhícheann *Conall* asa haithle é *et* do chuir an ceann *ar* an ngad *et* do ghabh ag féachuin an áir an abaigh sin *et* na méideadha maoildearga ag snighe *et* a ccuirp uile comhosluigthe ag coimhtheilgean a ccaomhfhola *et* na sruithlinnte dearga dianlúatha donnfhola ag síleadh sa nglaisi gurbhó cáoba cró *et* linnte fola foirrdheirge an ghlaishi għlanfhūar ghainmhidhe sin, *budh* Glaisi Chró a hainm go bráth tar éis an għnionha so, *ar Conall*, agus adubhairt an laoíd:

**106.** An ghaise si glaise chró, *leanfuidh dhi ní hiomargħó*

Cosair deich gcéad méidheadh fear, san sruth so ro shileasdair  
Connla comhdhalta Lughaidh, ro ba taoísioch é tar lear  
